

Curaclam na Bunscoile





# Ceol

## Oideachas Ealaíon

### Treoirlínte do Mhúinteoirí







BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

| | |
|---|---|
| Comhairleoir deartha: | Páirtíocht Bradley McGurk |
| Arna dhearadh ag: | The Identity Business |
| Grianghrafadóireacht: | Críostóir Mac Conmara |
| Arna chur i gcló ag: | Spectrum Print Management |
| Arna chlóbhualadh ag: | Mozzon Giuntina - Florence agus Officine Grafiche De Agostini - Novara |


© 1999 Rialtas na hÉireann

# Ceol

## Oideachas Ealaíon

### Treoirlínte do Mhúinteoirí

# Clár

Roinn 1

## An ceol i gcuraclam na bunscoile

Cad is ceol ann? 2

An ceol i gcuraclam páistelárnach 2

Roinn 2

## Ábhar an churaclaim cheoil

Bunstruchtúr agus téarmaíocht 6

Na snáitheanna ábhair agus na snáithaonaid 7

Na gnéithe ceoil 10

Roinn 3

## Pleanáil sa scoil don cheol

Pleanáil curaclaim 14

Pleanáil eagair 28

Roinn 4

## Pleanáil don cheol sa seomra ranga

Pleanáil an mhúinteora 40

Páistí a bhfuil riachtanais éagsúla orthu 42

Pleanáil aonaid oibre 44

## Roinn 5

## Cur chuige agus modhanna teagaisc


| | |
|---|---|
| Éagsúlacht sa chur chuige | 54 |
| Éisteacht agus freagairt | 55 |
| Léiriú: amhránaíocht | 72 |
| Litearthacht sa cheol: cur chuige | 91 |
| Léiriú: seinm uirlisí | 106 |
| Cumadóireacht | 112 |
| Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide | 124 |
| Ag grinnbhreathnú ar obair páistí | 126 |


## Roinn 6

## Aguisín


| | |
|---|---|
| Uirlisí ceoil atá oiriúnach do bhunscoileanna | 132 |
| Conas greim a choinneáil ar roinnt cnaguirlisí agus iad a sheinm | 134 |
| Lámhchomharthaí | 138 |
| Seicheamh a mholtar i rithim | 139 |
| Seicheamh a mholtar i séis | 140 |
| Éisteacht le ceol: cnuasach samplaí | 141 |
| Foinsí eolais le haghaidh ábhar agus gníomhaíochtaí ceoil | 148 |
| Foinsí tagartha don churaclam agus do na treoirlínte | 150 |
| Gluais | 153 |
| Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon | 156 |
| Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta | 157 |
| Buíochas | 158 |

Roinn 1

# An ceol i gcuraclam na bunscoile

# An ceol i gcuraclam na bunscoile

## Cad is ceol ann?

Ós cuid den ghnáthshaol é an ceol is annamh a scrúdaítear a nádúr agus a chuspóir. Is gníomhaíocht ilghnéitheach agus gníomhaíocht feadh saoil é a mbaineann daoine de gach aois taitneamh as. Mar chuid chomhchoiteann de gach cultúr, is iomaí foirm de cheol atá ann, is iomaí cuspóir atá leis agus is iomaí leibhéal castachta atá ann.

Meán cumarsáide neamhbhriathartha is ea an ceol inar féidir smaointe, samhlaoidí agus mothúcháin a chur in iúl trí na fuaimeanna agus trí na siombailí a roghnaítear. Foinse staire é ina léirítear comhthéacs cultúrtha agus sóisialta an ré inar cumadh é; uaireanta is féidir leis an gceol an tír, meon na ndaoine nó, fiú, smaointe duine aonair atá ina chónaí ann a léiriú.

Sa cheol bíonn daoine gafa le déanamh ceoil agus le héisteacht le ceol araon. Is slite uathúla feasa iad seo mar cuimsíonn siad tógáil patrún fuaime agus struchtúr fuaime trí léirsmaoineamh agus trí anailísiú. Gníomhaíocht chinéistéiseach is ea déanamh ceoil, freisin, a éilíonn ar an gcorp agus ar an intinn comhordú agus léirmhíniú a dhéanamh go comhuaineach.

Is é an rud is tábhachtaí ná gur ealaín é an ceol a chomhcheanglaíonn an-chuid coincheap agus teicníochtaí agus a bhaineann úsáid astu chun mothúcháin a mhúscailt, a shamhlú, a chumadh agus a léiriú. Is ar na gnéithe éisteachta, freagartha, léirithe agus cumadóireachta seo atá an curaclam bunaithe.

## An ceol i gcuraclam páistelárnach

Mar ghné amháin den éirim aigne ina iomláine agus mar bhealach speisialta feasa agus foghlama, is cuid riachtanach den churaclam páistelárnach é ceol. Tugann gníomhaíocht ceoil dúshlán an pháiste gníomhú ar bhealaí uathúla: éisteacht go géarchúiseach lena c(h)eol féin agus le ceol daoine eile, canadh, seinm nó léamh go híogaireach agus go cruinn, agus meastóireacht a dhéanamh go criticiúil. Trí mheán na ndúshlán seo cuireann an ceol le forbairt feasachta ar ealaín, le forbairt féinléirithe, fáis phearsanta agus féinmheasa, agus le forbairt íogaireachta ilchultúrtha agus, dá thoradh sin go léir, le forbairt fhoriomlán an pháiste.

Gné thábhachtach den cheol sa churaclam is ea an tslí ina gcuireann sé le forbairt phearsanta, shóisialta, mheabhrach agus fhisiceach an pháiste. Baintear comhordú intinne agus coirp amach trí ghníomhamhráin a chanadh, trí chluichí amhránaíochta a imirt, trí rithimí a chniogadh, trí bheith ag bogadh le ceol agus ag seinm in am, agus bheith ag éisteacht le daoine eile, ag leanúint treoracha nó ag léamh nodaireachta ag an am céanna.

Cothaítear cumas cainte trí obair a dhéanamh le fuaimeanna gutha trí chantaireacht, trí rainn agus amhráin a chanadh, trí bheith ag tástáil le fuaimeanna gutaí agus consan agus trí fhoghlaim conas an t-análú a rialú. Cuireann taithí ar raon leathan amhrán, ina mbíonn focail, cora cainte

agus nathanna cainte nua, le forbairt teanga. Úsáidtear agus forleathnaítear na focail seo i bhfreagairt do cheol agus i gcur síos ar fhuaimeanna a chloistear, ar mhothúcháin a bhraitear, nó ar scéalta a insítear.

Déantar cúram ar leith d'fhorbairt na scileanna éisteachta, gné chriticiúil de gach saghas foghlama, trí iniúchadh fuaime agus trí fhuaimeanna an imshaoil a aithint agus a idirdhealú, agus déantar íogaireacht do shaothair cheoil a fhorbairt sa chaoi sin. Leagtar béim ar scileanna éisteachta, freisin, i ngníomhaíochtaí léirithe agus cumadóireachta—gníomhaíochtaí ina ndéantar an 'éisteacht inmheánach' (nó smaointeoireacht i bhfuaim) a fhorbairt.

Is tríd an léiriú a dhéantar forbairt ar an gcuimhne fhadtéarmach agus ar an gcuimhne ghearrthéarmach araon den chuid is mó, cé go dtarlaíonn an fhorbairt seo i gcomhthéacsanna eile chomh maith. Déantar forbairt ar an gcuimhne ghearrthéarmach i ngníomhaíochtaí ceoil ar nós amhránaíochta macalla agus bualadh bos, agus is cabhair é amhráin, rainn nó cluichí a chur de ghlanmheabhair chun cumas na cuimhne fadtéarmaí a fhorbairt.

Tarlaíonn deiseanna ar an tsamhlaíocht a fhorbairt ar shlite uathúla sa churaclam ceoil—trí bheith ag éisteacht le saothair aithnidiúla agus le saothair neamhaithnidiúla ceoil, trí bheith ag éisteacht le fuaimeanna go hinmheánach, trí phictiúir nó scéalta fuaime a chruthú, agus trí mhothúcháin a léiriú i bhfuaim. Cuireann an cineál seo oibre samhlaíche le feasacht spásúlach a fhorbairt freisin, is é sin cumas na hintinne ar an domhan amhairc a aireachtáil go cruinn, ar shamhlaoidí meabhracha de rudaí fisiceacha a chruthú agus ar éagsúlacht a aithint i rudaí.

Ós gníomhaíocht chomhoibritheach idirphearsanta é ceol leanann forbairt scileanna sóisialta ó na tionscadail léirithe agus ó na tionscadail chumadóireachta a chleachtar i ngrúpaí, tionscadail ina roinneann na páistí smaointe, uirlisí nó scileanna áirithe ar a chéile. Soláthraítear deiseanna ar scileanna feadh saoil ceannaireachta a fhorbairt freisin, agus cothaítear cumarsáid bhriathartha agus cumarsáid neamhbhriathartha. Cuireann ceol le féinmheas an pháiste trí ligean dó/di daoine a fheiceáil ag léiriú measa ar a p(h)íosaí cumadóireachta féin agus ag baint taitnimh astu. Cuireann ceol lena f(h)éinmheas, freisin, trí ligean dó/di bheith rannpháirtíoch i gcluichí amhránaíochta, in amhráin, i rincí agus i léirithe grúpa—imeachtaí ina mbíonn an cion a chuireann gach duine leis an saothar riachtanach chun go n-éireoidh leis an ngrúpa féin.

Cuid dhílis den churaclam páistelárnach is ea an ceol, ní hamháin toisc go saibhríonn sé an fhoghlaim sna hachair léinn eile ach toisc go gcuireann sé le tuiscint an pháiste dá d(h)aonnacht féin, ag múineadh dó/di áilleacht a aithint, bheith íogair don domhan ina bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí agus meas níos mó a bheith aige/aici air.


Tugtar aitheantas sa cheol don taitneamh a ghabhann le heispéiris i gcomhar le daoine eile

Roinn 2

# Ábhar an churaclaim cheoil

# Ábhar an churaclaim cheoil

## Bunstruchtúr agus téarmaíocht

### Leibhéil

Tá ábhar an churaclaim cheoil leagtha amach ina cheithre leibhéal: ranganna naíonán, ranganna 1 agus 2, ranganna 3 agus 4, agus ranganna 5 agus 6.

### Snáitheanna ábhair

Cuirtear an t-ábhar i láthair ina thrí shnáithe ag gach leibhéal:

- *Éisteacht agus freagairt*
- *Léiriú*
- *Cumadóireacht.*

### Snáithaonaid


Laistigh de gach snáithe eagraítear an t-ábhar ina shnáithaonaid, a chuireann deis ar fáil ar bheith ag éisteacht le ceol agus ag freagairt dó, ar bheith ag canadh agus ag casadh ceoil, ar bheith ag léamh agus ag scríobh ceoil, agus ar bheith ag déanamh ceoil nua.

### Na gnéithe ceoil

Cuirtear na gnéithe ceoil i láthair go céimnithe ag gach ceann de na ceithre leibhéal. Tugann siad deis don mhúinteoir agus don pháiste araon ar bheith ag smaoineamh agus á n-iompar féin go ceolmhar le linn dóibh bheith i mbun snáitheanna an churaclaim.

### Nádúr comhtháite an cheoil

Cé go dtugtar *Éisteacht agus freagairt*, *Léiriú* agus *Cumadóireacht* mar thrí achar sa churaclam, ní réimsí ar leith iad. Is gníomhaíocht riachtanach í an éisteacht sa léiriú agus sa chumadóireacht araon, agus, cinnte, is féidir go spreagfaidh an fhreagairt éisteachta féin léiriú nó cumadóireacht ag céim eile. Mar an gcéanna, agus é/í ag seinm, éistfidh an t-oirfideach leis an gceol a bhíonn á sheinm aige/aici agus déanfaidh sé/sí cáilíochtaí lanléiritheacha agus teicneolaíocha an cheoil agus comhdhéanamh na cumadóireachta a mheas. Níos faide anonn, is féidir go nglacfaidh sé/sí le cur chuige den saghas céanna agus é/í ag tobchumadh, ag cóiriú nó ag cumadh píosa nua ceoil.




Is iad coincheapa comhghaolmhara na héisteachta agus na freagartha, an léirithe agus na cumadóireachta a chomhdhéanann an curaclam ceoil

# Na snáitheanna ábhair agus na snáithaonaid

Snáithe: *Éisteacht agus freagairt*

Snáithaonaid:

- Iniúchadh fuaimeanna
- Éisteacht le ceol agus freagairt dó

## Éisteacht agus freagairt

Is follasach an bhéim nua atá sa snáithe *Éisteacht agus freagairt* ar raon agus ar dhoimhneacht na n-eispéireas éisteachta a mholtar ag gach leibhéal ranga, agus ar raon na héagsúlachta sa fhreagairt. Spreagtar an páiste le raon d'fhoinsí fuaime a iniúchadh agus le bheith ag éisteacht leo—idir ghnáthfhuaimeanna tí, raon de chnaguirlisí agus d'uirlisí séiseacha, agus cheol a bhaineann le stíleanna agus le traidisiúin ar nósanna éagsúla. Tá tús áite ina measc seo ag ceol na hÉireann agus ag ceol tíre ó chultúir eile, chomh maith le ceol clasaiceach agus le ceol pobail. Cé go bhfuil sé de réir nádúr na bpáistí is óige freagairt do cheol tríd an ngluaiseacht agus sin a dhéanamh gan smaoineamh air, cuirtear béim ar thábhacht na freagartha trí ghluaiseacht ag gach leibhéal ranga. Tugtar roinnt mhaith eiseamláirí a léiríonn slite éagsúla chun tabhairt faoi éisteacht agus faoi fhreagairt, agus leathann cuid acu seo isteach sna gníomhaíochta léirithe agus cumadóireachta—gníomhaíochtaí ina spreagtar an páiste le bheith ina (h)éisteoir gníomhach agus é/í ag seinm a c(h)eoil féin, á thobchumadh, nó á chóiriú.

Is féidir go dtabharfaidh an múinteoir spriocanna don pháiste chun a (h)éisteacht a dhíriú go sainiúil ar an dá shnáithaonad 'Iniúchadh fuaimeanna' agus 'Éisteacht le ceol agus freagairt dó'. Uaireanta ciallaíonn 'éisteacht le' go mbíonn an páiste ag faire amach do struchtúr, do ghné áirithe nó d'idé ghaolmhar agus is féidir an saghas seo éisteachta a áireamh mar éisteacht atá níos gníomhaí ná 'éisteacht le' sa ghnáthchiall, ar féidir é a mheas mar rud atá níos éigníomhaí.

Sa snáithaonad 'Éisteacht le ceol agus freagairt dó', d'fhéadfadh an múinteoir leas a bhaint as ceol taifeadta mar sprioc éisteachta don pháiste, ach ní miste a mheabhrú go mbainfeadh an páiste an-leas as éisteacht le ceol beo chomh minic agus ab fhéidir. Cuirfidh raon na mbealaí inar féidir leis an bpáiste freagairt don cheol (trí ghotha, trí ghluaiseacht, trí chaint, agus trí fhoirmeacha scríofa nó grafacha, mar shampla) ar a c(h)umas gaol gníomhach a bhunú leis agus spreagfar é/í chun lán aire a dhíriú ar an gceol i rith na tréimhse éisteachta.

Snáithe: *Léiriú*

Snáithaonaid:

- Amhránaíocht
  - —amhránaíocht aoncheoil
  - —páirtamhránaíocht shimplí
- Litearthacht
- Seinm uirlisí

## Léiriú

Sa snáithe *Léiriú* leagtar béim ar a thábhachtaí agus atá sé ceol a dhéanamh go gníomhach mar mhodh chun tuiscint ar cheol a fhorbairt, ag tosú leis an nguth agus níos faide anonn ag cur uirlisí san áireamh. Leagtar béim sa snáithe seo, chomh maith, ar thábhacht taithí ar raon leathan de ghníomhaíochtaí ceoil a bheith ag an bpáiste sula dtionscnaítear litearthacht sa cheol. Sa dá shnáithaonad: 'Amhránaíocht' agus 'Seinm uirlisí' cuirfear deiseanna ar fáil do na páistí ar cheol a dhéanamh—duine ar dhuine, mar bhaill de ghrúpa, nó sa rang iomlán.

## Litearthacht

- rithim
- tuinairde
- rithim agus tuinairde

Is é cuspóir an chur chuige a nglactar leis sa churaclam ceoil ná tógáil ar bhealaí éagsúla ar an amhránaíocht—an ghné is coitianta de dhéanamh ceoil. I dtosach, déantar na gnéithe ceoil a fhorbairt trí raon leathan de ghníomhaíochtaí—buille cothrom a chniogadh in éineacht leis an amhránaíocht, an tuinairde ag dul ó ard go híseal nó a mhalairt a thaispeáint, an luas a aireachtáil a bheith tapa nó mall, nó an leibhéal dinimice a aireachtáil a bheith glórach nó bog. Ba chóir go mbeadh na gníomhaíochtaí sin ag éirí níos deacra de réir a chéile. Sa dara háit, déantar cianullmhú chun páirtamhránaíocht shimplí a thionscnamh i ranganna 3 agus 4 trí ghníomhaíochtaí simplí a chleachtadh sna ranganna sóisearacha—gníomhaíochtaí a chuimsíonn gnéithe mar bhuille, rithim, dhinimic, luas agus mar sin de. Faoin am a bheidh na páistí i ranganna 5 agus 6 beidh taithí acu ar an amhránaíocht in an-chuid bealaí spreagúla agus bainfidh siad taitneamh as dúshláin bhreise na páirtamhránaíochta fad a bheidh siad ag iarraidh cáilíocht níos lanléirithí a aimsiú ina gcuid amhránaíochta.

Is é an tríú tionscnamh nua agus an tionscnamh is tábhachtaí i snáithe an léirithe ná litearthacht an cheoil a bheith á háireamh mar chuid dhílis den amhránaíocht. Tugtar ciall nua do na foinn shimplí a d'fhoghlaim agus a chleacht na páistí sna ranganna sóisearacha nuair a threoraítear iad, i ranganna níos sinsearaí, chun gnéithe mar rithim agus mar shéis na bhfonn seo a fhionnadh. Cé nach sonraítear idirchéimeanna ar leith, tugtar go leor eiseamláirí de phatrúin shéiseacha ar féidir iad a úsáid chun cur chuige comhtháite i dteagasc na n-idirchéimeanna a fhorbairt. Ní bhraitheann rannpháirtíocht i ndéanamh ceoil ag gach leibhéal, áfach, ar eolas ar litearthacht an cheoil nó ar líofacht inti, agus d'fhéadfadh an múinteoir clár litearthachta a reáchtáil go rathúil lámh ar láimh le cur chuige éistitheach.

Faoi mar a tharlaíonn sa snáithe *Éisteacht agu freagairt*, cuirtear tús le seinm uirlisí i ranganna naíonán le cnagadh simplí (le bloic adhmaid, le drumaí nó le triantáin, nó le hábhair cheoil a rinneadh sa bhaile ar nós croitheadóirí, mar shamplaí) chun tacú le gnéithe rithimeacha. Anuas air sin, déantar úsáid cnaguirlisí tiúnta (mar shampla, barraí clingíní nó xíleafóin) a thionscnamh lena thaispeáint conas amhrán simplí a chur in iúl i meáin dhifriúla. De réir mar a fhorbraítear scileanna éisteachta agus scileanna amhránaíochta, cuirfear ar chumas na bpáistí foinn choitianta a sheinm ar uirlis shéiseach (mar an bhfliúit Shasanach nó an fheadóg stáin) agus faoi rang 5 nó 6 beidh go leor feasa agus scile sealbhaithe acu chun tabhairt faoi fhoinn shimplí a sheinm ar a bhfeiceáil.

Snáithe: *Cumadóireacht*

Snáithaonaid:

- Tobchumadh agus cruthú
- Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

## Cumadóireacht

Is cuid lárnach den snáithe *Cumadóireacht* í an bhéim a leagtar ar fhorbairt chruthaitheacht an pháiste féin trí cheol a dhéanamh. Ar an-chuid bealaí d'fhéadfaí a mheas gurbh é snáithe na cumadóireachta an fhreagairt ab idéalaí ar phíosa ceoil a chloisfí agus an bealach ab fhearr chun tuiscint ar ghníomhaíochtaí léirithe a shealbhú. Chomh maith leis sin, sa phróiseas cumadóireachta tugtar deiseanna don pháiste cuspóir taifeadta agus nodaireachta ceoil a thuiscint: chun patrúin fhuaime a chur i dtaisce chun iad a leasú nó chun iad a aisghabháil am éigin ina dhiaidh sin, agus chun a chur ar chumas daoine eile píosaí ceoil a cumadh cheana féin a léamh agus a léirmhíniú.

Tá an-chuid tascanna simplí ann ar féidir leas a bhaint astu go héasca agus go tairbheach sa chlár ceoil chun cumadóireacht a thionscnamh. I ranganna naíonán, is féidir tobchumadh 'freagraí' rithimeacha nó séiseacha ar 'cheisteanna' a chleachtadh mar leathnú nádúrtha ar an amhránaíocht; is féidir roghnú uirlisí iomchuí chun maisíochtaí fuaime a chruthú a nascadh go rathúil le hamhráin agus le cluichí coitianta. Amhail mar a tharlaíonn i dteanga agus in achair eile ealaíne, tiocfaidh gá an pháiste lena c(h)uid smaointe a chur in iúl go neamhspleách chun cinn, céim ar chéim le forás a f(h)éinmhuiníne. Fásfaidh gníomhaíocht chumadóireachta go nádúrtha as bheith ag éisteacht le raon leathan de stíleanna agus de thradisiúin cheoil, agus as bheith ag canadh agus ag seinm. Is féidir úsáid a bhaint as nodaireacht ghrafach, as nodaireacht thionscantach, as nodaireacht shimplithe nó as nodaireacht chaighdeánach, chomh maith le taifeadadh leictreonach chun smaointe a thaifeadadh.

Na snáitheanna ábhair agus na snáithaonaid



Ag tobchumadh le huirlisí an tseomra ranga

## Na gnéithe ceoil

- buille
- ré
- luas
- tuinairde
- dinimic
- comhdhéanamh
- tondath
- uigeacht
- stíl

# Na gnéithe ceoil

Rianaítear forbairt na gcoincheap ceoil ag gach leibhéal curaclaim san aonad dar teideal 'Forbairt coincheap'. Tá na coincheapa ceoil bunaithe ar na gnéithe ceoil. Is iad na gnéithe seo bloic thógála an cheoil agus bíonn siad comhtháite lena chéile i ngach gníomhaíocht cheoil. Ní bheidh ar pháistí na gnéithe seo a chur de ghlanmheabhair, ach is fiú gach ceann acu a aonrú lena mhúineadh agus ansin teacht i dtaithí orthu ar bhealach iomlánaíoch i gcomhthéacs na héisteachta agus na freagartha, an léirithe agus na cumadóireachta.

## Buille

Is é is buille ann ná an bunbhuille nó 'cuisle' i gceol, ar féidir é a bhrath i rith aon phíosa ceoil a bhfuil buille láidir aige, i máirseáil nó i bport mar shampla. D'fhéadfadh an buille a bheith láidir nó lag, nó d'fhéadfadh buillí a bheith cruinnithe le chéile, mar shampla ina dtríonna nó ina gceathaireanna.

## Ré

Baineann ré le fad fuaime, bíodh an fad sin fada nó gearr. Déanann uirlis athshondach, ar nós ganga, fuaim fhada ach déanann bloic adhmaid fuaimeanna gearra. Is féidir fuaimeanna fada agus fuaimeanna gearra (agus, fiú, tostanna fada agus tostanna gearra) a chur le chéile i bpatrún chun rithim a chruthú.

## Luas

Is iad nádúr an cheoil, deaslámhaí an oirfidigh agus castacht na n-uirlisí a shocraíonn luas an cheoil. Is féidir mothúcháin ar nós eagla, scleondair nó suaimhnis a chur in iúl ach luas iomchuí a roghnú.

## Tuinairde

Baineann tuinairde le hairde agus le doimhneacht fuaime agus le cóiriú fuaimeanna chun séis a dhéanamh. Is coincheapa iad 'tuinairde', 'níos airde ná' agus 'níos ísle ná' a thógann roinnt ama lena sealbhú.

## Dinimic

Baineann dinimic leis an leibhéal fuaime, bíodh sé glórach nó bog. Braitheann sí ar líon na n-oirfideach a bhíonn ag glacadh páirte agus ar an bhfuinneamh á úsáidtear. Is féidir cur go mór le héifeacht na seanma trí dhinimic iomchuí a roghnú ach ní mór í a rialú go cúramach chun a raon iomlán a úsáid i gceart.

## Comhdhéanamh

Tagraíonn comhdhéanamh don tslí ina n-eagraítear píosa ceoil. Faigheann páistí óga taithí ar chomhdhéanamh agus iad an-óg trí bheith ag éisteacht le scéalta, trí bheith ag réiteach fadhbanna matamaitice nó, ag leibhéal níos simplí, trí ord a chur ar a gcuid bréagán. Bunaítear comhdhéanamh sa cheol ar úsáid a bhaint as athdhéanamh, as patrún agus as codarsnacht.

*Is iad na gnéithe ceoil na bloic thógála in aon ghníomhaíocht cheoil.*

## Tondath

Tagraíonn tondath do cháilíocht agus d'inathraitheacht fuaime. Déanann uirlisí ceoil fuaimeanna éagsúla agus ní bhíonn an fhuaim chéanna ag guthanna, fiú nuair a bhíonn na focail chéanna á rá nó á gcanadh. Téann an dóigh ina n-úsáidtear guth nó uirlis i bhfeidhm ar thondath tréitheach píosa ceoil agus spreagtar freagairt dhifriúil sa lucht éisteachta.

## Uigeacht

Baineann uigeacht le sraitheanna fuaime agus leis an gcaoi a gcuirtear fuaimeanna le chéile, ó uirlis aonréadach go líon mór foinsí fuaime ag léiriú le chéile.

## Stíl

Is é an rud atá i gceist le stíl ná cur i bhfeidhm na ngnéithe eile ceoil eile ar fad: an rogha uirlisí (tondath), an teaglaim fuaimeanna (uigeacht), an méid ina bhfuil sé tapa nó mall (luas) agus an leibhéal glóir (dinimic) lena seinntear iad, na patrúin shéiseacha (tuinairde) agus na patrúin rithimeacha (ré, buille) agus an tslí ina n-eagraítear an ceol (comhdhéanamh).

## Teagasc agus foghlaim trí na gnéithe ceoil

Ag gach leibhéal, tógann an múinteoir ar ghníomhaíochtaí éisteachta agus freagartha, léirithe agus cumadóireachta na mblianta roimhe sin, ag cuimhneamh dó/di ar na gnéithe ceoil. Mar shampla, déantar tuiscint do bhuille a fhorbairt tríd an mbuille a choinneáil trí mháirseáil nó trí chniogadh a dhéanamh, go dtí go sroichtear an pointe ag a seinneann nó ag a gcanann an páiste le buille cothrom inmheánach. Cuirtear le tuiscint an pháiste do ré trí aithris a dhéanamh ar phatrúin rithimeacha i gcantaireachtaí agus in amhráin, nó trína n-aithint nó a léiriú; chun a t(h)uisicint do luas a fhorbairt is cabhair dó/di éisteacht le ceol ina n-athraítear an luas agus freagairt dó. Is é aithris a dhéanamh ar amhráin shimplí an modh is éifeachtaí don pháiste óg chun tuiscint do thuinairde a fhorbairt. Cuidíonn sé seo leis an bpáiste tuiscint do bhuille, do ré agus do luas a fhorbairt freisin, agus is cabhair é don pháiste leibhéil iomchuí glóir agus boige a roghnú le linn dó/di na hamhráin seo a léiriú chun mothú ar dhinimic a fhorbairt. D'fhéadfaí tuiscint do chomhdhéanamh a fhorbairt trí chodanna atá i gcodarsnacht le chéile a aithint in amhrán simplí nó trí chuid a athdhéantar a aithint, mar shampla na véarsaí agus an curfá. Is é atá i gceist le tuiscint an pháiste do thondath a fhorbairt ná a chur ar a c(h)umas fuaimeanna a bhfuil difríocht shoiléir eatarthu, ar nós druma agus glockenspiel, a aithint agus iad a úsáid leo féin nó le chéile chun maisíocht áirithe fuaime a bhaint amach.

Mar thoradh ar bheith ag éisteacht le raon leathan de genres éagsúla ceoil agus bheith ag freagairt dóibh, agus ar bheith ag léiriú agus ag cumadh ceoil nua, treorófar an páiste chun a thuiscint phearsanta ar cheol agus a spéis phearsanta ann a fhorbairt; treorófar é/í, freisin, chun feasacht ar dhéanamh ceoil a fhorbairt agus chun taitneamh níos mó a bhaint as.


Cothaíonn gníomhaíochtaí ceoil mothú cumainn agus mothú aitheantais chultúrtha

Roinn 3

# Pleanáil sa scoil don cheol

# Pleanáil sa scoil don cheol

Cé gur minic a tharlaíonn gníomhaíocht cheoil go spontáineach agus gur minic a bhaineann múinteoirí agus daltaí taitneamh as ar an iliomad bealaí, is bunriachtanas í pleanáil éifeachtach chun curaclam leathan agus cothrom ceoil a chur i bhfeidhm i scoil. Amhail na n-achar eile léinn, leathann na buntáistí a eascraíonn as forbairt plean scoile sa cheol thar theorainneacha an ábhair féin amach; cuirtear le foghlaim an pháiste agus cabhraítear chun eagar níos éifeachtaí a bhunú sa scoil.

Ba chóir gur phróiseas comhoibrithe agus comhairleach í an phleanáil don cheol, próiseas a mbeadh páirt ag an bpríomhoide, ag na múinteoirí agus, de réir mar ba chuí, ag na tuismitheoirí agus ag an mbord bainisteoireachta ann. Ba chóir go ndéanfaí na saincheisteanna seo a leanas a chíoradh sula leagfaí an plean scoile amach: nádúr an ábhair, luachanna agus traidisiúin phobal na scoile, a mbeifí ag súil a d'fhoghlaimeodh an páiste, a mbeifí ag súil a mhúinfeadh an múinteoir, agus conas a d'fhéadfadh an scoil tacú leis an gcur i bhfeidhm. I ndeireadh báire, ba chóir don scoil aghaidh a thabhairt ar scóip an mheasúnaithe agus na meastóireachta a dhéanfaí ar an gceol sa scoil agus ar na modhanna a d'úsáidfí.

Scrúdaítear dhá ghné den phróiseas pleanála sa roinn seo:

- saincheisteanna pleanála curaclaim sa cheol
- pleanáil eagair.

## Pleanáil curaclaim

Áirítear iad seo a leanas ar na hábhair nár mhór iad a phlé mar chuid den phleanáil don cheol sa scoil:

### Cuspóir agus nádúr an cheoil sa scoil

Pointe tosaithe áisiúil don phlé is ea machnamh a dhéanamh ar nádúr an cheoil féin, ar a fheidhm mar chuid den churaclam leathan páistelárnach agus conas a chuireann sé le forbairt chomhchuí iomlánaíoch an pháiste agus le heolas a fháil ar a réim iomlán éirime aigne. Bíonn tionchar ag an dóigh ina sainmhínítear an ceol ar an gcinnteoireacht maidir le hábhar an churaclaim, maidir leis an gcur chuige sa teagasc agus sa mheasúnú, agus maidir le riar an ama agus le húsáid acmhainní.

*Snáitheanna, snáithaonaid agus fo-aonaid an churaclaim cheoil:*

| | |
|---|---|
| **Éisteacht agus freagairt** | • Iniúchadh fuaimeanna<br>– fuaimeanna an imshaoil<br>– fuaimeanna gutha<br>– cnagadh coirp<br>– fuaimeanna uirlisí<br>• Éisteacht le ceol agus freagairt dó |
| **Léiriú** | • Amhránaíocht<br>– amhránaíocht aoncheoil<br>– páirtamhránaíocht shimplí<br>• Litearthacht<br>– rithim<br>– tuinairde<br>– rithim agus tuinairde<br>• Seinm uirlisí |
| **Cumadóireacht** | • Tobchumadh agus cruthú<br>• Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh |

I gcéimeanna deiridh na pleanála curaclaim ba chóir go ndéanfaí deimhin de chúram ceart a dhéanamh de na gnéithe seo a leanas:

- leithne, cothromaíocht agus comhleanúnachas
- am
- cur chuige teagaisc
- saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta
- comhtháthú
- measúnú.

## Curaclam leathan, cothrom comhleanúnach

- na trí shnáithe curaclaim
- na gnéithe ceoil
- riachtanais na bpáistí
- seicheamh ó thaobh dul chun cinn agus leanúnachais
- roghnú laistigh de na snáitheanna

## Curaclam leathan cothrom comhleanúnach

Toisc go dtugtar roinnt mhaith saoirse don scoil sa churaclam ceoil maidir leis an gcur chuige don teagasc agus maidir leis an ábhar teagaisc ní mór díriú sa phleanáil ar riachtanais na scoile, ar riachtanais an mhúinteora agus ar riachtanais na ndaltaí. Ní mór a chinntiú go gcuimseofar iad seo a leanas ag gach leibhéal sa churaclam ceoil (san éisteacht agus sa fhreagairt, sa léiriú agus sa chumadóireacht)

- *na trí shnáithe curaclaim*

  Is iad na cuspóirí agus na spriocanna a rianaítear i snáitheanna an ráitis churaclaim—*Éisteacht agus freagairt*, *Léiriú*, agus *Cumadóireacht*—an bunchreat pleanála le haghaidh an churaclaim. I measc na saincheisteanna nach mór a phlé ag gach leibhéal ranga áirítear: na sleachta le haghaidh cleachtaí éisteachta, an stór amhrán, cluichí agus ceoil uirlise a mhúinfear, leithne na dtionscadal cumadóireachta, agus teicníochtaí taifeadta.

- *na gnéithe ceoil*

  Ag gach leibhéal ranga is ceart cúram a dhéanamh sa phleanáil d'fhorbairt tuiscint ar na gnéithe ceoil (buille, ré, luas, tuinairde, dinimic, comhdhéanamh, tondath, uigeacht agus stíl) mar ghnéithe den cheol a bhfuil an-tábhacht leo agus ar cóir iad a nascadh go dlúth leis na snáithaonaid, faoi mar a leagtar amach sa churaclam.

- *riachtanais na bpáistí*

  Má thugtar oideachas córasach sa cheol dóibh ó rang na naíonán sóisearach ar aghaidh, faoin am a bheidh páistí i rang 1 beidh roinnt páistí: in ann canadh i dtiún go réasúnta maith, in ann cnaguirlisí a láimhsiú go féinmhuiníneach, ag tosú ar iad féin a chur in iúl mar chumadóirí óga, agus, fiú, beidh cumas éigin acu ar cheol a léamh. Má tharlaíonn, áfach, go mbíonn siad ag brath ar thaithí theoranta ar an gceol ar feadh tréimhse fada, beidh raon an-éagsúil riachtanas orthu.

- *seicheamh sa dul chun cinn agus sa leanúnachas*

  Tagraíonn seicheamh curaclaim don phróiseas sa churaclam trína dtógtar ar na snáitheanna agus ar na gnéithe agus trína ndéantar iad a leathnú. I ngach eispéireas nua foghlama, déantar deimhin de go mbaintear úsáid as an eolas a bhíonn ag an bpáiste roimh ré mar bhunsraith chun scileanna, chun coincheapa nó chun dearcadh níos casta a mhionscrúdú agus a fhorbairt go córasach. Mar shampla, baineann seicheamh sa cheol le deimhin a dhéanamh de go dtógtar an litearthacht ceoil i rang 3 ar an litearthacht ceoil ó leibhéal rang 1 agus rang 2; i ranganna sinsearacha is féidir amhráin shimplí a foghlaimíodh i ranganna naíonán a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar a ngnéithe rithimeacha agus séiseacha.

Tagraíonn leanúnachas do choincheapa nó do chur chuige coitianta curaclaim a threisiú ar fud an churaclaim. Mar shampla, ó am go chéile ba chóir go mbeadh deiseanna ag páistí ag gach leibhéal ranga éisteacht le dréachtaí coitianta ceoil mar chúlra d'eispéiris éisteachta nua.

- *roghnú laistigh de na snáitheanna*

  Cé gurb iad na cuspóirí a luaitear sna trí shnáithe bunchreat an churaclaim ag gach leibhéal, cuireann na heiseamláirí a thugtar sa chló iodálach ar fud na cáipéise deis ar fáil don mhúinteoir roghnú a dhéanamh; agus é mar chuspóir aige/aici toradh ar leith foghlama a bhaint amach is féidir leis an múinteoir na heiseamláirí is oiriúnaí, dar leis/léi (nó fiú cinn eile nach bhfuil ar an liosta in aon chor), a roghnú. Ó thaobh na modheolaíochta de, b'fhéidir go mbeadh fonn ar an múinteoir dul i muinín cur chuige ar éirigh go geal leis roimhe sin, nó, cur chuige níos nua a roghnú chun a c(h)uid teagaisc a bheochan. Is cóir go mbeadh polasaí maidir leis an méid saoirse a thabharfaí do gach múinteoir agus maidir leis an méid ionannais a lorgófaí ó thaobh ábhair theagaisc agus chur chuige de ina ghné shuntasach de phlean scoile.

## An méid ama don ábhar

Ós rud é gur féidir an-chuid gníomhaíochtaí fiúntacha ceoil a dhéanamh laistigh de thréimhse ama cuibheasach gearr, is tábhachtaí cáilíocht na taithí foghlama i gceacht ceoil ar bith ná an méid ama a thugtar dó. Dá bharr seo, bíonn pleanáil rí-thábhachtach nuair a bhíonn am á dháileadh ar ghníomhaíochtaí ceoil. Ós rud é go mbeidh cur chuige comhtháite in úsáid go forleathan ag gach leibhéal den bhunscoil, tá sé níos tairbhí smaoineamh ar an am a dháiltear ar an gceol agus ar achair eile ealaíne i rith tréimhse réasúnta fada, mí nó téarma mar shampla, agus deiseanna le haghaidh comhtháthaithe a aithint i bhfad roimh ré.

B'fhéidir freisin, go gcinnfeadh múinteoirí ar an méid ama go léir a bheadh ar fáil don oideachas ealáine i dtréimhse áirithe a dhíriú ar ghné amháin. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh an obair dírithe ar dhamhsa ar feadh coicíse nó trí seachtaine, le fócas ar éisteacht le ceol; leanfadh tréimhse ina dhiaidh sin ina mbeadh an fócas ar na hamharcealaíona den chuid is mó (déanamh cnaguirlisí, mar shampla) nó ar dhrámaíocht (cumadh agus seinm ceoil chun scéal a chur in iúl, mar shampla).

## Cur chuige don teagasc

Is féidir difríochtaí móra a bheith ann ó scoil go scoil agus ó rang go rang sa chur chuige do theagasc ceoil. Baineann páistí leas mór as na buanna difriúla atá ag múinteoirí éagsúla, mar shampla trí mháistreacht a shealbhú ar an bhfeadóg stáin a sheinm nó trí léirthuiscint do genres de thaifeadtaí ceoil a shealbhú. Sa phleanáil scoile ní mór suntas a thabhairt don raon éagsúlachta i dteagasc an cheoil—chun leanúnachas a dheimhniú áit a mbíonn obair fhiúntach ar siúl agus chun tacaíocht a chur ar fáil áit a léirítear laigí.

Ba chóir teacht ar chinneadh ag leibhéal na scoile ina hiomláine faoin gcineál cur chuige a nglacfaí leis in achair thábhachtacha mar:

- litearthacht sa cheol (mar shampla an cineál nodaireachta le húsáid sa scoil)
- obair uirlise (mar shampla an cineál uirlise séisí a úsáidfí agus an leibhéal ranga ab oiriúnaí lena tionscnamh)
- ábhar iomchuí amhránaíochta agus éisteachta.



## Saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta

Mar chuid den phleanáil don cheol sa scoil, ba chóir smaoineamh ar na saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta seo a leanas:

- na dainséir do pháistí agus iad ag bogadh thart sa seomra ranga a bhíonn faoi cheilt i dtroscán nó i bhfearas éadaingean
- an chóiríocht stórála le haghaidh trealaimh, chomh maith le saincheisteanna sábháilteachta nuair a bhíonn an trealamh sin á fháil agus á iompar
- aerú an tseomra ranga
- an méid spáis a bheadh ar fáil do pháistí chun suí agus chun seasaimh ann (mar shampla nuair a bhíonn obair chórúil nó obair uirlise ar siúl acu).

## Comhtháthú

Is modh éifeachtach teagaisc é páistí a bheith i mbun gníomhaíochta a chuimsíonn roinnt cuspóirí as achair d'ábhair léinn éagsúla, agus is prionsabal tábhachtach sa churaclam é an modh sin a chleachtadh. D'fhéadfadh téamaí comhtháite bheith an-spreagúil do pháistí agus d'fhéadfaidís sin an-sásamh a bhaint as bheith ag obair orthu. Bíonn cur chuige den saghas seo an-éifeachtach i suímh ilrangacha i scoileanna beaga.



Is féidir go mbeadh uirlis thraidisiúnta ar nós an bhodhráin ina spreagthach le haghaidh iniúchta fuaime, le haghaidh éisteachta le ceol agus freagrtha dó, agus le haghaidh tobchumadh agus cumadóireachta ceoil

Agus cur chuige comhtháite á bheartú ba cheart a dheimhniú

- gur chomhpháirt shuntasach den staidéar é an ceol agus go mbeadh an ceol sin ag teacht leis an gcuraclam. Mar shampla, nuair a bheadh amhrán a d'oirfeadh do théama á roghnú ba chóir go ndéanfadh an múinteoir deimhin de go mbeadh raon na nótaí agus na bhfocal san amhrán oiriúnach do na páistí freisin
- go gcuimseofaí líon inláimhsithe de shnáitheanna nó d'ábhair léinn.

Is féidir go ndéanfaí comhtháthú ar roinnt bealaí. I ráiteas an churaclaim tagraítear do cheangail laistigh den cheol féin mar nascadh agus tugtar comhtháthú ar na cónaisc a tharlaíonn idir an ceol agus achair d'ábhair léinn eile.

## Nascadh sa cheol

I ngeall ar an gcomhghaol atá idir na trí shnáithe sa churaclam—*Éisteacht agus freagairt, Léiriú* agus *Cumadóireacht*—oireann siad go breá don fhoghlaim chomhtháite, agus cuireann an saghas sin foghlama go mór leo. Mar shampla, d'fhéadfadh tobchumadh sa snáithe *Léiriú* eascairt go cruinn díreach as an snáithaonad 'Iniúchadh fuaimeanna' sa snáithe *Éisteacht agus freagairt*, agus d'fhéadfadh obair ag céim an taifeadta sa snáithe *Cumadóireacht* cur leis an snáithaonad 'Litearthacht'. Mar an gcéanna, is féidir le píosa amháin de cheol gutha taifeadta bheith ina spreagthach chun éisteachta, ina spreagthach chun freagartha agus ina spreagthach chun léirithe tríd an amhránaíocht a thionlacan, agus ina spreagthach chun cumadóireachta trí cheol nua, bunaithe ar an gcomhdhéanamh céanna, a chumadh.

## Comhtháthú le hachair eile de na healaíona

Is féidir go leor de ghnéithe lánléiritheacha agus de ghnéithe samhlaíocha na n-achar eile de na healaíona a chomhlánú trí obair chruthaitheach sa cheol. Chomh maith leis sin, is féidir spreagthaigh éistitheacha a úsáid chun cur le hiniúchadh coincheap. Is féidir coincheapa ar nós líne, cruth agus gréasáin sna hamharcealaíona a léiriú tríd an gceol, toisc gur féidir leis an gceol, ar nós na líne, bheith preabach, tonnúil, réidh nó briste. Mar an gcéanna, is féidir coincheapa ceoil ar nós luais nó dinimice a chur in iúl trí línte fada nó gearra a úsáid nó trí úsáid línte nó cruthanna dorcha agus geala a úsáid, faoi seach. D'fhéadfaí forbairt scéimre phearsanta, is é sin córas sna hamharcealaíona ina léirítear an domhan i bpictiúir agus i siombailí, a nascadh le forbairt na siombailí grafacha sa chumadóireacht. Is féidir leis an gceol samhlaoidí éagsúla a chur in iúl do pháistí difriúla freisin, agus sa snáithe *Éisteacht agus freagairt* tugtar eiseamláirí de bhealaí ina bhféadfadh páistí a bhfreagairt do cheol a léiriú trí na hamharcealaíona.

Is féidir téamaí sa cheol, go háirithe sa réimse cumadóireachta, a iniúchadh trí dhamhsa, trí dhrámaíocht agus trí ghleacaíocht. D'fhéadfaí ceol coitianta as an gclár éisteachta a úsáid sna gníomhaíochtaí beochana sa chorpoideachas, agus d'fhéadfadh cnuasach d'amhráin tíre nó d'amhráin cois tine campa cur le gníomhaíochtaí allamuigh.

## Comhtháthú le hachair d'ábhair eile

### *Teanga*

Iarrann gach leibhéal den churaclam ceoil ar an bpáiste éisteacht le ceol agus freagairt dó ar bhealaí éagsúla. Beidh cur síos ó bhéal ina ghné rialta, agus is féidir leis an múinteoir an deis a thapú chun foclóir an cheoil agus stór focal an pháiste a leathnú in achair eile nuair a fhreagraítear don cheol. Cuireann amhráin focail agus nathanna cainte nua ar fáil láithreach don pháiste, go háirithe amhráin i nGaeilge nó i dteangacha na Mór-Roinne. Déanann cur síos an pháiste ar phróiseas na cumadóireachta, bíodh sé ó bhéal nó scríofa, breis deiseanna ar fhorbairt teanga a chur ar fáil.

### *OSIE*

D'fhéadfadh na páistí léargais ar chultúir eile a fháil tríd an gceol. Chun go dtuigfí foinse dréachta áirithe ceoil i gceart, ba chóir go mbeadh roinnt tuisceana ag na páistí ar an ré, ar an áit agus ar an bpobal lena mbaineann sé. Bíonn ceangal nádúrtha ann idir aithint na gcuspóirí ceoil, mar shampla chun misneach, eagla, ríméad nó brón a mhúscailt, agus na scileanna, coincheapa agus meonta atá i gclár na staire ag an leibhéal áitiúil, ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal idirnáisiúnta.

Iniúchadh fuaime a naisceann an ceol leis an eolaíocht. Sa cheol, is í an fhuaim an t-ábhar amh a spreagann éisteacht, déanamh agus cumadh ar bhealach ealaíonta. San eolaíocht, is foirm fuinnimh le fiosrú agus le míniú í fuaim. Bíonn smacht ar an bhfuaim ag teastáil sa dá achar chun í a mhúnlú, chun í a úsáid go lánléiritheach agus chun í a úsáid mar fhoirm idirghníomhaíochta.

### *Matamaitic*

Bíonn nasc ag an-chuid gnéithe de chlár an cheoil le gníomhaíocht sa mhatamaitic. Le linn dóibh bheith ag obair sa cheol le fuaimeanna, le patrúin agus le heagrú, bíonn páistí i mbun próiseas matamaiticiúil, go díreach mar a bhíonn siad agus iad ag obair le coirníní, le bloic agus le rudaí eile. Is féidir le gníomhaíochtaí éisteachta agus taifeadta araon an chomhfhreagairt aon le haon a fhorbairt. Tharlódh go bhfásfadh tuiscint fho-chomhfhiosach do chodáin sna ranganna naíonán as scileanna simplí rithimeacha a thabhairt isteach (buillí lána agus leathbhuillí), agus sna ranganna sinsearacha chuirfeadh teaglamaí ní ba chasta de phatrúin agus de luachanna i rithim le hobair ar chodáin, ar dheachúlacha agus ar uimhreacha.

## Comhtháthú ar fud na leibhéal ranga

D'fhéadfadh an clár ceoil freastal ar riachtanais na múinteoireachta il-leibhéil ar mhórán bealaí. In achar an léirithe, is féidir le páistí níos sine cabhrú le páistí óga nuair a bhíonn siadsan ag foghlaim conas a nguth amhránaíochta a úsáid, conas mothú airde a fhorbairt nó conas uirlisí an tseomra ranga a láimhsiú. Ar a sheal, is as seo a fhásfaidh iniúchadh na ngnéithe rithimeacha agus na ngnéithe séiseacha atá in amhráin nó i bpatrúin tionlacain na bpáistí is sine. Is féidir le grúpaí de na páistí is sine agus de na páistí is óige araon gníomhú mar bhaill ghníomhacha den lucht éisteachta ag léirithe a chéile, ag éisteacht le hamhránaíocht, le léiriú nó le tobchumadh a chéile le spéis, agus ag tairiscint idir fhreagraí dearfacha, mholtaí dearfacha agus spreagadh dearfach.

## Téamaí comhtháite

D'fhéadfaí téamaí bunaithe ar scéal, ar úrscéal nó ar ghné den OSIE a roghnú le haghaidh comhtháthaithe ar mhórán bealaí. D'fhéadfadh go gcuimseofaí codanna as an-chuid achar d'ábhair éagsúla i dtéama ar nós 'eitilt' nó 'turais'. Bíonn an cur chuige seo an-áisiúil i ranganna sóisearacha, go háirithe nuair a thugann an scoil ar fad faoi théama áirithe ar feadh roinnt seachtainí.

Moltar téamaí do ranganna sóisearacha agus sinsearacha sna leathanaigh seo a leanas.

# Eiseamláir 1

## Téama comhtháite do ranganna sóisearacha

### Bróga

#### Scéalta

- 'Na Leipreacháin agus an Gréasaí'
- 'Na Trí Ghabhar'
- 'Alfie's Feet' le Shirley Hughes'

#### Amhráin

- 'Tic Teaic Tiú'
- 'Bhí Leipreachán ina Shuí faoin gCrann'
- 'Bróga ar mo Chosa'
- 'Peter Hammers'

#### Teanga

stór focal tuairisciúil, m.sh. tiubh, tanaí, trom, éadrom; bróga siúil, sála arda, buataisí rubair, buataisí dreapadóireachta, bróga reatha, cuaráin; Velcro, iallacha, búclaí

#### OSIE

cosa a choimeád glan,

iallacha a cheangal,

fanacht te,

toisí agus stíleanna éagsúla bróg

#### Na hamharcealaíona

- priontaí a dhéanamh: patrúin ó bhoinn seanbhuataisí rubair
- líniú ó bhreathnóireacht: mo bhróg (rang 1-3)
- bróg a dhearadh
- bróg a dhéanamh i gcré
- líníochtaí ó scéalta agus ó amhráin

#### Fuaimeanna a iniúchadh

fuaimeanna do chasúireacht, d'fhuáil, do shiúl, do rith, do spágáil;

fuaimeanna glóracha agus boga casúireachta;

guth ard agus íseal, leipreacháin agus an gréasaí

# Eiseamláir 2

## Téama comhtháite do ranganna sinsearacha

# An Geimhreadh

### Teanga

*Filíocht*

- ‘Sneachta’ le Mícheál Ó Donncha
- ‘Eanáir Gruama Dorcha Duairc’—traidisiúnta
- ‘Stopping by Woods on a Snowy Evening’ le Robert Frost

### Amhránaíocht

- ‘Walking in the Air’ le Howard Blake
- ‘In the Bleak Mid-Winter’
- ‘Walking in a Winter Wonderland’

### Éisteacht agus freagairt

- ‘An Geimhreadh’ as Na Ceithre Shéasúr le Vivaldi
- ‘An Geimhreadh’ as Na Séasúir le Glazunov
- ‘Waiting for the Hurricane’, á léiriú ag Chris de Burgh

### Na hamharcealaíona

- ag tástáil le dathanna teolaí agus le dathanna fionnuara
- gréasán a dhéanamh le calóga sneachta
- ag péinteáil ó bhreathnóireacht: ag féachaint go grinn ar dhuilleog sheaca, ar líontán damháin alla
- greamanna éagsúla a dhéanamh le holann d’uigeachtaí éagsúla
- féach chomh maith Eiseamláir 3, ‘An aimsir’ agus Eiseamláir 15, ‘An geimhreadh’ sna Treoirlínte do Mhúinteoirí sna hAmharcealaíona

### Fuaimeanna a thaiscéaladh

- uirlisí a dhéanann fuaimeanna fuara, m.sh. miotal: xíleafón, barraí clingíní, ag bualadh de bhuailteoir crua nó bog
- fuaimeanna teolaí, m.sh. nótaí láir ar phianó
- fuaim shéimh mhéarchláir

### OSIE: Stair

- an geimhreadh ab fhuaire inár gceantar
- scéalta a d’inis ár dtuismitheoirí agus ár seanaithreacha nó seanmháithreacha faoin ngeimhreadh agus iad ina bpáistí

### Tíreolaíocht

- teocht sa gheimhreadh
- an contae ina mbíonn an teocht is ísle sa gheimhreadh
- breoslaí sa gheimhreadh; saincheisteanna imshaoil

### Eolaíocht

- cad a tharlaíonn d’uisce nuair a reonn sé?
- conas a dhéantar coinlíní reo?
- cad a tharlaíonn d’uisce reoite nuair a théitear é?

## Uirlisí measúnaithe sa cheol

- dírbhreathnú an mhúinteora
- tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir
- samplaí oibre agus bailiúcháin
- tionscadail
- próifílí curaclaim

## Polasaí measúnaithe a fhorbairt

Bíonn measúnú ar siúl an t-am ar fad ag ceoltóirí de gach cineál. Éisteann siad go criticiúil lena léiriú féin agus le léirithe daoine eile, ag lorg bealaí chun feabhas a chur ar cháilíochtaí lánléiritheacha nó ar cháilíochtaí teicniúla a gcuid oibre. Nuair a bhíonn ceol á dhéanamh sa seomra ranga cuimsítear an measúnú mar chuid nádúrtha den phróiseas teagaisc agus foghlama fad a bhíonn na múinteoirí agus na daltaí ag iarraidh cur lena gcuid eolais, lena scileanna agus lena dtuiscint ar phróisis an cheoil agus ar an gceol féin. Cuirfear go mór le polasaí iomlánaíoch na scoile faoi mheasúnú trí shaincheisteanna mar conas breathnóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an dalta sa cheol, conas an dul chun cinn sin a thaifeadadh agus conas é a chur in iúl, a phlé agus a shoileiriú. Fásfaidh tuiscint níos iomláine ar an gcur chuige, ar na cuspóirí agus ar na saincheisteanna eile a bhaineann le measúnú sa cheol agus in achair eile an churaclaim as an bplé agus as an soiléiriú seo.

### *Cuspóirí an mheasúnaithe*

Is iomaí feidhm is féidir a bheith leis an measúnú, ach den chuid is mó tá gá leis mar chabhair chun na hathruithe ba chóir a dhéanamh sa teagasc a aithint, agus mar chabhair chun cinneadh a dhéanamh faoi ullmhacht an pháiste don chéad aonad foghlama eile. Is iad seo a leanas cuspóirí an mheasúnaithe sa cheol:

- riachtanais na ndaltaí a shásamh, tógáil ar a saineolas agus ar a dtuiscint agus a n-acmhainn chun ceoil a fhorbairt
- laigí i ngnóthachtáil na ndaltaí sa cheol a aithint
- an teagasc ina dhiaidh sin a threorú
- achoimre a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach go dtí seo
- breathnóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht an pháiste sa cheol agus i ndéanamh ceoil, ar a d(h)earcadh i leith ceoil agus i leith déanamh ceoil, agus iad a threorú
- bunsraith a sholáthar ar a mbunófaí idir thaifeadadh ar dhul chun cinn an pháiste agus thuairisc do thuismitheoirí agus do dhaoine gairmiúla eile
- an chinnteoireacht maidir le forbairt nó éifeacht an churaclaim a threorú.

### *Raon d'uirlisí measúnaithe*

Is féidir cuspóirí an mheasúnaithe a bhaint amach go furasta trí leas a bhaint as raon d'uirlisí measúnaithe atá an-oiriúnach do ghníomhaíochtaí ealaíne go háirithe. I measc na n-uirlisí a mholtar sa ráiteas curaclaim cuimsítear:

**Dírbhreathnú an mhúinteora**

Ceann de na bealaí is éifeachtaí chun léargas a fháil ar fhoghlaim páistí ná bheith ag breathnú orthu fad a bhíonn siad ag smaoineamh agus ag gníomhú go ceolmhar. Bunófar an bhreathnóireacht:

- ar bhreathnú ar a n-iompraíocht agus iad ag canadh, ag seinm uirlise nó ag cruthú a gceoil féin
- ar éisteacht leis na páistí agus iad ag caint faoin gceol lena raibh siad ag éisteacht.

**Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir**

Ina measc seo áirítear an líon mór tascanna, trialacha seiceála neamhfhoirmiúla agus spriocanna foghlama a cheapann an múinteoir i gcomhair na bpáistí mar chuid den ghnáth-theagasc. Is féidir iad a úsáid chun faisnéis shuimitheach ar ghnóthachtáil sa cheol a sholáthar ag deireadh aonaid oibre.

**Samplaí oibre agus bailiúcháin**

Is féidir bailiúcháin a úsáid chun gach sampla oibre, gach toradh trialach agus gach toradh foghlama sa cheol a bailíodh i rith tréimhse áirithe a chur i dtaisce. Is féidir iad a chur i láthair mar fhianaise fhaisnéiseach nó mar shamplaí chun obair a cuireadh i gcrích a léiriú. D'fhéadfaí an fhreagracht as a f(h)oghlaim agus as a m(h)easúnú féin a roinnt leis an bpáiste trí ligean dó/di samplaí oibre, torthaí athmhachnaimh agus torthaí féinmheasúnaithe a roghnú lena gcur sa bhailiúchán.

**Tionscadail**

Tugann tionscadail deiseanna do pháistí ar bheith ag obair i gcomhar lena chéile, ar scéimeanna ar an mórchóir go háirithe. Is fiú leas a bhaint astu chun measúnú a dhéanamh ar phróisis chomhtháite sa cheol.

**Próifílí curaclaim**

Taifid ar ghnóthachtáil páistí is ea próifílí curaclaim agus, go bunúsach, bíonn siad bunaithe ar chuspóirí sa churaclam. D'fhéadfadh an múinteoir iad a úsáid chun breitheanna neamhfhoirmiúla a thabhairt ar ghnóthachtáil páistí sa cheol.

*Measúnú ar aidhmeanna agus ar chuspóirí an churaclaim*

Cuimseofar na haidhmeanna agus na cuspóirí curaclaim a rianaítear sna trí shnáithe agus sna gnéithe ceoil sa chur chuige don mheasúnú. Cé go ndéanfaidh an múinteoir breathnóireacht ar na páistí i mbun gníomhaíochtaí ceoil, agus iad ina n-aonair, ina ngrúpaí nó mar rang, déanfaidh sé/sí torthaí na breathnóireachta seo a thaifeadadh do gach páiste ar bhonn aonair, rud a réiteoidh le fealsúnacht curaclaim pháistelárnaigh.

*Comhthuiscint ar chritéir mheasúnaithe*

Is beag deacracht a bhíonn ag formhór na múinteoirí obair na ndaltaí ina rang a ghrádáil nó a rangú. I gcás múinteoirí a mbeadh roinnt mhaith taithí acu ar theagasc ag leibhéal ranga áirithe, d'fhéadfadh 'caighdeán' nó tacar tnútha pearsanta dá gcuid féin a bheith ceaptha acu don aoisghrúpa sin. Chuirfeadh sé dua breise ar ghrúpa múinteoirí teacht le chéile agus oibriú i gcomhar lena chéile chun critéir mheasúnaithe a shonrú, chun caighdeán a leagan síos (modhnóireacht) agus chun samplaí oibre, bailiúcháin agus próifílí a roinnt ar a chéile. Baineann an-bhuntáistí lena leithéid sin de chomhoibriú, áfach: tuiscint níos fearr ar obair na bpáistí, agus aiseolas níos cabhraí bheith á chur in iúl do na páistí agus dá muintir, mar shampla.

*Taifeadadh agus tuairisciú: leanúnachas agus dul chun cinn*

Má tá taithí thairbheach an pháiste ar an gceol lena caomhnú ní mór córas

sásúil taifeadta agus tuairiscithe a bheith ann le haghaidh na hoibre a chuirtear i gcrích sa seomra ranga. Caithfear tuismitheoirí na bpáistí agus múinteoirí eile sa scoil a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn páistí i ngach achar den churaclam, agus ní haon eisceacht é an ceol.

### *Soláimhsitheacht an mheasúnaithe*

Ós rud é go ndéanfar measúnú ar gach páiste, beidh ar an múinteoir córas simplí a fhorbairt chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thaifeadadh; ní ceart an córas sin a bheith ró-thónáisteach. Go hidéalach, ba chóir an taifeadadh a dhéanamh ar an toirt, an tráth is mó a bheadh brí leis don mhúinteoir agus don pháiste araon. Éascóidh cnuasaigh de shamplaí oibre na bpáistí, a dtionscadail agus a bpíosaí féinmheasúnaithe, mar aon lena bpróifílí curaclaim, eagrú na hoibre seo go mór.



Ag seinm uirlisí scoile



Laistiar, ó chlé go deas: glockenspiel, agogo dúbailte adhmaid, tambóirín leathghealaí, tambór, bloc tiúilipe, cabasa

Chun tosaigh, ó chlé go deas: cloig bhó, maracaí, bloc adhmaid déthonach

## Pleanáil eagair

### Comhthuiscint chuspóra a fhorbairt do cheol

Chun ceol a fhorbairt i scoil ní mór do na páirtithe san oideachas bheith i gcomhairle lena chéile agus ag comhoibriú lena chéile. Cuidíonn dea-chumarsáid go mór chun cuspóir comhchoiteann a fhorbairt agus chun páirtíocht an bhoird bhainisteoireachta, na dtuismitheoirí agus na múinteoirí sa chinnteoireacht a dheimhniú. I rith na mblianta bunscolaíochta bíonn an-tionchar ag tuismitheoirí ar chothú spéis na bpáistí sa cheol agus ar a ndul chun cinn sa cheol.

Ní mór, freisin, tacú le múinteoirí ranga chun gur féidir leo ceol a mhúineadh, ceol a dhéanamh le páistí agus dearcadh dearfach i leith an cheoil a fhorbairt. Chuige sin tharlódh nár mhór cabhair a lorg ó eagraíochtaí lasmuigh den scoil agus nár mhór obair i gcomhar leo.

Laistigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil dó, tacóidh an bord bainisteoireachta le forbairt agus le cur i bhfeidhm an phlean scoile don cheol. Beidh dul i gcomhairle leis na páirtithe ina ghné den tacaíocht seo. Déanfaidh an bord athbhreithniú ar an gclár ceoil mar chuid dá athbhreithniú iomlánaíoch ar an bplean scoile.

Maidir le pléanáil don cheol ba chóir

- gur as cinnteoireacht dhearfa na foirne teagaisc a d'eascródh an phleanáil
- go ndéanfaí gach iarracht lánleas a bhaint as spéiseanna agus as cumas múinteoirí aonair
- go gcuirfí fíorchabhair agus fíorthacaíocht ar fáil do mhúinteoirí
- go gcinnfí ar bheartas le haghaidh na scoile chun an clár ceoil a thionscnamh de réir a chéile
- go gcuimseofaí athbhreithniú agus measúnú
- go gcinnfí conas a chuirfí an plean in iúl ina iomláine do na páirtithe in obair oideachais na scoile
- go dtacódh an bord bainisteoireachta leis an bplean, go n-éascódh sé é agus go ndéanfadh sé é a athbhreithniú.

### An príomhoide agus na múinteoirí

Is féidir leis an bpríomhoide tús a chur le forbairt na tacaíochta don cheol sa scoil trí fheasacht a chothú ar a thábhachtaí is atá an ceol mar chuid dhílis de churaclam páistelárnach. Bá chóir go ndéanfadh sé/sí deimhin de

- go dtacódh a gcomhghleacaithe laistigh den scoil agus lasmuigh di leis na múinteoirí ina gcuid teagaisc
- go gcuirfí clár ceoil i bhfeidhm sa scoil ina mbeadh cothromaíocht chuí idir gníomhaíochtaí éisteachta agus freagartha, gníomhaíochtaí léirithe agus gníomhaíochtaí cumadóireachta
- go dtabharfaí go leor ama don oideachas sa cheol i ngach rang
- go leagfaí amach clár ama i gcomhair acmhainní áirithe.

*Bíonn scileanna pleanála, ceistithe, eagraithe agus spreagtha ag an múinteoir.*

Ós rud é gur chuid dhílis de churaclam páistelárnach comhtháite é an ceol, is é/í an múinteoir ranga an duine is oiriúnaí, den chuid is mó, chun eispéiris chothroma ceoil san éisteacht agus sa fhreagairt, sa léiriú agus sa chumadóireacht a chur i láthair. Chomh maith leis an saineolas a bhíonn sealbhaithe aige/aici de thoradh a t(h)aithí ar an gcuraclam ina iomláine a theagasc, bíonn scileanna pleanála, ceistithe agus eagraithe agus scileanna chun páisití a spreagadh ag an múinteoir ranga chomh maith le tuiscint ar fhorbairt agus ar fhoghlaim páistí.

Is é ról an múinteora

- timpeallacht a chuimseodh cur chuige na scoile don cheol agus a naiscfeadh go nádúrtha leis na hachair churaclaim eile a bhunú don cheol
- clár oibre a cheapadh ina ndéanfaí gach iarracht freastal ar riachtanais na bpáistí sa rang
- raon d'eispéiris ar an gceol a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla
- obair na bpáistí a éascú agus a spreagadh agus freagairt di
- an clár a mheasúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar obair na bpáistí
- eolas ar an gclár ceoil agus ar dhul chun cinn an pháiste a chur in iúl do thuismitheoirí, de réir pholasaí na scoile
- rannpháirtíocht a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éisteachta, amhránaíochta, seanma agus tobchumtha.

Faoi mar a tharlaíonn i gcás na n-ábhar léinn eile, ní mór eagrú ginearálta theagasc an cheoil a chomhordú. D'fhéadfadh go mbeadh spéis sa cheol nó saineolas ar leith air ag ball den fhoireann, go háirithe i scoil mhór, agus d'fhéadfadh gur mhian leis/léi glacadh leis an bhfreagracht teagasc an cheoil sa scoil a eagrú. Níor ghá go mbeadh scileanna an tsaineolaí ag an mball foirne seo, ach d'fhéadfadh sé/sí a shocrú go mbeadh cabhair múinteoirí aonair a mbeadh saineolas áirithe acu ar fáil do mhúinteoirí eile. B'fhéidir gur shaineolas ar cheol córúil, ar cheol tíre na hÉireann, ar sheinm an phianó, ar thionscadail chumadóireachta a threorú, ar léirthuiscint pop-cheoil nó gur shaineolas ar theicneolaíocht a bheadh i gceist. Mar sin, is féidir go gcuimseodh an ról comhordaithe seo feidhmeanna mar

- timpeallacht dhearfach a chruthú don cheol, timpeallacht ina spreagfaí roinnt smaointe, scileanna agus acmhainní go spontáineach ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí araon agus ina dtuigfí tairbhe an chleachtais sin
- cabhair a thabhairt do chomhghleacaithe chun scéimeanna oibre a bheartú agus chun iad a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin
- eolas ar oideachas inghairme, ar thurais agus ar chuairteanna scoile nó ar imeachtaí ceoil a bhailiú agus a scaipeadh
- caoi a choinneáil ar acmhainní ceoil na scoile agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

## Trealamh bunúsach

- raon d'uirlisí den scoth
- téipthaifeadán
- uirlis thuinairde
- téipeanna agus dlúthdhioscaí
- leabhair amhrán

## Acmhainní

### *Áiseanna agus acmhainní*

Nuair a bheadh an próiseas pleanála ar siúl sa scoil ba chóir machnamh a chaitheamh ar na hacmhainní a bheadh ar fáil don cheol, ar an ionad ina gcoimeádfaí iad agus ar chlár ama le haghaidh a n-úsáide. D'fhéadfadh na rudaí seo bheith ar na hacmhainní sin

- fearas agus cláir ríomhaire, ar nós téipthaifeadán, taifeadtaí cloiste agus amharcthaifeadtaí, teicneolaíocht ríomhaire agus méarchlár
- cnaguirlisí agus uirlisí séiseacha
- leabhar do mhúinteoirí, cnuasaigh amhrán, leabhair 'smaointe' srl.

### *Trealamh bunúsach riachtanach*

Beidh trealamh bunúsach áirithe ag teastáil ó scoileanna chun an curaclam ceoil a chur i bhfeidhm agus ba chóir smaoineamh air ag céim na pleanála. Cé gur féidir an-chuid cnaguirlisí a dhéanamh as seanmhiotal, tá sé tábhachtach go mbeadh taithí ag páistí ar uirlisí den scoth a sheinm. Bheadh uirlisí a léireodh tondathanna éagsúla (cáilíochtaí fuaime) agus teicníochtaí seanma éagsúla, druma, tambóirín agus triantán, mar shampla, in aon bhunchnuasach de chnaguirlisí a mholfaí. Ba chóir go mbeadh téipthaifeadán nó seinnteoir dlúthdhioscaí den scoth ag gach scoil (i ngach seomra ranga, dá bhféadfaí), chun taifeadtaí a sheinm do na páistí agus chun a bpíosaí cumadóireachta ceoil féin a thaifeadadh freisin. Ba chóir go mbeadh uirlis thuinairde ar fáil do gach múinteoir, mar shampla gabhlóg thiúnta, feadóg thuinairde nó fliúit Shasanach.


## Foinsí tacaíochta don chur i bhfeidhm a aithint

Is féidir tacaíocht do chur i bhfeidhm an chláir cheoil a aimsiú i measc an-chuid gníomhaireachtaí sa phobal a bheadh sásta a gcuid taithí agus a gcuid saineolais a chur ar fáil do na daoine a bheidh ag baint taitnimh as an gceol amach anseo mar éisteoirí, mar oirfidigh agus mar chumadóirí. Is i measc theaghlaigh na bpáistí a thosódh scoil ar bith ag lorg tacaíochta.

## *Cion tuismitheoirí agus ghaolta na bpáistí*

### Tuismitheoirí mar oideachasóirí

Bíonn ról tábhachtach ag tuismitheoirí i gcur i bhfeidhm polasaí ceoil scoile. Ós rud é gur fearr bunsraitheanna an cheoil a leagan síos sna blianta tosaigh, bíonn an-dea-thionchar ag aon taithí ar cheol a fhaightear sa bhaile agus ba chóir é seo a spreagadh i gcónaí.



Mar an gcéanna, d'fhéadfadh na tuismitheoirí agus an páiste an taithí cheoil a fhaightear sa scoil a leathnú sa bhaile trí

- amhráin a foghlaimíodh ar scoil, nó áit éigin eile, a chanadh le chéile
- éisteacht le ceol le chéile
- imirt le fuaimeanna a 'aimsítear'.

### Tuismitheoirí agus tacaíocht leanúnach

Is gá obair na ndaltaí sinsearacha sa bhunscoil a chothú ar an mbealach céanna agus a chothaítear ceoltóireacht an pháiste óig atá ag teacht chun cinn. Tá sé tábhachtach go leanann tuismitheoirí de bhaint a bheith acu le saincheisteanna pleanála agus go gcoinnítear ar an eolas iad faoi dhul chun cinn a bpáistí ag gach céim. Is féidir le tuismitheoirí tacaíocht thairbheach a thabhairt do ghníomhaíochtaí ceoil an pháiste scothaosta trí

- tacú le héisteacht ghníomhach
- dearcadh i leith an cheoil agus dúil ann a phlé
- am agus spás a chur ar fáil don pháiste chun seinm nó tobchumadh ar uirlis a chleachtadh
- dearcadh dearfach i leith ceoil i gcoitinne agus i leith gníomhaíochtaí scoil, go háirithe, a spreagadh.

Tairgeann feidhmeanna ar dhlúthdhioscaí CD-ROM tacaíocht le haghaidh raon de ghníomhaíochtaí ceoil, agus is acmhainn den scoth iad.

**Tuismitheoirí mar éisteoirí, mar oirfidigh agus mar chumadóirí**

Is féidir le tuismitheoirí cur go mór leis an gceol i scoileanna trí fhreastal ar imeachtaí scoile nó ranga, trí bheith i ról éisteoirí criticiúla nó mar bhaill de lucht éisteachta tacúil, nó trí chuidiú le maoirseacht a dhéanamh ar ghluaiseacht na bpáistí. Ba chóir scileanna tuismitheoirí ar ceoltóirí iad a chur san áireamh chomh maith nuair a bhíonn léiriú á phleanáil nó cumadóireacht ranga á cruthú.

Faigheann tuismitheoir tuiscint níos fearr ar shaol na scoile agus ar obair na scoile de thoradh bheith ag tacú le gníomhaíocht cheoil, agus d'fhéadfadh go bhfaigheadh an múinteoir léargas ní b'fhearr ar fhorás an pháiste sa cheol agus ar a f(h)orbairt mar pháiste iomlán.



*An leabharlann áitiúil*

Is féidir le leabharlanna áitiúla tacaíocht a thairiscint do thionscadail ranga ar bhealaí éagsúla. Tá sé ag éirí níos coitianta i measc leabharlanna acmhainní amhairc agus closacmhainní a chur ar fáil, chomh maith leis na leabhair choitianta cheoil ina mbíonn eolas ar chumadóirí agus ar a gcuid saothair, agus ar uirlisí ceolfhoirneacha; d'fhéadfadh na hacmhainní closamhairc seo bheith an-luachmhar do scoileanna agus an curaclam ceoil á phleanáil agus á chur i bhfeidhm acu. Is féidir lena lán leabharlannaithe ábhar a chur ar fáil do scoileanna ar bhlociasacht. Is féidir leo, freisin, eolas a thairiscint faoi thionscnaimh ealaíne, faoi fhleánna nó faoi léachtaí speisialta a bheadh ar siúl go háitiúil nó go náisiúnta.

Chomh maith leis sin, is féidir le leabharlanna speisialta ceoil, ar nós Lárleabharlann an Cheoil i mBaile Átha Cliath nó leabharlanna na n-ollscoileanna nó na gcoláistí ceoil, eolas faoi oideachas sa cheol a sholáthar i leabhair agus in irisí ceoil agus trí raon fairsing de thaifeadtaí a choinneáil ar dlúthdhioscaí, ar chaiséid nó ar chéirníní. Cuma cén tionscadal a bhíonn á bheartú ag scoil bíonn sé tábhachtach riachtanais na scoile a phlé i bhfad roimh ré agus caidreamh a choinneáil ar siúl i rith na bliana scoile.

## *Eagraíochtaí agus cumainn cheoil áitiúla*

De ghnáth, bíonn líon mór eagraíochtaí ceoil i bpobal ar bith, pé acu pobal cathrach nó pobal tuaithe a bhíonn i gceist. I measc na n-eagraíochtaí sin bíonn roinnt grúpaí suntasacha, ar nós cumainn ceoil, ceoltóirí traidisiúnta, grúpaí amharclainne do dhamhsa agus do cheol, agus cóir agus ceolfhoirne amaitéaracha. Bíonn pátrúin cheoil eile nach mbíonn chomh feiceálach céanna ina gcónaí sa phobal chomh maith—daoine mar chumadóirí agus cheoltóirí áitiúla, mar oirfidigh agus chumadóirí ó chultúir eile, mar cheoltóirí gairmiúla as ceolfhoirne agus as racghrúpaí, amhránaithe, stiúrthóirí agus fhoilsitheoirí ceoil—ar féidir leo go léir cur le clár bríomhar ceoil.



Is féidir méarchláir a úsáid go héifeachtach sa seomra ranga chun na gnéithe ceoil a fhorbairt.

## *Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide*

### Ríomhairí agus bogearraí ríomhaireachta

Cuireann teicneolaíocht ilmheán tacaíocht ardteicneolaíochta ar fáil chun bheith ag éisteacht sa seomra ranga trí spreagadh amhairc agus trí spreagadh éistitheach araon a thabhairt do na páistí. Dearadh ríomhaire ilmheán (ina bhfuil tiomáint dlúthdhiosca, cárta fuaime, agus péire callairí nó cluasán) chun an fhuaim a chomhcheangal le samhlaoidí amhairc. D'fhéadfadh gur phictiúir, scannaín, bheochan, ghrafaicí nó chairteacha, nodaireacht chaighdeánach nó théacs iad na samhlaoidí seo. Éiríonn an-chuid páistí cleachtach ar an teicneolaíocht ilmheán trí chluichí idirghníomhacha físeáin ina measctar an bheochan le himeartas fuaime agus le ceol a imirt. Is é an buntáiste is mó dá bhfuil ag an teicneolaíocht ilmheán ná a chumas ar aird na bpáistí a ghabháil trí rudaí atá spreagúil nádúrtha a chur ina láthair.

Tá an teicneolaíocht ilmheán an-oiriúnach le haghaidh oibre aonair nó le haghaidh oibre i ngrúpaí beaga sa seomra ranga, áit ar féidir cluasáin a úsáid chun aon chur isteach ar pháistí eile a sheachaint. Bíonn páistí in ann dul láithreach go dtí aon chuid de dhréacht ceoil is maith leo, éisteacht le huirlisí éagsúla á seinm, eolas cúlra a fháil nó tabhairt faoi thomhas a bhaineann leis an dréacht ceoil trí chnaipe ar an luch a chliceáil. Tá tionscal na gclár ilmheán ag forbairt an t-am ar fad agus tá roinnt feidhmeanna ilmheán ar fáil don cheol atá oiriúnach lena n-úsáid sa seomra ranga.

**Méarchláir**

Trí mhéarchláir agus sintéiseoirí a úsáid is féidir teacht go réidh ar raon fairsing d'fhuaimeanna agus de mhaisíochtaí fuaime ar spreagthaigh agus foinsí smaointe iad chun ceol a dhéanamh go cruthaitheach. Is féidir le go leor páistí teacht orthu gan móran dua, agus in an-chuid cásanna is féidir iad a úsáid chun déanamh ceoil lasmuigh den seomra ranga a spreagadh. Is féidir an-chuid de na gnéithe ceoil—buille, luas, rithim, tondath srl.—a fhorbairt sa seomra ranga, agus stíleanna éagsúla ceoil—rap, tango, ceol dioscó nó rac-cheol, mar shampla—a iniúchadh, trí leas a bhaint as na feidhmeanna intógtha atá ag na huirlisí seo. Is féidir le múinteoirí agus le páistí a bhfuil a scileanna léirithe teoranta úsáid thairbheach a bhaint as tionlacan uathoibríoch chun toise sa bhreis a chur le hamhránaíocht nó le seinm sa seomra ranga.

*Raidió, teilifís agus físeáin*

Gach ré craolann roinnt stáisiún raidió agus teilifíse cláir cheoil a bhíonn dírithe ar an seomra ranga. Ar nós le dul chun cinn i dteicneolaíochtaí eile, déantar spreagthaigh éistitheacha agus spreagthaigh amhairc a chumasc, agus dírítear an-chuid de na cláir seo ar aoisghrúpaí ar leith. Is féidir leo deiseanna a sholáthar chun comhtháthú a dhéanamh le hábhair léinn eile. Cuireann craoltaí beo, a bhaineann úsáid as raon de na teicníochtaí agus de na hacmhainní is nuaí de ghnáth, pointe tosaithe an-spreagúil ar fáil do ghníomhaíocht sa seomra ranga. Os a choinne sin, is féidir cláir a thaifeadtar agus físeáin a cheannaítear a scrúdú ina n-iomláine roimh ré agus, mar sin, is áisiúla iad do mhúinteoirí chun gníomhaíocht chomhtháite ceoil sa churaclam a phleanáil.

### *Feiseanna, comórtais agus imeachtaí speisialta*

Cuireann go leor bailte móra agus cathracha comórtais cheoil, feiseanna, fleánna ealaíne nó mórshiúlta speisialta ar siúl chun imeachtaí ar díol suntais náisiúnta nó áitiúil iad a chomóradh. Bíonn ceolchoirmeacha, geamaireachtaí nó laethanta nó seachtainí ealaíne ag trátha éagsúla le linn na bliana scoile ag scoileanna freisin. Toisc go mbíonn siad ar oscailt don phobal i gcoitinne bíonn gach ceann de na himeachtaí seo, pé acu comórtas é nó nach ea, an-spreagúil don mhúinteoir agus do na páistí araon, de ghnáth. Agus an plean scoile don cheol á chumadh, ba chóir don fhoireann na saincheisteanna seo a leanas a chur san áireamh maidir le himeachtaí ceoil speisialta:

- ba chóir go gcuirfeadh imeachtaí speisialta le ceol an ranga agus nach dtógfaidís a ionad
- ba chóir go mbeadh deiseanna ag páistí ar bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí déanta ceoil agus ar thaitneamh a bhaint astu, bíodh na gníomhaíochtaí sin ina n-ócáidí comórtais nó ná bíodh
- ba chóir gurbh é polasaí na scoile go nglacfadh na páistí go léir, nó an líon ba mhó ab fhéidir acu, páirt iontu agus nach iad na hoirfidigh thallannacha amháin a dhéanfadh sin
- ba chóir go ndéanfaí gníomhaíochtaí ealaíne comhghaolmhara—mar shampla an gheamaireacht, an cheoldrámaíocht agus an drámaíocht—a chomhtháthú le cuspóirí na gcuraclam sna hamharcealaíona, sa damhsa agus sa drámaíocht, agus leis an gcuraclam sna hábhair léinn eile chomh maith, de réir mar ab fhéidir.

Ba chóir a mheabhrú, chomh maith, go bhféadfaí a lán de na himeachtaí seo a eagrú go sásúil sa seomra ranga féin: lá brothallach samhraidh d'fhéadfadh 'ceolchoirm am lóin', a mbeadh cuirí chuige tugtha saor in aisce do bhaill na dteaghlach, bheith chomh spreagúil le féile ar bith a d'eagrófaí lasmuigh den scoil.

### *Lárionaid oideachais agus soláthraithe eile oideachais inghairme*

Cuireann ionaid oideachais áitiúla agus gníomhaireachtaí eile tacaíocht ar fáil do scoileanna, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí ar mian leo cur lena gcuid eolais agus lena scileanna ceoil agus ar mian leo a gcuid teicníochtaí oideolaíochta agus measúnaithe a fheabhsú.

### *Oirfidigh agus léirithe gairmiúla*

Eagraíonn roinnt eagraíochtaí náisiúnta—an Ceoláras Náisiúnta, an Áirc, an Cór Aireagail Náisiúnta agus RTÉ, mar shampla—ceolchoirmeacha agus ceardlanna do mhúinteoirí agus do pháistí bunscoile. Chomh maith leis sin, le tacaíocht ó eagraíochtaí ar nós na Comhairle Ealaíon, Chumann Cheol na hÉireann agus an Music Network, is féidir léirithe le raon leathan de cheoltóirí gairmiúla a eagrú sa scoil. Cuireann scéimeanna dá leithéid sin go

mór le heispéireas ceoil na bpáistí trí dhearbhthaithí ar léirithe beo a thabhairt dóibh. Amhail imeachtaí speisialta eile, ba chóir an bhaint a bheadh ag an gclár le curaclam na scoile agus an chothromaíocht a bheadh ann idir gníomhaíochtaí scoile agus gníomhaireachtaí seachtracha a mheas nuair a bheadh pleanáil scoile ar siúl.

### *Ceoltóirí an phobail*

Is beag pobal nach mbíonn ceoltóirí áitiúla—idir cheoltóirí gairmiúla agus cheoltóirí amaitéaracha—den chéad scoth ann; d'fhéadfaidís seo cur go mór le cáilíocht, éagsúlacht agus doimhneacht churaclam ceoil na scoile trí sheinm go rialta, trí ranga nó grúpaí beaga a theagasc, trí rudaí a thaispeáint, agus trí oiliúint agus aiseolas a thabhairt.

### *Ealaíontóirí cónaithe*

Cuireann scéimeanna 'ealaíontóirí cónaithe' deis uathúil ar fáil do pháistí breathnú ar oirfideach, ar chumadóir nó ar an oideachasóir ceoil gairmiúil i mbun léirithe. Toisc go n-éilítear páirtíocht leantach ar an scoil agus ar an ealaíontóir sna scéimeanna seo, is féidir gur mó an buntáiste do na scoileanna iad ná ceolchoirmeacha nó ceardlanna aonair. B'fhéidir gur chorraitheach agus athnuachanach mar eispéireas don ealaíontóir é deis a bheith aige/aici teagmháil le fuinneamh cruthaitheach páistí. Mar an gcéanna, b'fhéidir gur bhuntáiste ollmhór feadh saoil é do na páistí ceoltóir gairmiúil a bheith ag obair i gcomhar leo agus ag glacadh leo.





*Cuireann gluaiseacht agus damhsa le tuiscint ar cheol*

Roinn 4

# Pleanáil don cheol sa seomra ranga

# Pleanáil don cheol sa seomra ranga

Tá an-chuid de na saincheisteanna a pléadh thuas i 'Pleanáil curaclaim' ar na saincheisteanna is tábhachtaí don mhúinteoir agus é/í ag pleanáil dá rang.

Sa roinn seo a leanas pléitear dhá ghné den phleanáil sa seomra ranga:

- pleanáil an mhúinteora
- pleanáil aonaid oibre.

## Pleanáil an mhúinteora

Ní mór don mhúinteoir go leor saincheisteanna a mheá chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh an phleanáil éifeachtach. Ina measc seo tá riachtanais na bpáistí, an plean scoile, am, acmhainní, saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta agus naisc thraschuraclaim.

### Riachtanais na bpáistí sa rang

Caithfidh an múinteoir na heispéiris cheoil a bhí ag na páistí cheana a chur san áireamh agus é/í ag pleanáil le haghaidh ionramháil an cheoil sa churaclam. Cinnteoidh sé seo an leibhéal ag ar chóir don mhúinteoir tosú. Agus é/í ag iarraidh riachtanais foghlama na bpáistí a shoiléiriú ag tús na bliana ba chabhair don mhúinteoir dul i gcomhairle le hiarmhúinteoir an ranga, taifeadtaí agus tuairiscí scríofa a athbhreithniú, plé leis na páistí féin, agus chomh maith leis sin, roinnt gníomhaíochtaí ceoil ina mbeadh fócas measúnaithe a chur i gcrích.

### An plean scoile sa cheol

Cuimseoidh sé seo an bunúdar leis an gceol a bheith ar chlár na scoile, aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim laistigh de na trí shnáithe, na saghsanna cur chuige a mholtar don teagasc agus don mheasúnú, na hacmhainní atá ar fáil, cláir ama, agus ábhair eile a bhaineann le polasaí na scoile. Ní mór don mhúinteoir ceann a thógáil den phlean scoile agus clár don rang á dhearadh aige/aici.

### Cur chuige teagaisc

Chun an mhodheolaíocht nó an cur chuige teagaisc a mholtar sa phlean scoile a chur i bhfeidhm caithfidh múinteoir a t(h)aithí féin orthu seo a leanas a mheas

- raon d'amhráin oiriúnacha
- ábhar éisteachta, a léiríonn raon fairsing de stíleanna, de thraidisiúin agus de réanna
- obair uirlise (mar shampla an uirlis shéiseach atá le múineadh, ag teacht le polasaí na scoile)
- litearthacht sa cheol (mar shampla an cineál nodaireachta a úsáidtear sa scoil)
- cumadóireacht chun críocha éagsúla, ag úsáid foinsí fuaime agus gnéithe éagsúla ceoil.

Ar mhaithe le múinteoirí nach bhfuil an oiread sin saineolais ar litearthacht sa cheol acu, moltar raon de ghníomhaíochtaí forásacha taitneamhacha éisteachta, amhránaíochta agus seanma uirlisí sa churaclam. D'fhéadfadh rannpháirtíocht sna heispéiris cheoil seo bheith cabhrach nuair a bheadh obair níos deacra sa litearthacht, nó in oiliúint éisteachta nó rithime, á pleanáil níos faide anonn.

*Is ceart an t-am a dháiltear ar cheol a leathadh thar roinnt laethanta in ionad é a úsáid mar bhloc amháin.*

## Am

Sa phleanáil fhadtéarmach ní mór machnamh a chaitheamh leis an méid ábhair a chuimseofar, mar shampla an líon amhrán a mhúinfear nó an raon nótaí a iniúchfar, an méid ama a thabharfar do thionscadail áirithe (leithéidí tionscadal cumadóireachta nó ceoltóirí ag teacht ar cuairt chun na scoile). Ní mór deimhin a dhéanamh de sa phleanáil ghearrthéarmach gur i roinnt tréimhsí thar roinnt laethanta a úsáidfear an t-am a dháiltear ar an gceol (in ionad é a úsáid mar bhloc ama amháin). Is fearr a éiríonn le ceachtanna struchtúrtha a bhíonn dírithe ar fhorbairt scileanna má eagraítear iad mar shraith de cheachtanna gearra diana laistigh den tseachtain. Sna ranganna naíonán, ba chóir go ndéanfaí gníomhaíochtaí ceoil gach lá agus, i ranganna sinsearacha, ba cheart an t-am don cheol a roinnt thar thréimhse dhá lá nó trí lá. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh deis ag na páistí taitneamh na hamhránaíochta a mhothú gach lá, fiú ar feadh cúpla nóiméad.

## Saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta

Agus ceacht ceoil á eagrú, bíonn sé tábhachtach na saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta seo a leanas a mheas:

- leibhéal an ghleo sa seomra
- aerú
- an méid spáis atá ar fáil do pháistí chun suí, seasaimh nó gluaiseachta
- an trealamh ceoil a fháil agus a iompar.

## Naisc thraschuraclaim

Is féidir an fhoghlaim chomhtháite a bheith údarach agus ina hábhar sásaimh don mhúinteoir agus don pháiste araon. Cé go n-oireann an ghníomhaíocht cheoil don chomhtháthú le hábhair léinn eile, tá sé tábhachtach ag gach céim den phleanáil go mbíonn leithne agus doimhneacht sa cheol a bhíonn sa tionscadal agus go gcumasctar an t-am a thugtar don cheol leis na hábhair léinn eile ar bhealach a mbíonn cuspóir ceart leis. Is fearr a mheas conas a chuirfidh an topaic ar leith le forbairt an cheoil de réir an phlean scoile ná bheith ag iarraidh píosa ceoil (amhrán mar shampla) a roghnú lena chur isteach i dtopaic roghnaithe.

*I bhformhór na gcásanna is féidir leis an bpáiste faoi mhíchumas rannpháirtíocht a ghlacadh i gceol an ranga ach roinnt modhnuithe nó athruithe a dhéanamh, go háirithe in achair an léirithe agus na cumadóireachta, chun freastal ar a c(h)uid riachtanas.*

## Páistí a bhfuil riachtanais éagsúla orthu

Ní foláir a chur ar chumas páistí a bhfuil riachtanais éagsúla orthu forbairt a dhéanamh ar eolas, ar scileanna agus ar thuiscint cheoil taithí a fháil ar na gnéithe ceoil agus deis a thabhairt dóibh a gcruthaitheacht a léiriú trí dhul i ngleic le gníomhaíochtaí ceoil ar bhealach struchtúrtha. B'fhéidir go mbeadh ar an múinteoir tabhairt faoin ábhar céanna ar bhealaí éagsúla chun é a chur i láthair páistí difriúla, agus bheadh gá le solúbthacht dá réir sa phleanáil agus san ullmhúchán. I bhformhór na gcásanna is féidir leis an bpáiste faoi mhíchumas rannpháirtíocht a ghlacadh i gceol an ranga ach roinnt modhnuithe nó athruithe a dhéanamh, go háirithe in achair an léirithe agus na cumadóireachta, chun freastal ar a c(h)uid riachtanas.

Beidh rudaí ar leith ag teastáil ó pháiste nach bhfuil an comhordú go maith aige/aici, rudaí mar am sa bhreis chun scil a chleachtadh, uirlis cheoil oiriúnach ar furasta í a sheinm, nó uirlis ar féidir í a sheinm le leathláimh (mar shampla ciombal a sheinntear le buailteor bog). Ba chóir go spreagfaí an páiste le dul chun cinn sa cheol a dhéanamh ó bheith ag seinm uirlise le leathláimh chun ceann a sheinm le dhá lámh (mar shampla ó dhrumaí bongó a sheinm le leathláimh chun iad a sheinm le dhá lámh). Beidh taca oiriúnach dá (h)uirlis, nó uirlis atá íogair don tadhall (mar mhéarchlár leictreach nó inneall druma), nó uirlis a dhearadh go speisialta dó/di nó a cuireadh in oiriúint dá c(h)uid riachtanas ar leith ag teastáil ó pháiste faoi mhíchumas fisiceach.

Beidh timpeallacht chiúin foghlama de dhíth ar pháiste atá faoi bhac éisteachta, agus i measc a riachtanas d'fhéadfadh go mbeadh gá aige le huirlis a mbeadh tuinairde íseal nó ard aici. Méadaítear ar mhothú an pháiste ar chrith go mór trí uirlisí creathacha (mar shampla druma, bodhrán, téaduirlis) a úsáid agus le hurlár adhmaid lingeach. Ba chóir gur cheol a d'fhéadfaí a chur de ghlanmheabhair agus ar uirlisí a d'fhéadfaí a sheinm trí thadhall (mar shampla maracaí, castainéid nó fliúit Shasanach) a chuirfí i láthair páiste a bheadh faoi bhac amhairc, chomh maith le neart ama a thabhairt dó/di chun scil a chleachtadh. Ba mhaith an rud é suíomh maith breathnóireachta sa seomra ranga a bheith aige/aici freisin, agus níor mhiste nodaireacht níos mó ná mar is gnách a úsáid, nó an nodaireacht a chur i láthair i bhfoirm thadhaill (mar shampla litreacha nó áiritheoirí maighnéadacha ar chliath chúig líne atá ardaithe).

Beidh an-chuid spreagtha agus athrá treoracha ag teastáil ón bpáiste a bhfuil deacrachtaí foghlama aige/aici. Is féidir tacú le foghlaim coincheap teoiriciúil trí amharcshiombailí agus amharcleideanna (mar shampla lámhchomharthaí, cliath mhéar, áiritheoirí maighnéadacha agus pictiúirí) a úsáid. Bainfidh páiste a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha nó iompraíochta aige/aici leas as dul trí raon de ghníomhaíochtaí taitneamhacha ceoil. Ba chóir go mbeadh na gníomhaíochtaí seo struchtúrtha agus go mbeadh rialacha sonracha agus

treoracha soiléire leo. Ba chóir go mothódh an páiste a spás pearsanta féin a bheith aige dá chuid oibre agus go mbeadh saoirse aige/aici (laistigh de theorainn áirithe) lena smaointe féin a thástáil. Ba chóir go mbeadh an obair uirlise a roghnófáí dó/di ag teacht lena c(h)umas (go hidéalach, ar uirlis a bheadh éasca a sheinm agus furasta a choinneáil ina tost).

Ba chóir go spreagfaí páiste a mbeadh cumas thar an gcoitiantacht ar an gceol aige/aici le dul chun cinn a dhéanamh ar a luas féin; ba chóir ligean dó/di fanacht amach as gníomhaíochtaí an ghrúpa ag pointí tábhachtacha ina f(h)orbairt féin chun dul i ngleic le tionscadail phearsanta agus le tascanna a dhearfadh an múinteoir dó/di. Má tá an rath le bheith ar na tréimhsí oibre seo scartha ón rang caithfidh an páiste foghlaim conas filleadh go réidh ar an ngrúpa nó ar an rang. Is féidir go mbainfeadh páiste den saghas seo leas as cabhair saineolaí (mar shampla i mbunscoil nó in iar-bhunscoil sa chomharsanacht) chun go ndéanfaí a b(h)uanna a lánfhorbairt.



Bíonn gá ag páiste le cúlra cultúrtha difriúil a aireachtáil go dtugtar aitheantas do cheol a c(h)ultúir féin agus go mbíonn meas air chomh maith le ceol na bpáistí eile sa rang. Ba chóir go spreagfaí é/í le taifeadtaí ceoil óna t(h)ír dhúchais féin a bhreith isteach leis/léi sa seomra ranga, nó d'fhéadfadh an múinteoir cuireadh a thabhairt do cheoltóir ó phobal an pháiste seinm os comhair an ranga mar chuid den chlár éisteachta.

## Saincheisteanna cothromais oideachais sa cheol

Agus clár ceoil á phleanáil agus á chur i bhfeidhm acu ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go mbeadh an teacht céanna ag buachaillí agus ag cailíní ar dhéanamh ceoil. Ba chóir go dtabharfaidís aird ar na ceisteanna seo a leanas go háirithe:

### *Amhránaíocht*

I scoileanna comhoideachais ba chóir go dtabharfaí cothrom na Féinne do spéiseanna buachaillí agus do spéiseanna cailíní araon i gclár cothrom amhránaíochta. Mar an gcéanna, ní mór go dtuigfeadh múinteoirí i scoileanna agus i ranganna aonghnéis go bhfuil gá le cothromas sa chnuasach amhrán a mhúinfí.

### *Dáileadh uirlisí*

Ba chóir go mbeadh na deiseanna céanna ag buachaillí agus ag cailíní ar raon d'uirlisí a sheinm, mar shampla uirlisí 'glóracha' agus uirlisí 'boga', nó uirlisí 'móra' agus uirlisí 'beaga', mar shampla drumaí nó ceoláin Indiacha.

*Ceachtanna príobháideacha*

Ba chóir go mbeadh deis ag páistí a fhoghlaimíonn uirlis go príobháideach ar rannpháirtíocht a ghlacadh i ndéanamh ceoil sa seomra ranga. Ba chóir páistí a mbeadh scileanna acu ar uirlisí mar an bpianó, an veidhlín nó an fhliúit a spreagadh leis an amhránaíocht agus an tseinm ranga a thionlacan, chun go gcuirfí le clár an ranga san éisteacht agus sa léiriú.

## Pleanáil aonaid oibre

Agus aonaid oibre dá rang á bpleanáil, beidh an múinteoir feasach ar an dul chun cinn atá déanta ag na páistí i scileanna ceoil, ar na hamhráin a d'fhoghlaim siad roimhe sin, ar an gceol lenar éist siad, agus ar na riachtanais speisialta atá ar chuid de na daltaí. D'fhéadfadh an múinteoir roghnú as measc na moltaí ábhair i ngach snáithe, agus samplaí comhchosúla iomchuí dá c(h)uid a chur lena rogha de réir mar ba ghá. Chun na céimeanna teagaisc a bheidh i gceist a shoiléiriú mar ba cheart, beidh gá le níos mó mionsonraí in achair ábhair áirithe seachas a chéile. Caithfidh an múinteoir machnamh a dhéanamh chomh maith ar an gcur chuige teagaisc a d'fhéadfaí a úsáid idir na snáitheanna agus laistigh díobh, agus leis an gcaoi a bhféadfadh gníomhaíochtaí foghlama fianaise a sholáthar ar dhul chun cinn na bpáistí in aimsiú cuspóirí an aonaid. Cuirfidh toradh an mheasúnaithe faisnéis thábhachtach ar fáil chun gníomhaíochta iaroibre agus an obair a dhéanfar sa cheol as seo amach a phleanáil.

### Pleanáil ceachta

Agus ceacht á phleanáil, d'fhéadfadh an múinteoir cur chuig an tasc ar dhá shlí trína fhiafraí de/di féin:

- Cad ba mhaith liom go ndéanfadh na páistí i rith an cheachta?
- Cad ba mhaith liom go mbainfeadh na páistí as an gceacht?

Tugann an chéad cheist gníomhaíocht neamhshainiúil le fios agus i roinnt cásanna gníomhaíocht neamhcheolmhar fiú, mar shampla éisteacht le téip nó leathanach i leabhar saothair a líonadh. Tá baint níos dlúithe ag an dara ceist le cuspóirí teagaisc, agus cabhraíonn sí leis an múinteoir chun gníomhaíocht neamhfhócasaithe agus cur amú ama a sheachaint.

### Meastóireacht

Ag deireadh ceachta nó sraithe ceachtanna, ba chóir don mhúinteoir an próiseas teagaisc agus foghlama sa cheol a athbhreithniú. Is iomaí cuspóir a bheadh leis seo, agus ina measc d'áireofaí

- meastóireacht a dhéanamh ar éifeacht an teagaisc
- páistí a ghrúpáil le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe
- pleanáil a threorú
- léargais nua ar iompraíocht sa cheol a nochtadh
- torthaí a fuarthas roimhe seo a dheimhniú.

Is féidir go lorgódh an múinteoir aiseolas ó na páistí nó go n-iarrfadh sé/sí ar chomhghleacaí cuidiú leis/léi sa phróiseas.



## Roinnt eiseamláirí pleanála

Taispeántar sna heiseamláirí a seo a leanas mar a comhcheanglaíodh roinnt snáithaonad ón gcuraclam chun plean samplach cuimsitheach a sholáthar don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú.

Cé go moltar leibhéil ranga áirithe, i ngach cás is féidir an t-aonad oibre a chur in oiriúint do riachtanais agus do chumas páistí, nó é a athchóiriú do pháistí ag leibhéil ranga atá níos airde nó níos ísle.

I measc na n-eiseamláirí tá:

- aonad oibre do rang 1 agus 2, ina léirítear comhtháthú na snáitheanna *Éisteacht agus freagairt, Léiriú,* agus *Cumadóireacht*
- aonad oibre ar scileanna rithime as an snáithaonad 'Litearthacht'
- aonad oibre ar scileanna séiseacha as an snáithaonad 'Litearthacht'
- plean do cheacht ceoil.

# Eiseamláir 3

## Plean míosa a fhorbairt

ranganna 1 agus 2

Téama: An mhuir

Measúnú: Dírbhreathnú an mhúinteora

Tascanna a dhearann an múinteoir

## Snáitheanna agus snáithaonaid

### *Éisteacht agus freagairt*

#### Iniúchadh fuaimeanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- bealaí éagsúla a aimsiú chun fuaimeanna a dhéanamh trí chnagadh coirp i mbeirteanna agus i ngrúpaí
- fuaimeanna na mara: fuaimeanna gutha chun tonnta a dhéanamh, ag tuairteáil ar an gcladach, ag slaparnach go bog ar an ngaineamh, faoileáin ag scréachach
- bealaí a iniúchadh chun fuaimeanna a dhéanamh, ag baint úsáide as uirlisí saothraithe agus as uirlisí a rinneadh sa bhaile
- éisc ag snámh sa mhuir: glissando ar na barraí clingíní.

## Forbairt

#### Éisteacht le ceol agus freagairt dó

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- freagairt go samhlaíoch do phíosaí ceoil trí ghluaiseacht
- is féidir leis an bpáiste gluaiseacht go saor nó gothaí snámha nó seoltóireachta a dhéanamh
- labhairt faoi phíosaí ceoil, tosaíochtaí a lua, agus freagairt dóibh ar bhealaí éagsúla
- tá an ceol glórach agus scanrúil; cuireann sé ag smaoineamh ar stoirmeacha mé
- an buille cothrom a thaispeáint agus é/í ag éisteacht le píosaí éagsúla de cheol beo nó de cheol taifeadta
- máirseáil, cniogadh, bualadh bos in éineacht leis an gceol.

#### Sleachta ceoil

'Aquarium' as Carnabhal na nAinmhithe le Saint-Saëns

'La Mer' (sliocht as) le Debussy

Rogha de rabhcáin mharaí

#### Pointí teagaisc

Lorgaíter gluaiseacht agus gothaí nádúrtha spontáineacha mar fhreagairt don cheol; spreagtar na páistí leis na codarsnachtaí sa cheol a thaispeáint, idir míreanna glóracha agus míreanna boga, nó idir míreanna gníomhacha agus míreanna ciúine.

### *Léiriú*

#### Amhránaíocht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- raon forásach d'amhráin agus de shéiseanna a aithint agus a chanadh le breis smachta ghutha agus muiníne

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an buille cothrom a thaispeáint agus é/í ag léiriú amhrán coitianta

  an buille cothrom a choimeád trí bhualadh bos agus 'The big ship sails' á chanadh aige/aici
- an difríocht idir buille agus rithim a thuiscint

#### Pointí teagaisc

Múintear an t-amhrán nó na hamhráin de ghlanmheabhair, ag spreagadh na bpáistí le páirt a ghlacadh sa churfá tar éis an chéad chanta.

Roinntear an rang ina dhá ghrúpa: buaileann grúpa amháin an buille le bualadh bos, buaileann an grúpa eile an rithim trí chniogadh.

Roghnaítear iad as raon d'amhráin ar théamaí mara, mar shampla

- 'Óró Mo Bháidín'
- 'Amhrán Báid an Eilein Sgitheanaich'
- 'The Big Ship Sails on the Alley Alley O'
- 'Báidín Fhéilimí'
- 'I Saw Three Ships'.

## *Cumadóireacht*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- fuaimeanna a roghnú as foinsí éagsúla chun pearsa a léiriú

  barraí clingíní, triantán, tambór, croitheadóirí, clocha, páirín

  Déantar fuaimeanna do na héisc bheaga agus don iasc mór. Anois baintear triail as an iasc mór a thaispeáint agus é sa tóir ar na héisc bheaga. An éiríonn leis breith ar aon cheann acu?

'Croch-faidh mé na seolta is gabh-faidh mé siar'

buille: ↓ ↓ ↓ ↓

v v v v

(greadadh cos ar an talamh)

rithim:

'Croch-faidh mé na seolta is gabh-faidh mé siar

* * * * * * * * * * *

(cniogadh)

- an dinimic is oiriúnaí d'amhrán a roghnú.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- patrúin shimplí shéiseacha agus rithimeacha a mheabhrú agus a chumadh agus an guth, cnagadh coirp agus uirlisí ceoil a úsáid chuige

  tobchumadh gutha agus cantaireachtaí bunaithe ar éisc na mara, m.sh.

  ronnach, ronnach, ronnach, ronnach

  trosc, trosc, trosc, trosc

  crosóg mhara, crosóg mhara, muirín, crosóg mhara

  sio -------- rc! sio -------- rc!

Ceisteanna le cur ar na páistí:

Conas ba chóir dúinn 'Báidín Fhéilimí' a chanadh, go glórach nó go bog? An mbeidh an láine gutha mar an gcéanna i rith an amhráin? Ar chóir go mbeadh an curfá difriúil?

## Pointí teagaisc

Leagtar amach an tobchumadh gutha, i dtosach, trí na páistí a roinnt ina ngrúpaí, agus tugtar páirt ar leith do gach guth. Leagtar síos buille de cheithre bhuille, le fráma a sholáthar do na cantaireachtaí. Nuair a bhíonn na páistí muiníneach as seo agus líofa ann, spreagtar gach grúpa le hobair a dhéanamh ina aonar, ag cumadh a chantaireachta féin.

## Measúnú

Éistear leis na páistí ag seinm an amhráin (nó codanna den amhrán) ina ngrúpaí, ina mbeirteanna agus cuid acu ina n-aonair. Iarrtar ar ghrúpa difriúil an buille cothrom a thaispeáint fad is atá siad ag éisteacht. Iarrtar ar ghrúpa eile an rithim a chniogadh. Tugtar aon deacrachta faoi deara.

Breathnaítear ar na páistí agus iad ag obair ina ngrúpaí chun smaointe a léiriú i bhfuaim nó chun a gcantaireachtaí féin a chumadh. Déantar deimhin de go bhfuil gach páiste ag déanamh a c(h)ion d'obair an ghrúpa. Cláraítear torthaí na breathnóireachta.

## Comhtháthú

**Teanga:** focail agus nathanna cainte chun cur síos ar fhairsinge uisce, ar stoirmeacha, ar sháimhe, ar éisc, ar sheoltóireacht, ar shnámh; scríobh ar an téama ó thaithí phearsanta; miotais agus finscéalta ina bhfuil téamaí mara (m.sh. Iomramh Bhréanainn) agus ábhar simplí neamhfhicsin ar an muir.

**Amharcealaíona:** colláis mheán measctha ar shaol na mara

## Iarobair:

Caitear roinnt nóiméad ag tús an chéad cheacht cheoil eile ag dul siar ar an amhrán nó ar na hamhráin a foghlaimíodh, agus, freisin, ag tráthanna cuí i rith na chéad mhíosa eile. Seinntear sleachta beaga de cheol taifeadta agus fiafraítear de na páistí cén ceol a chuir na sleachta i gcuimhne dóibh.

# Eiseamláir 4

## Aonad oibre ar scileanna rithime

ranganna 1 agus 2

Is féidir an tsraith seo de mhioncheachtanna a chur in oiriúint do pháistí ag leibhéal níos airde trí amhráin agus cantaireachtaí níos oiriúnaí dá leibhéal aoise a úsáid. Tá sé i gceist go n-úsáidfí an t-aonad ar bhealach solúbtha, agus dá bharr seo d'fhéadfaí é a chríochnú i mí amháin, i dtréimhse sé seachtaine nó i dtéarma iomlán trí ábhar gach ceachta a shíneadh amach ar feadh coicíse nó trí seachtaine. Arís, braithfidh sé seo ar thaithí agus ar riachtanais na bpáistí.

**Téama:** Tuiscint do bhuille agus tuiscint do rithim a fhorbairt
**Pointe tosaithe:** Cantaireachtaí, rainn, amhráin, bualadh bos le macalla

**Measúnú:** Dírbhreathnú an mhúinteora
Tascanna a dhearann an múinteoir

### Ábhair

Amhráin agus cantaireachtaí

- 'I Had a Little Nut Tree'
- 'The Lion and the Unicorn'
- 'Ailiú Éanaí'

*Uirlisí*

bloic adhmaid

tambór

spléach-chártaí agus patrúin orthu

### Eagar

Gníomhaíochtaí tosaithe

Forbairt

Gníomhaíochtaí scoir

### Ceacht 1

buille cothrom, grúpaí buillí, patrúin rithime a choinneáil

an buille cothrom a mhothú

buillí fada agus buillí gearra trí ghluaiseacht, trí amhránaíocht, trí bhualadh bos, trí chniogadh ar thambór nó ar bhloc adhmaid

an buille a thaispeáint i siombailí

****

### Ceacht 2

ainmneacha a rá i bpatrúin rithime

Seán, Mái-re, Aoi-fe, Cil-lian


buillí fada agus buillí gearra agus grúpaí buillí a mhothú

m.sh. máirseáil: a haon, a dó, nó máirseáil i gceathaireanna: a haon, a dó, a trí, a ceathair


i ngrúpaí: grúpa amháin ag coinneáil an bhuille fad is atá grúpa eile ag cniogadh an phatrúin áirithe rithime

### Ceacht 3

Bualadh bos mar mhacalla agus *ta* agus *ti ti* á rá




patrúin de *ta* agus de *ti ti* a thionscnamh





Máirseáil leis an mbuille agus an rithim á bualadh de bhosa

ina mbeirteanna: na patrúin rithime a sheinm ar an mbloc adhmaid, agus an buille á choinneáil ar an tambór

### Ceacht 4


Bualadh bos mar mhacalla le *ta* agus *ti ti*



Sos a thionscnamh

Z
sos

Teaglamaí éagsúla a chleachtadh trína léamh ó spléach-chartaí



### Nascadh

Cumadóireacht: Patrúin rithime a thobchumadh ar uirlisí, ag úsáid *ta* agus *ti ti*
Slatnodaireacht a úsáid chun na píosaí cumadóireachta a thaifeadadh
Léiriú: Amhránaíocht
Lorgaítear patrúin ina n-úsáidtear *ta, ti ti* agus sos in amhráin coitianta.

### Iarobair:

Leantar de phatrúin *ta, ti ti* agus *sos* a chleachtadh trí bhualadh bos mar mhacalla, agus amhráin agus cantaireachtaí coitianta á dtionlacan.

# Eiseamláir 5

## Aonad oibre ar scileanna séiseacha

ranganna 3 agus 4

Is féidir an tsraith seo de cheachtanna a chur in oiriúint do pháistí ag leibhéal níos airde trí amhráin agus cantaireachtaí níos oiriúnaí dá leibhéal aoise a úsáid. Tá sé i gceist go n-úsáidfí an t-aonad ar bhealach solúbtha, agus dá bharr seo d'fhéadfaí é a chríochnú i mí amháin, i dtréimhse sé seachtaine nó i dtéarma iomlán trí ábhar gach ceachta a shíneadh amach ar feadh coicíse nó ar feadh trí seachtaine. Arís, brathfaidh sé seo ar thaithí agus ar riachtanais na bpáistí.

**Téama:** Tuiscint do thuinairde a fhorbairt, lah íseal agus soh íseal a ullmhú

**Pointe tosaithe:** Cantaireachtaí, amhráin, lámhchomharthaí na nótaí l, s, m, r, d, a chleachtadh, patrúin amhránaíochta mar mhacalla ina bhfuil s, m, r, d, lah íseal agus soh íseal

**Measúnú:** Dírbhreathnú an mhúinteora
Tascanna a dhearann an múinteoir

### Amhráin

- 'Óró 'Sé do Bheatha 'Bhaile'

  (nótaí: *s, m, r, d, lah íseal, soh íseal*)
- 'Frog Went a-Courtin'

  (nótaí: *s, m, r, d, lah íseal, soh íseal*)
- 'Land of the Silver Birch'

  (nótaí: *l, s, m, r, d, lah íseal, soh íseal*)
- Dul siar ar: 'Suogân'

  (nótaí: *d, r, m*)
- Amhráin eile:

  'Frère Jacques'

### Ceacht 1

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- stór forásach d'amhráin a chanadh de ghlanmheabhair le breis smachta gutha, muiníne agus léiritheachta

  amhráin choitianta, rothlaim agus amhráin tíre a chanadh, m.sh., 'Suogân', 'Frère Jacques' mar rothlam agus 'Óró Sé do Bheatha 'Bhaile.'

### Ceacht 2

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- foinn choitianta shimplí a aithint agus a chanadh ar bhealaí éagsúla

Canann páistí an fonn agus buille cothrom á choinneáil acu.

Déanann an múinteoir ceann de thrí fhonn choitianta a chrónán, ainmníonn na páistí an fonn.

Canann na páistí Suogân le lámhchomharthaí *d-r-m*.

Canann an múinteoir *d, s, d,* agus fiafraíonn cén chuid de 'Frère Jacques' lena bhfuil sé cosúil. Canann páistí an rothlam, ag cur isteach *d-s,-d*, in ionad 'ding, ding, dong'.

### Ceacht 3

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruth séiseanna i nodaireacht chaighdeánach a aithint

Agus amhráin á bhfoghlaim ó nodaireacht acu, déanann páistí iarracht gach nóta san amhrán a leanúint, agus an áit a dtéann siad síos nó suas nó a bhfanann siad ag an tuinairde chéanna á rianú acu.

Canann an múinteoir 'Frog Went a-Courtin' agus leanann na páistí treo an fhoinn sa nodaireacht, agus tugann siad an áit a dtéann an fonn faoi bhun an nóta dó go dtí dhá nóta níos ísle, soh íseal agus lah íseal, faoi deara.

Agus iad ag canadh 'Land of the Silver Birch' tugann na páistí faoi deara go dtosaíonn an fonn le lah íseal.

### Ceacht 4


Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- siombailí caighdeánacha a úsáid chun raon teoranta de nótaí agus de phatrúin shéiseacha a aithint agus a chanadh

Má thugtar an chéad nóta duit, an féidir leat a rá cérbh iad na nótaí eile i 'Frog Went a-Courtin'?

Tosaíonn páistí leis an bhfonn a chanadh le lámhchomharthaí, agus an múinteoir ag teacht i gcabhair orthu de réir mar is gá.

Cuireann páistí agus múinteoir na nótaí isteach ar chliath chúig líne.




### Nascadh:

Cumadóireacht: Patrúin leis na nótaí *l, s, m, r, d* a thobchumadh ar uirlisí séiseacha, ar nós barraí clingíní nó glockenspiel.
Na píosaí cumadóireachtaí a thaifeadadh, ag baint úsáide as nodaireacht shimplí ar chliath thrí líne nó chúig líne.

### Iarobair:

Leantar de phatrúin de l, s, m, r, d agus de na nótaí nua, lah íseal agus soh íseal, a chleachtadh trí amhránaíocht mar mhacalla, ag canadh ó lámhchomharthaí agus trí amhráin nua nó amhráin aithnidiúla a chanadh.

# Plean do cheacht ceoil

Dáta

Rang

Am

Acmhainní a bheidh ag teastáil

Príomhfhócas

- ☐ Éisteacht agus freagairt
- ☐ Léiriú
- ☐ Cumadóireacht

## Eagrú an cheachta

An snáithe nó na snáitheanna curaclaim ar a mbeidh an ceacht ag díriú (éisteacht agus freagairt, léiriú nó cumadóireacht); na spreagthaigh a úsáidfear chun tús a chur leis an gceacht (mar shampla uirlis, amhrán, dréacht le haghaidh éisteachta, pictiúr, dán, scéal, rud); mar a eagrófar na páistí; mar a eagrófar na hacmhainní laistigh den seomra ranga.

## Tionscnamh

Tasc faoi stiúir an mhúinteora chun an topaic a chur ar siúl, cumarsáid agus dinimic ghrúpa a bhunú; cluiche beochana nó amhrán atá bunaithe ar ghnéithe ceoil an cheachta nó a bhaineann leo.

## Forbairt

### Príomhphointí teagaisc an cheachta

m.sh. gnéithe áirithe le tabhairt faoi deara i rith na héisteachta, coincheapa nó scileanna nua amhránaíochta, seanma nó léimh (litearthacht an cheoil), uirlisí le roghnú nó le húsáid.

Gníomhaíochtaí cumadóireachta, paraiméadair a leagan síos, comhdhéanamh agus cuspóir, eagrú na bpáistí ina ngrúpaí nó ina n-aonair; an próiseas a phlé, athoibriú agus taifeadadh, ag úsáid trealaimh leictreonaigh nó nodaireachta

## Nascadh laistigh den cheol

.i. mar a cheanglaítear an phríomhghníomhaíocht leis an éisteacht agus leis an bhfreagairt, leis an léiriú agus leis an gcumadóireacht

## Deiseanna measúnaithe

Dírbhreathnú an mhúinteora ar thascanna grúpaí nó ar thascanna páistí aonair, páirtíocht daltaí, éifeacht an chur chuige teagaisc agus aon deacrachta a dtagtar orthu; tascanna a dhearann an múinteoir, obair bhaile, tionscadal grúpa, rudaí le coinneáil lena gcur i mbailiúcháin, féinmheastóireacht daltaí.

## Gníomhaíocht scoir agus iarobair

Dul siar ar phríomhphointí an cheachta agus iad a achoimriú, chomh maith le gníomhaíocht scoir i ndéanamh ceoil, mar shampla éisteacht le ceol, nó píosa ceoil coitianta a aithint nó a léiriú. Tugtar comhtháthú le hábhair léinn eile agus impleachtaí do phleanáil oibre faoi deara.



Is féidir forbairt feasachta ar líne agus ar chruth a iniúchadh go héifeachtach trí mheán ceoil agus damhsa.



Roinn 5

# Cur chuige agus modhanna teagaisc

# Cur chuige agus modhanna teagaisc

## Cur chuige sna snáitheanna

- Éisteacht agus freagairt
- Léiriú
- Cumadóireacht

## Éagsúlacht sa chur chuige

Sa roinn seo leagtar béim ar a thábhachtaí is atá sé go mbeadh éagsúlacht sa chur chuige a chleachtar sna snáitheanna *Éisteacht agus freagairt, Léiriú* agus *Cumadóireacht*. Moltar roinnt teicníochtaí teagaisc agus modhanna teagaisc cabhracha a chuireann leis na cuspóirí, leis na haidhmeanna, leis na gnéithe comhtháite ceoil agus leis na heiseamláirí sa churaclam. Is féidir iad seo a chur in oiriúint do pholasaí na scoile aonair agus do riachtanais agus do spéiseanna na bpáistí. Ní chuimsítear gach uile shaghas cur chuige is féidir sa chur síos atá anseo agus, i gcoitinne, oireann na cinn a rianaítear do pháistí ag gach leibhéal ranga. D'fhéadfaí leas a bhaint astu mar fhorlíonadh ar thaithí agus ar shaineolas an mhúinteoir ranga chun torthaí den saghas céanna a bhaint amach.

Cibé cur chuige a nglactar leis i dteagasc an cheoil, ba chóir

- go gcuirfeadh sé le taitneamh a bhaint as déanamh ceoil
- go n-oirfeadh sé chun scileanna, tuiscint, eolas agus dearcadh an pháiste a fhorbairt
- go gcothódh sé forás ceoil agus forbairt cruthaitheachta sa pháiste.



Eispéireas an-tairbheach do pháistí é agus eispéireas ar féidir leis cur le ceol an tseomra ranga is ea páirtíocht i gcór scoile, in ensemble, i mbanna ceoil nó i gceolfhoireann.

# Éisteacht agus freagairt

- ábhair éisteachta
- ábhair éisteachta a roghnú
- ceol taifeadta
- ceol Gaelach
- ceol ó chultúir eile

Sa churaclam ceoil is é aidhm an tsnáithe *Éisteacht agus freagairt* deiseanna a thabhairt do pháistí dul i dtaithí ar raon leathan de stíleanna, de thraidisiúin agus de chultúir cheoil. Spreagtar páistí le héisteacht go gníomhach agus lena n-aire a dhíriú ar a mbíonn ag titim amach sa cheol trí eispéiris thaitneamhacha éagsúla a chur ar fáil dóibh. Cuid lárnach den churaclam ceoil ag gach leibhéal ranga is ea an éisteacht ghníomhach agus tá sé tábhachtach d'fhorbairt na bpáistí sa cheol mar oirfidigh, mar chumadóirí agus mar bhaill de lucht éisteachta.

Téama eile a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhfócas gníomhach seo is ea an bhéim láidir a leagtar ar an raon de bhealaí éagsúla inar féidir le páistí freagairt don cheol lena n-éisteann siad—trí ghluaiseacht, trí labhairt, trí scríobh, trí dhamhsa, trí líníocht, trí amhránaíocht nó trí chumadóireacht. Tá an bhéim seo ar mhodhanna éagsúla freagartha bunaithe ar an tuiscint go gcuirtear leis an éisteacht agus go mbíonn níos mó cuspóra léi nuair a spreagtar bealaí éagsúla freagartha.

Is gné thábhachtach d'fhorbairt samhlaíochta, léargais agus chumais chun fadhbanna a réiteach í éisteacht le ceol arís agus arís eile. Sa chaoi sin, ní hamháin gur féidir ceol a úsáid mar bhunús le foghlaim ceoil ach is féidir é a úsáid le haghaidh foghlama in achair léinn eile chomh maith.

Mar sin is é ról an mhúinteora: raon leathan d'eispéiris éisteachta éagsúla a sholáthar do na páistí, éisteacht ghníomhach a spreagadh trí cheistiú, trí ghríosú agus trí mholtaí a dhéanamh, na dréachtaí a sheinm arís agus arís eile, agus deiseanna a sholáthar do na páistí ar fhreagairt don cheol ar bhealaí éagsúla.

Eispéireas luachmhar ceoil is ea é éisteacht go gníomhach le léiriú beo. Corraíonn agus spreagann an cháilíocht shuaithinseach, agus an móthú rannpháirtíochta neamh-mheánach a ghabhann leis na páistí. Éiríonn an chumarsáid idir oirfideach agus lucht éisteachta níos réadaí do na páistí de réir mar a théann siad i dtaithí ar éisteacht ar bhealach díreach pearsanta. Ba chóir gach deis a thapú ar an gceol beo a chur i láthair páistí aon uair is féidir.

## Ábhair éisteachta

Téama tábhachtach sa snáithe seo den churaclam is ea an bhéim a leagtar ar raon leathan d'ábhair agus d'acmhainní éisteachta a bheith ar fáil mar phointí tosaithe d'iniúchtaí ceoil. Agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar na hacmhainní ceoil a bheadh ag teastáil don chlár ceoil, ba chóir go ndéanfadh scoileanna a seacht ndícheall ar iad seo a leanas a chur san áireamh:

- ceol taifeadta ar fhíseán, ar théip, ar dhlúthcheirnín nó ar theicneolaíocht ceoil
- cnaguirlisí tiúnta agus neamhthiúnta
- rudaí as an imshaol, meascán de rudaí mar mhiotal, adhmad nó shnáithíní
- páiste sa rang a bheadh ag déanamh staidéir ar uirlis go príobháideach
- uirlisí scoile eile, ar a n-áireofaí fliúit Shasanach, feadóg stáin, pianó nó giotár
- ceoltóir ar an bhfoireann, i measc na dtuismitheoirí nó sa dúiche
- grúpa, ensemble, grúpa cheoil, cór nó ceolfhoireann ar cuairt ar an scoil nó ar ionad eile.

## Eiseamláir 6

ranganna naíonán

- Taispeánann an múinteoir dhá fhoinse fuaime nó níos mó, mar shampla cupán agus leabhar.
- Cniogann an múinteoir gach ceann acu le rud miotail, mar shampla spúnóg nó buailteoir triantáin.
- Deirtear leis na páistí a súile a dhúnadh, déanann an múinteoir ceann de na fuaimeanna arís, agus déanann na páistí iarrachtaí a aithint.

Eascraíonn feasacht ar phatrúin fuaime (rithim) agus ar luas fuaime go nádúrtha as an gcineál seo gníomhaíochta.

## Eiseamláir 7

rang 1 go dtí rang 4

- Deir an múinteoir leis na páistí a súile a dhúnadh agus éisteacht go haireach leis na fuaimeanna is féidir leo a chloisteáil sa seomra, i gclós na scoile, amuigh ar an tsráid nó i gcéin uathu.
- Mar fhreagairt ar a gcuid éisteachta, iarrtar ar na páistí cur síos ar ar chuala siad. Le himeacht aimsire, agus le treorú, forbrófar a stór focal agus a dtuiscint.
- Níos faide anonn, d'fhéadfaidís foirm ghrafach nodaireachta a chumadh chun ar chuala siad a thaifeadadh.

Gníomhaíocht ghairid a chleachtar go minic í seo, ach is éifeachtach mar ghníomhaíocht í chun scileanna éisteachta a fhorbairt i rith na bliana scoile.

## Ba chóir go mbeadh dréachtaí éisteachta

- gearr
- éagsúil
- ina samplaí maithe den genre.

## Ba chóir go seinnfí iad

- arís agus arís eile
- ar threalamh den chéad scoth.

## Ábhair éisteachta a roghnú

Cuirfidh gníomhaíochtaí agus cluichí éisteachta gearra simplí leis an gclár éisteachta ar shlí atá taitneamhach ach fós oiriúnach do pháistí. I measc na ngníomhaíochtaí seo chuimseofaí éisteacht le fuaimeanna ón imshaol, iad a idirdhealú, agus cur síos a dhéanamh orthu maidir lena bhfoinse, a dtuinairde, a ndinimic, a ré agus a luas. Ba chóir go gcuirfí na gníomhaíochtaí seo in oiriúint d'aois agus do thaithí na bpáistí.

## Ceol taifeadta a roghnú

Agus ceol á roghnú aige/aici do pháistí ag leibhéal ranga ar leith, ba chóir don mhúinteoir an taithí éisteachta a bhí ag na páistí roimhe sin a mheabhrú agus ba chóir gurbh é a c(h)uspóir tógáil ar an taithí sin. Ba cheart go roghnódh an múinteoir roinnt dréachtaí gearra ceoil a bhféadfadh na páistí éisteacht leo arís agus arís eile ar shlí go mbeadh deis acu dul i dtaithí ar an gceol trí phróiseas réidh spéisiúil fionnachtana, i gcomhar le páistí eile ar uairibh. Moltar cur chuige bíseach don éisteacht agus don fhreagairt, chun go bhféadfaí filleadh sna ranganna sinsearacha ar na dréachtaí éisteachta agus ar na hiniúchtaí fuaime a cleachtadh i rith na mblianta tosaigh. Cabhróidh a n-inmhe fhorásach ceoil leis na páistí sinsearacha seo chun léargas úr ar an gceol a fhorbairt. Ní mór na pointí seo a leanas a chur san áireamh freisin:

- Ní mór an dréacht a roghnaítear a bheith gairid (fiche soicind i dtosach) nó gur sliocht ábhartha as taifeadadh níos faide é. Ar an mbealach sin éascaítear beartú na solúbthachta is gá chun eispéireas éisteachta taitneamhach, le héagsúlacht ann, a phleanáil.
- Is ceart gur dréacht a bhfuil clú agus cáil air as a cháilíocht laistigh den stíl dá seasann sé a roghnaítear.
- Ní mór deiseanna a bheith ag páistí píosa taifeadta a chloisteáil arís agus arís eile i rith ceachta chun eolas maith a shealbhú ar a bhfuil ag titim amach sa cheol.
- Nuair a éisteann páistí fad a bhíonn píosa ceoil á sheinm, nó nuair a ghluaiseann nó nuair a chumann siad, ní mór dóibh ina dhiaidh sin bheith in ann a gcuid oibre a chur i gcomparáid leis an gceol agus an fáth atá lena ndearna siad féin a thabhairt.
- Is ceart don mhúinteoir cothroime a lorg idir freagairt ina spreagtar coibhnis shamhlaíocha leis an gceol agus freagairt ina ndírítear ar ghnéithe struchtúrtha an cheoil.
- Beidh tionchar ag caighdeán an trealaimh sheinnte agus ag cáilíocht an taifeadta ar an taitneamh a bhainfidh na páistí as an gceol agus ar a bhfreagairt dó.

*Ba chóir go mbeadh ócáidí ann freisin nuair a chuirfí ceol i láthair le héisteacht leis agus gan plé a dhéanamh air.*

Ba chóir go gcuirfeadh clár éisteachta na scoile ceol as raon leathan foinsí ar fáil don pháiste i rith a t(h)réimhse bunscolaíochta; chuimseofaí ceol as traidisiúin scríofa agus neamhscríofa, ceol clasaiceach agus ceol pobail, ceol Éireannach agus ceol ó thíortha eile, ceol córúil agus ceol uirlise, ceol aonréadach agus ceol ensemble, agus ceol d'ócáidí agus do chuspóirí ar leith. Bainfidh na páistí taitneamh as éisteacht arís le sleachta a chuala siad níos túisce sa bhliain scoile agus i ranganna roimhe sin. Cuidíonn an cur chuige seo le cothú an leanúnachais agus le cothú an dul chun cinn, rudaí ar gnéithe dílse den churaclam iad.

Moltar na huirlisí a thionscnamh leis na páistí sna ranganna sóisearacha ceann ar cheann agus de réir mar a tharlaíonn siad go nádúrtha sa chlár éisteachta, seachas mórán teoirice a thabhairt dóibh ar fhinte d'uirlisí ceolfhoirneacha.

De ghnáth, seinnfidh an múinteoir taifeadadh den cheol agus iarrfaidh sé/sí ar na páistí freagairt dó sula dtarraingeofar aird ar theideal an dréachta, ar roinnt eolais chúlra nó ar chuspóirí an chumadóra. Ba chóir go mbeadh ócáidí ann, áfach, nuair a chuirfí ceol i láthair le héisteacht leis gan aon phlé a dhéanamh air; thabharfadh sé seo deis do na páistí an dréacht a chloisteáil go hiomlánaíoch agus a léirmhíniú féin a dhéanamh air. I gcoitinne, ba chóir seinm ceoil chúlra fad a bheadh gníomhaíocht eile idir lámha ag an rang a sheachaint.

Beidh ceol diaga ina chuid den taithí ceoil a bheartófar do na páistí. Is féidir iomainn nó carúil a chuimsiú sa chlár ceoil mar chuid den ghnáthstór éisteachta agus léirithe, agus is féidir iad a iniúchadh ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh na páistí éisteacht le taifeadtaí den cheol diaga agus gnéithe an cheoil a iniúchadh nó teicníochtaí simplí ar bhain an cumadóir leas astu a aithint. D'fhéadfaidís gnéithe an cheoil a iniúchadh chomh maith: mar shampla, d'fhéadfaídís taithí ar chomhdhéanamh a fháil sa chodarsnacht idir an t-aonréad agus an curfá in iomann. D'fhéadfadh na páistí a fhionnadh conas a théann luas iomainn i bhfeidhm ar mheon agus ar stíl a léirithe, chomh maith.

## Uirlisí traidisiúnta Gaelacha

- an fheadóg stáin
- an fhliúit Ghaelach (fliúit adhmaid)
- an phíb uillinn
- an bodhrán
- an chláirseach
- an fhidil
- an consairtín
- an cairdín

## Éisteacht le ceol Éireannach

Is féidir traidisiún na hÉireann mar náisiún de cheoltóirí a rianú ó na miotais agus ó na finscéalta luatha anonn go dtí an saibhreas mór de cheoltóirí traidisiúnta agus de chumadóirí, de chóiritheoirí agus d'oirfidigh nuacheoil an lae inniu. Ar fhágáil na bunscoile dóibh, ba chóir go mbeadh feasacht ar uirlisí traidisiúnta na hÉireann agus léirthuiscint dóibh ag páistí—an fheadóg stáin, an fhliúit Ghaelach, an phíb uillinn, an bodhrán, an fhidil, an consairtín, an cairdín, chomh maith leis an gcláirseach—agus ba chóir go n-éistfidís le raon de cheol na hÉireann (ceol rince, bailéid, suantraithe, amhráin oibre, srl.) agus le raon de cheoltóirí.



Amhail ceol tíre i gcoitinne, oireann ceol na hÉireann do chóirithe éagsúla. Mar shampla, cé gur dóichí go seinnfear téadcheathairéid Beethoven le téaduirlisí i gcónaí, is minic fonn traidisiúnta Gaelach ar nós 'Róisín Dubh' á chanadh go haonréadach nó le tionlacan, nó á sheinm le huirlisí éagsúla nó le teaglaim d'uirlisí de réir mar is mian leis na hoirfidigh. B'fhéidir go mba mhaith le múinteoirí díriú ar an saibhreas agus ar an éagsúlacht seo mar cheann de na pointí tosaithe don éisteacht le ceol Gaelach. Is féidir leis na páistí an ghné seo den cheol Gaelach a iniúchadh trí léirithe éagsúla den fhonn céanna a chur i gcomparáid lena chéile. Tugtar roinnt moltaí faoi seo san *Aguisín*.

## Éisteacht le ceol cultúr eile

Agus feasacht agus tuiscint ar chultúir eile á bhforbairt, agus taithí ceoil an pháiste á leathnú, ba chóir go mbeadh sé mar aidhm, freisin, roinnt samplaí de cheol ó thíortha eile a chuimsiú sa chlár ceoil. Ba chóir go ndéanfaí píosaí ceoil dá leithéid a thionscnamh mar léiriú ar shaol agus ar chultúr tíre eile agus a bhfuil brí ar leith ag baint leis do phobal na tíre sin. Ba chóir go ndéanfadh an múinteoir iarracht ar leithne agus doimhneacht mheon an cheoil a nochtadh do na páistí chomh maith le hiarracht a dhéanamh mothú údarachta a chruthú. I measc na moltaí a dhéantar maidir le ceol cultúr eile tá:

- amhráin ó thíortha eile a fhoghlaim
- damhsaí ó thíortha eile a fhoghlaim
- foghlaim faoi ócáidí ar a seinntear ceol áirithe

- oirfidigh ó thíortha eile a theacht ar cuairt chuig an scoil
- uirlisí agus teicníochtaí a mhúnlú de réir stíleanna ón iasacht
- cáilíochtaí teicniúla nó lánléiritheacha an cheoil a phlé; cosúlachtaí agus éagsúlachtaí a chur i gcomparáid, mar shampla drumaí bongo agus bodhrán.



Pipa á seinm ag ceoltóir Síneach

## Freagairt do cheol ar bhealaí éagsúla

Chomh maith le héisteacht le raon d'fhuaimeanna ó fhoinsí éagsúla, spreagtar na páistí chun freagairt don cheol ar bhealaí éagsúla. Ina measc seo tá

- gluaiseacht agus damhsa leis an gceol
- an ceol a phlé, mar shampla cur síos a dhéanamh ar cad iad na mothúcháin nó cad iad na samhlaoidí a mhúsclaíonn sé iontu féin
- éisteacht le haghaidh gnéithe áirithe ceoil
- éisteacht le haghaidh uirlisí áirithe
- gnéithe den cheol a léiriú trí líníocht nó trí phéinteáil
- scór pictiúrtha den cheol a leanúint
- freagairt don cheol trí scríbhneoireacht
- ceol nua a chumadh (agus é comhchosúil leis an bpíosa lenar éisteadh ó thaobh téama, ionstraimíochta nó comhdhéanamh, mar shampla)
- canadh nó seinm in éineacht leis an gceol.

Déantar imlíniú ar roinnt de na bealaí cur chuige seo sna leathanaigh a leanas agus tugtar eiseamláirí de cheachtanna chomh maith.

*Ba chóir páistí a spreagadh chun smaoineamh ar an gceol nó chun é a shamhlú agus iad ag gluaiseacht.*

## Freagairt trí ghluaiseacht

Cabhraíonn gluaiseacht le gach foghlaimeoir chun taithí nua a léirmhíniú. Baineann tairbhe le gluaiseacht le ceol toisc go dtugann sí taithí chinéistéiseach ar choincheapa ceoil. De réir mar a ghluaiseann páiste le luas áirithe, díríonn sé/sí a (h)aire agus a c(h)orp ar an tasc ceoil agus sealbhaíonn sé/sí an coincheap ag an am céanna. Is trí bhreathnú ar na gluaiseachtaí seo is féidir leis an múinteoir a fheiceáil chomh maith agus a ghlac páistí le coincheap nua agus a thuig siad é.



Is féidir an ghluaiseacht a úsáid chun an-chuid cáilíochtaí teicniúla agus cáilíochtaí lánléiritheacha a fhorbairt. Bíonn dlúthcheangal ag gníomhaíocht mhatánach le gnéithe ceoil ar nós buille, luais, rithime agus dinimice. Is féidir léi freagairt chruthaitheach trí thobchumadh, trí léirmhíniú agus tríd an tsamhlaíocht a éascú. Is féidir an chuid seo den churaclam a nascadh go rathúil leis an gclár damhsa chun eispéireas foghlama nua a sholáthar do na páistí.

Ba chóir do ghluaiseachtaí

- bheith á ndéanamh go nádúrtha ag na páistí
- gné nó gnéithe ceoil a léiriú
- gluaiseacht oll-luaileach (an corp iomlán) den chuid is mó, ach gluaiseacht mhínluaileach chomh maith, a chuimsiú
- bheith dírithe ar chomhordú, chothromaíocht agus aclaíocht an pháiste a fhorbairt de réir a chéile
- cothrom na Féinne a thabhairt do ghníomhaíocht fhuinniúil agus do ghníomhaíocht réidh
- bheith taitneamhach.

# Eiseamláir 8

Gluaiseacht le ceol — naíonáin go dtí rang 2

## Cluichí agus gníomhaíochtaí ina mbíonn gluaiseacht le ceol

### Cuirtear luail eile leis

Seasann na páistí i gciorcal. Téann páiste amháin isteach i lár baill, tosaíonn ag bogadh ball amháin dá c(h)orp le buille an cheoil, m.sh. a lámh a chroitheadh. Déanann na páistí eile aithris ar an luail. Tar éis tamaillín téann páiste eile isteach i lár baill agus tosaíonn sé/sí ar luail dhifriúil a dhéanamh chomh maith. Cuireann gach aon duine an dara luail leis an gcéad cheann. Leantar den chluiche chomh fada agus is féidir sular gá tosú arís.

### Gluaiseacht i spás

Téann na páistí ag siúl, ag léim agus ag imeacht ar leathchos in éineacht leis an mbuille, agus iniúchann siad spás an tseomra ar fad.

### Sa treo céanna

Gluaiseann na páistí ar fad i dtreo amháin, ag siúl leis an mbuille. Nuair a thugtar comhartha, athraíonn siad go léir an treo agus gluaiseann siad siar, ar aghaidh, nó ar leataobh.

### Gluaiseacht mar chruth agus i spás

Coimeádann páistí an buille agus iad ag gluaiseacht ina gciorcal féin. Nuair a thugtar comhartha, athraíonn siad an ciorcal ina chearnóg (agus iad ag gluaiseacht leis an mbuille fós), ansin athraíonn siad i dtriantán, i bpeinteagán agus i muileata.

### Iniúchadh líne

Leanann grúpaí, ina bhfuil idir cúigear agus seachtar páistí, ceannaire an ghrúpa, ag iniúchadh líne i bpatrúin éagsúla, m.sh. na cruthanna seo: ocht, fiarlán, tonnta, bíseanna, línte tiubha (cosa ar scaradh, lámha amach) agus línte tanaí (cosa le chéile, lámha leis na cliatháin).

### Gníomhamhráin

Amhráin a chanadh le gníomharthaí, ar nós

'Ceann, srón, béal, smig'

'Buail do bhosa'

'Déan é seo gach aon duine (fonn: 'Everybody do this just like me')

'Hócaí, Pócaí'

### Damhsaí tíre

Féach an snáithe *Damhsa* sa chorpoideachas.

### Gluaiseacht leis an mbuille

Cá gcuirfimid an buille?

Éisteann na páistí agus an múinteoir le ceol a bhfuil buille láidir aige agus roghnaíonn siad ball amháin den chorp, mar shampla an ghlúin, chun freagairt don bhuille. Nuair a thugtar comhartha, athraíonn páistí go ball eile den chorp.

### Leathnú

- Baill an choirp ag uainíocht ar a chéile i seicheamh dhá bhuille; taispeánann na páistí an chéad bhuille le luail de chaol na láimhe agus an dara buille le luail den ghualainn.
- Marcáiltear an buille le dhá bhall dhifriúla den chos, mar shampla na sála agus na barraicíní.

### Nuair a stopann an ceol

Gluaiseann na páistí leis an mbuille timpeall an tseomra. Nuair a stopann an ceol tadhlaíonn siad dhá bhall dhifriúla den chorp, m.sh. uillinn agus cos.

## Leathnú

Nuair a stopann an ceol, téann na páistí ina mbeirteanna agus cinneann cé hé A agus B. Ainmníonn an múinteoir (nó an ceannaire) dhá bhall dhifriúla den chorp, m.sh. gualainn agus ceann. Tadhlaíonn A gualainn B lena lámha agus tadhlaíonn B ceann A lena lámha. Gluaiseann siad thart faoin seomra ar an tslí seo go dtí go dtosaíonn an ceol arís, agus ansin scarann siad lena chéile agus gluaiseann siad go saor leis an mbuille arís.

## Bleachtaire an bhuille

Cuirtear páiste amháin, 'bleachtaire an bhuille', amach as an seomra ar fad. Ceaptar páiste eile ansin mar 'choimeádaí an bhuille'. Seasann coimeádaí an bhuille agus na páistí eile i gciorcal; bogann coimeádaí an bhuille ball amháin dá c(h)orp le buille an cheoil, agus déanann gach aon duine aithris ar an luail. Ó am go chéile athraíonn coimeádaí an bhuille an luail. Tagann bleachtaire an bhuille ar ais agus déanann sé/sí iarracht ar choimeádaí an bhuille a aithint. Nuair a stadann an ceol, ceaptar coimeádaí buille nua agus tosaíonn an cluiche arís.



I spás rómhór, d'fhéadfadh sé bheith cabhrach líne chríche a mharcáil agus na gníomhaíochtaí a choinneáil laistigh de spás níos lú.

## Spás

Bíonn go leor spáis ag teastáil ó pháistí le haghaidh gníomhaíochta gluaiseachta. Ba é an bharrshamhail é dá reáchtálfaí gach seisiún gluaiseachta i halla ilfhóinteach nó i seomra mór a mbeadh spás go leor ann do na páistí le haghaidh gluaiseachta. Murar féidir é seo a dhéanamh, d'fhéadfaí an rang a roinnt ina ghrúpaí chun uainíocht a dhéanamh ar a chéile le haghaidh cleachtaí gluaiseachta agus, chomh maith, d'fhéadfadh páistí gluaiseachtaí áirithe a chleachtadh in aon spota amháin. I spásanna móra d'fhéadfadh go mbeadh fadhb ann smacht a choinneáil ar ghrúpaí, chomh maith le fadhbanna cloisteála. Nuair a bhíonn an spás rómhór, d'fhéadfadh sé bheith cabhrach líne chríche a mharcáil agus na gníomhaíochtaí a choinneáil laistigh de chuid den seomra. D'fhéadfaí roinnt bunrialacha a leagan síos roimh thosú ar an ngníomhaíocht.

## Cluichí amhránaíochta

Eascraíonn an-chuid gníomhartha go nádúrtha as amhráin agus gabhann siad go nádúrtha leo. Forbraítear mothú ar an rithim trí ghluaiseachtaí coirp i gcluichí amhránaíochta toisc go mbíonn an páiste gafa go hiomlán leo, agus é/í ag baint taitnimh as na cluichí agus ag léiriú na ngluaiseachtaí rithimeacha a mhúsclaíonn focail an amhráin. (Féach Eiseamláir 9)

## Gníomhamhráin

Tionscnamh mealltach taitneamhach eile ar fhreagairt rithimeach don cheol is ea amhráin ar féidir iad a chanadh agus a mbíonn luailí ag gabháil leo. Bíonn siad seo thar a bheith áisiúil nuair nach mbíonn go leor spáis ann toisc gur féidir an-chuid acu a léiriú i spás an pháiste féin. Nuair a bhíonn na hamhráin de ghlanmheabhair ag na páistí, is féidir focail nó nathanna cainte a fhágáil ar lár agus leanúint ar aghaidh leis na luailí. Is bealach an-mhaith iad gníomhamhráin chun tuiscint do bhuille agus tuiscint do rithim a fhorbairt. (Féach Eiseamláir 10)

### Roinnt bunrialacha don ghluaiseacht

- Ná tosaígí ag gluaiseacht ach amháin nuair a thugtar an comhartha nó nuair a thosaíonn fuaim áirithe.
- Éistigí go haireach leis an gceol nó le foinse na fuaime agus sibh ag gluaiseacht.
- Stadaigí i gcónaí nuair a stopann an fhuaim nó nuair a thugtar comhartha a socraíodh roimh ré, ar nós buille druma nó croitheadh tambóirín.
- Ná bainigí le duine ar bith agus sibh ag gluaiseacht, murar cuid shonrach den ghníomhaíocht ghluaiseachta í.

# Eiseamláir 9

## Cluiche amhránaíochta

naíonáin go dtí rang 2

### ‘Sheol mise litir’

Cluiche amhránaíochta traidisiúnta




### Canadh:

‘Sheol mise litir chuig mo char’ is ar an mbealach thit sí.
Duin’ agaibhse a phioc suas í, is chuir sibh in bhur bpóc’ í.’
Cantaireacht:
‘Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé, seacht, ocht, naoi, deich!’

Baineann páisti óga taitneamh as an gcluiche seo, ina gcailltear rudaí agus ina dtagtar orthu, a imirt. Seasann na páistí i gciorcal agus páiste amháin ag siúl timpeall ar an taobh amuigh. Ag deireadh an amhráin, ligeann an páiste ar an taobh amuigh don litir titim ag cosa duine de na páistí agus tosaíonn sé/sí ag rith mórthimpeall an chiorcail. Bíonn ar an bpáiste ar fágadh an litir ag a c(h)osa iarracht a dhéanamh breith air/uirthi. Má éiríonn leis an dara páiste breith ar an gcéad pháiste fad a bhítear ag comhaireamh go dtí a deich, bíonn sé/sí féin ina c(h)eannaire agus imrítear an cluiche arís.

# Eiseamláir 10

Gníomhamhrán

naíonáin go dtí rang 2

## ‘Buail do Bhosa’




## ‘If You’re Happy’




Pé bualadh bos, cniogóga nó comharthaí cinn a úsáidfear chun na hamhráin seo a choinneáil ar siúl go rithimeach, tá sé riachtanach go mbeidh siad cruinn díreach ar an mbuille; is ceart, áfach, aon chleachtadh ar leith a dhéanfar ar na gníomhartha a bheith gairid, mar is ceart taitneamh a bhaint as na hamhráin ar a son féin.

## Éisteacht agus gluaiseacht in éineacht leis na gnéithe ceoil

Is maith an meán í an ghluaiseacht chun tuiscint na bpáistí ar roinnt mhaith de na gnéithe ceoil a fhorbairt. Is ceart na páistí a spreagadh chun pé gluaiseachtaí is maith leo féin a úsáid chun coincheapa éagsúla a chur in iúl, ach, ag an am céanna, d'fhéadfadh na moltaí a thugtar thíos bheith ina bpointí tosaithe fóinteacha.

### Rithim

| | |
|---|---|
| • fuaimeanna fada | tarraingt, coiscéimeanna móra á dtógáil, brú i dteannta le comhghleacaí, adhmad á ghearradh le sábh |
| • fuaimeanna gearra | coiscéimeanna beaga, casúireacht, preaba tapa |
| • fuaimeanna cothroma | ag rith, ag siúl, ag sleamhnú, ag luascadh |
| • fuaimeanna míchothroma | ag dul ar cosa in airde, ag déanamh leiprí |
| • patrúin | raon de luailí coirp mar fhreagairt ar rithim amhrán, ar rithim rann agus ar rithim cluichí amhránaíochta |
| • béim, méadar | luailí nó fuaimeanna simplí coirp chun aithris a dhéanamh ar bhuillí láidre agus ar bhuillí laga |

### Séis

| | |
|---|---|
| • ard agus íseal | ag dul ó ard go híseal, ó bheith ag seasamh go bheith ar ghogaide |
| • cruth séiseach | ag cromadh, ag dul suas agus ag dul síos, ag luascadh |

### Luas

| | |
|---|---|
| • tapa | ag rith, ag dul ar chosa in airde, ag déanamh leiprí |
| • mall | ag seasamh, ag léim |
| • measartha tapa, measartha mall | ag tabhairt truslóige, ag siúl |
| • ag éirí níos tapúla, ag éirí níos moille | athrú luais agus gluaiseachta de réir a chéile |

### Dinimic

| | |
|---|---|
| • glórach, bog | luailí troma/luailí éadroma, luailí láidre/luailí laga, luailí fuinniúla/luailí réidhe |
| • leibhéil éagsúla de ghlór agus de bhoige; ag éirí níos glóraí, ag éirí níos boige | leibhéil éagsúla de mheáchan nó de theannas matán, athrú teannais de réir a chéile |
| • athruithe tobanna ó ghlórach go bog | athruithe tobanna teannais |

### Uigeacht

| | |
|---|---|
| • fuaimeanna aonair, fuaimeanna lena chéile | is féidir le páistí gluaiseacht ina n-aonar nó le chéile, nó is féidir le grúpaí gluaiseacht mar ghrúpaí aonair nó mar ghrúpaí le chéile |
| • crónán nó tionlacan | luail a choinneáil ar siúl fad is a bhíonn duine eile ag léiriú luaile atá i gcodarsnacht léi |

### Comhdhéanamh

| | |
|---|---|
| • véarsaí nó míreanna | úsáideann páistí luailí difriúla mar thionlacan do gach véarsa nó do gach mír |
| • tús agus críoch | luailí tosaithe agus luailí scoir a léiriú |
| • foirm AB nó foirm ABA | léiríonn páistí luailí codarsnacha do A agus do B. |

# Eiseamláir 11

## Éisteacht le ceol Gaelach agus freagairt dó — gach rang

De thoradh an raoin leathain fhorásaigh thaifeadtaí de cheol traidisiúnta na hÉireann atá ar fáil is féidir le múinteoirí an-chuid samplaí de scoth an cheoil sin (agus de cheol traidisiúnta atá faoi thionchar smaointe nua-aimseartha) a roghnú lena gcuimsiú sa chlár éisteachta. Is féidir freastal ar chuspóirí na héisteachta agus ar an raon éagsúil freagartha trí shamplaí de cheol Gaelach a úsáid.



### An ceol a phlé

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a chur chun an plé a spreagadh:

- Cár chuala tú ceol mar seo roimhe seo?
- Cad é a chuireann sé i gcuimhne duit?
- Cad iad na mothúcháin a mhúsclaíonn sé ionat?
- An bhfuil buille láidir ag an gceol?
- An bhfuil an ceol tapa nó mall?
- Cé mhéad seinnteoir is féidir leat a chloisteáil—duine, beirt nó níos mó ná beirt?
- An féidir leat aon cheann de na huirlisí a chloiseann tú a ainmniú?
- Conas a ghluaisfeá leis an gceol seo?
- An féidir leat dordán na séise seo a dhéanamh?
- An bhfuil míreanna ann a dhéantar arís agus arís?
- An mbíonn an deireadh céanna ar na míreanna a athdhéantar?

Ar na taifeadtaí de cheol Gaelach faightear:

*Buíonta ceoltóirí*

mar shampla Banna Ceoil Bhuachaillí Ard Aidhin, bannaí céilí, na Chieftains, na Casaidigh, Altan, Planxty

*Ionstraimithe*

mar shampla Mary Bergin, Martin Hayes, Sharon Shannon, Willie Clancy, Eileen Ivers, Mícheál Ó Súilleabháin, Matt Cranitch

*Amhránaithe*

mar shampla Nóirín Ní Riain, Anúna, Dolores Keane, Paul Brady, Andy Irvine

*Tionchar nua-aimseartha*

mar shampla Clannad, Enya, Shaun Davey

*Cumadóirí ceoil cheolchoirme*

John Buckley, Marion Ingoldsby, Gerard Victory, Jane O'Leary

# Eiseamláir 12

## Éisteacht agus freagairt le pictiúir — ranganna 3 go dtí 6

Cuireann an cur chuige seo deiseanna ar fáil chun raon d'fhuaimeanna éagsúla a thógtar as líon ar bith d'fhoinsí a iniúchadh. Is féidir leis an múinteoir uirlisí an tseomra ranga, uirlisí a rinneadh sa bhaile, rudaí as taispeántas sa seomra ranga nó, dar ndóigh, a g(h)uth féin a roghnú chun idéanna fuaime a chruthú. Cé go mbeidh an ceacht dírithe den chuid is mó de ar an snáithe *Éisteacht agus freagairt*, d'fhéadfaí é a chomhtháthú go rathúil leis an snáithaonad 'Líníochtaí a dhéanamh' sa snáithe *Líníocht* sa churaclam amharcealaíon.

*'Tírdhreach, é réabtha ag ceonna agus néalta, ina bhfeicim fothraigh seancheall, chomh maith le fothraigh teampall Gréagach—sin Brahms.'*

*Edvard Grieg*

### Ábhair

- Uirlisí líníochta mar chriáin, phinn luaidhe agus boga, phinn, ghualach, phastail
- Páipéar, é roinnte ina shé bhosca
- Suas le sé fhoinse fuaime nó uirlis a bhfuil tondath éagsúil acu nó a sheinntear ar bhealaí éagsúla

### Céim 1

A thúisce agus a bhíonn na hábhair dáilte, deir an múinteoir leis na páistí a súile a dhúnadh agus éisteacht leis an gcéad fhoinse fuaime. Seinntear an fhuaim faoi dhó, agus spreagtar na páistí le hé a léiriú ar pé bealach is mian leo sa chéad bhosca ar a bpáipéar. Geallann an múinteoir do na páistí nach bhfuil aon bhealach ceart nó mícheart ann chun é seo a dhéanamh.

### Céim 2


Nuair a bhíonn gach ceann de na fuaimeanna déanta, pléann na páistí a léaráidí agus cuireann siad i gcomparáid lena chéile iad ina mbeirteanna nó ina mbuíonta beaga. Seinntear na fuaimeanna arís agus insíonn na páistí na fáthanna ar léirigh siad fuaim ar leith ar bhealach áirithe.



### Céim 3

Is féidir cur leis an gceacht éisteachta trí

- seicheamh a dhéanamh le trí cinn de na fuaimeanna
- leibhéal dinimice roinnt de na fuaimeanna a athrú.



Ag athrú na dinimice

Déanann na páistí na torthaí a phlé agus a chur i gcomparáid arís.

# Eiseamláir 13

## Éisteacht, cur i gcomparáid agus cur i gcodarsnacht

ranganna 3 go dtí 6

Is féidir le píosaí ceoil a bhfuil teidil thuairisciúla orthu pointí tosaithe spreagúla a sholáthar don éisteacht le ceol. Cé gur chóir na dréachtaí ceoil a roghnú ar bhonn a gcáilíochtaí ceoil den chuid is mó de, is fiú dhá dhréacht chodarsnacha a lorg d'aon ghnó nuair is é an cuspóir an líon is mó is féidir de ghnéithe an cheoil a iniúchadh. Arís, is ceart go mbeadh go leor deiseanna ag páistí na dréachtaí a chloisteáil sula dtosaítear ar iad a phlé.

### Céim 1: Éisteacht

Seinneann an múinteoir an dá thaifeadadh ceoil ag tús an cheachta, gan tagairt a dhéanamh do na teidil. Sa chás seo is iad na dréachtaí a roghnaíodh ná 'Eitilt na Bumbóige' le Rimsky-Korsakov agus 'An Fhuiseog ag Éirí' ('The Lark Ascending') le Vaughan Williams.

### Céim 2: Cur síos

Pléitear na dréachtaí ceann ar cheann leis an aird ar na gnéithe ceoil. I gcás páistí óga, is féidir nach n-úsáidfeadh an múinteoir ach téarmaí tuairisciúla amháin, téarmaí ar nós tapa, mall, glórach, bog, mórán nótaí gearra srl. seachas téarmaí teicniúla mar luas, dinimic nó ré. Ní gá gach uile ghné den dréacht a iniúchadh ach b'fhéidir go mbeadh roinnt de na gnéithe seo a leanas le fáil sa chur síos a dhéanfadh na páistí. D'fhéadfaí iad a thaifeadadh ar an gclár dubh mar seo a leanas:

*Eitilt na Bumbóige*

| | |
|---|---|
| Buille: | buillí láidre cothroma |
| Ré: | nótaí gearra i bpatrún leanúnach reatha |
| Luas: | an-tapa |
| Dinimic: | measartha glórach |
| Tuinairde: | ar foluain thart ar roinnt nótaí ag meán-tuinairde, ag bogadh síos suas i gcéimeanna beaga |
| Tondath: | ar théaduirlisí den chuid is mó de, le roinnt gaothuirlisí adhmaid |
| Comhdhéanamh: | athdhéantar roinnt míreanna |
| Meon: | corraithe, gnóthach, bríomhar |

*An Fhuiseog ag Éirí*

| | |
|---|---|
| Buille: | gan mothú láidir buille ann |
| Ré: | meascán de nótaí fada agus nótaí gearra |
| Luas: | mall |
| Dinimic: | ciúin |
| Tuinairde: | tuinairde ó ard go híseal aige; sroichtear nótaí an-arda in áiteanna; bogtar síos suas go mín |
| Tondath: | ar théaduirlisí den chuid is mó de, le haonréad ar veidhlín |
| Comhdhéanamh: | níl na ranna ar leith an-soiléir agus níl mórán athdhéanaimh ann |
| Meon: | socair agus síochánta |

## Céim 3: Cur in iúl

D'fhéadfadh an múinteoir a iarraidh ar na páistí cur síos a dhéanamh ar a gcuireann an ceol in iúl dóibh. Tar éis dó/di éisteacht lena gcuid freagraí agus iad a scríobh ar an gclár dubh, d'fhéadfadh sé/sí a mhíniú ansin do na páistí go gcuireann an ceol dhá fhoirm éagsúla eitilte atá sa dúlra in iúl; d'fhéadfadh sé/sí a iarraidh orthu ansin buille faoi thuairim a thabhairt cad iad na créatúir atá i gceist. Más gá, d'fhéadfadh sé/sí ainmneacha na gcréatúr a gcuirtear síos orthu agus teidil na ndréachtaí a insint do na páistí.

## Céim 4: Leathnú

Mar phíosa amháin eisínte, d'fhéadfadh an múinteoir iarraidh ar na páistí na teicníochtaí, dar leo féin, ar bhain na cumadóirí leas astu chun tuiscint gluaiseachta agus tuiscint eitilte a chur in iúl ina bpíosaí cumadóireachta a mhíniú. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh dóibh seo ní ba dhéanaí i seisiún cumadóireachta ar théama na heitilte. Níos faide anonn, d'fhéadfadh na páistí éisteacht le taifeadtaí eile leis na cumadóirí seo, mar shampla 'The Wasps' Overture' le Vaughan Williams, agus iad a chur i gcomparáid le ceann amháin nó leis an dá cheann de na taifeadtaí roimhe sin.

## Freagraí a chomhtháthú le hachair eile den churaclam

D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na taifeadtaí freisin

- le haghaidh gluaiseacht le ceol sa snáithe *Damhsa* sa churaclam corpoideachais
- chun patrúin agus rithim a iniúchadh sna hamharcealaíona
- chun cónascadh a dhéanamh leis an snáithaonad 'Plandaí agus ainmhithe' san eolaíocht
- mar spreagthach d'fhorbairt na teanga labhartha agus na teanga scríofa.

# Léiriú: amhránaíocht

*Tugann sé mothú leanúnachais agus sástachta amhráin a foghlaimíodh sna blianta roimhe sin a chanadh*

Is é an guth an chéad uirlis a bhíonn ag gach duine. Is féarr é ná gach ceann eile ó thaobh bheith ar fáil de, bheith solúbtha, bheith so-iompair agus ó thaobh costais de. Dá bharr seo is é eochair an oideachais cheoil sa seomra ranga é.

### Amhránaíocht

Bealach an-mhaith í an amhránaíocht chun grúpaí móra páistí a spreagadh chun ceol as a mbainfidh siad taitneamh agus sásamh a dhéanamh. Ag gach leibhéal ranga tugann sé mothú leanúnachais agus sástachta do pháistí amhráin a d'fhoghlaim siad sna blianta roimhe sin a chanadh. Agus an amhránaíocht á múineadh ní mór, i gcónaí, an bhéim a leagan ar lúcháir na hamhránaíochta agus ar na páistí a stiúradh chun a nguth a úsáid chun ceol binn a chruthú. Foghlaimíonn páistí an-óga amhráin tríd an gcluas (nó de ghlanmheabhair). Baineann páistí níos sine taitneamh as an bhfoghlaim tríd an gcluas a nascadh le léamh an cheoil. Canann an múinteoir an t-amhrán, nó seinneann sé/sí ar cheirnín é, nó seinneann sé/sí an tséis ar uirlis, agus canann na páistí ar ais é. Fiú amháin agus iad ag foghlaim tríd an gcluas, áfach, baineann páistí leas as an gceol clóbhuailte a fheiceáil agus iad ag canadh agus ag éisteacht, mar is féidir go bhfoghlaimeoidh siad conas cruth agus treo an cheoil a leanúint. Ar an mbealach seo d'fhéadfadh an fhoghlaim tríd an gcluas scileanna éisteachta agus scileanna léitheoireachta a chomhlánú.

## Amhrán a mhúineadh tríd an gcluas

### An guth a úsáid

Is é seo an modh is fearr ar fad, mar tig leis an múinteoir mír nár airigh na páistí i gceart a chanadh dóibh arís gan cur isteach ar leanúnachas an cheachta trí bheith ag atochras na téipe nó ag athsheinm na líne séise ar uirlis. Is é an múinteoir ranga a chanann lena rang féin an saineolaí, agus dá bharr seo is é guth an mhúinteora an guth is fearr. Tá sé áisiúil, áfach, nóta tosaithe a bheidh oiriúnach do na páistí a aimsiú le huirlis tuinairde i dtosach báire.

### Taifeadadh a úsáid

I gcoitinne, is fearr é má chanann an múinteoir féin le haghaidh na bpáistí. Má úsáidtear téipthaifeadán, beidh sé an-tábhachtach go mbeidh téipáiritheoir air agus go mbeidh an fheidhm atochraiste ag obair i gceart. Mar an gcéanna, tá sé tábhachtach go leanfaidh an múinteoir de lánpháirt a ghlacadh sa cheacht agus go n-úsáidfear an téipthaifeadáin mar acmhainn seachas mar mhalairt ar an múinteoir. Ba chóir seinm na téipe mar 'chúlra' i rith ceachtanna eile a sheachaint, más féidir.

## Roghnaítear amhrán toisc

- é bheith tarraingteach
- go mbaineann sé le genre ar leith
- na focail a bheith oiriúnach
- raon oiriúnach nótaí a bheith ann.

## Uirlis shéiseach a úsáid

Cé gurb é guth an mhúinteora féin an chéad rogha, is féidir go n-éireoidh go geal le huirlis shéiseach a sheinm chun amhráin a mhúineadh. Ní mór don mhúinteoir deimhin a dhéanamh de, áfach, gur féidir leis/léi amhránaíocht na bpáistí a threorú fós, agus go mbeidh sé/sí in ann aire a dhíriú ar an amhránaíocht seachas ar a c(h)uid seanma féin.

## Amhrán a roghnú

Agus amhrán á roghnú, ba chóir go gcuimhneodh an múinteoir ar na critéir seo a leanas:

- taitníonn an t-amhrán leis an múinteoir
- ceapann an múinteoir go dtaitneoidh sé leis na páistí
- baineann sé le ceann de na genres atá i scéim i mbliana
- oireann na focail do leibhéal forbartha agus do thuiscint mhaoithneach na bpáistí
- oireann an raon nótaí do ghuthanna na bpáistí.

Agus amhrán Gaeilge á roghnú, ba chóir go mbeadh tuiscint mhaith ag múinteoirí ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh bheith ag an rang le focail neamhchoitianta nó le téamaí neamhchoitianta. Ba mhór an chabhair é aon obair ullmhúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh mar chuid den chlár Gaeilge nó den chlár staire.

## Ullmhúchán

Go hidéalach, ba chóir go mbeadh an t-amhrán curtha de ghlanmheabhair ag an múinteoir agus nár ghá dó/di dul i muinín cóip den cheol go rómhinic. Caithfidh an rithim agus an tséis bheith go cruinn aige/aici, mar tá cruinneas coincheap chomh tábhachtach céanna sa cheol le cruinneas coincheap sa mhatamaitic. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh tuiscint iomlán a fháil ar fhocail, ar chomhthéacs agus ar chuspóir an amhráin ar mhaithe le bheith in ann a chiall iomlán a chur in iúl do na páistí. Má tá sé/sí ag foghlaim an amhráin den chéad uair, b'fhiú don mhúinteoir aon deacracht a bhíonn aige/aici a thabhairt faoi deara, mar gach seans go mbeidh na deacrachtaí céanna ag na páistí freisin. Bheadh sé cabhrach, freisin, cóip den cheol a mharcáil chun an t-análú a thaispeáint agus chun athruithe dinimice a chur in iúl. Is fearr focail agus ceol an amhráin a chur i láthair na bpáistí ar chlár nó ar chairt, nó iad a theilgean ar scáileán, chun cuidiú leo a n-aird a dhíriú ar na gnéithe suntasacha. Cuireann sé seo le dea-staidiúir san amhránaíocht freisin.

## Nós imeachta

Agus amhrán á thionscnamh aige/aici, is féidir leis an múinteoir cur chuige ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- an t-amhrán a chomhtháthú le hachar eile curaclaim
- an t-amhrán a nascadh le scéal nó le dán
- pictiúr oiriúnach a úsáid chun an suíomh a chruthú

## Amhrán a mhúineadh

- nóta tosaithe
- cumarsáid
- rud éigin le héisteacht faoina choinne
- obair ar an gcéad véarsa
- rud éigin le déanamh gach babhta
- an téama a phlé

- an scéal a chur i láthair gan mórán plé nó gan plé ar bith, agus, ar an tslí sin, caint neamhriachtanach a sheachaint agus ligean don amhrán labhairt ar a shon féin.

Is cuma cé acu a chanann an múinteoir an t-amhrán nó a sheinneann sé/sí ó thaifeadadh é, bá chóir dó/di freisin

- nóta tosaithe oiriúnach a thabhairt ó uirlis thuinairde
- féachaint ar na páistí agus cumarsáid a bhunú leo
- rud áirithe le héisteacht faoina choinne a thabhairt dóibh chun a n-aire a dhíriú.
- an t-amhrán iomlán a chanadh tríd síos, agus ina dhiaidh sin obair a dhéanamh ar an gcéad véarsa amháin (agus ar an gcurfá, más cuí), ag díriú ar na focail, ar an mbuille, ar an rithim, ar an tséis, ar an urlabhra, ar an stíl agus ar an mothú, san ord sin de ghnáth
- téama nó teachtaireacht an amhráin a phlé go hachomair, ag soiléiriú chiall nó fhuaimniú na bhfocal doiléire.

Caithfidh na páistí éisteacht leis an amhrán go minic sula mbeidh siad in ann é a léiriú go neamhspleách. Le gach athéisteacht, áfach, ba chóir go dtabharfaí tasc difriúil dóibh chun a n-aird a dhíriú, mar shampla an rithim a bhualadh, cruth an fhoinn a thaispeáint trí ghothaí, an tséis a chanadh le 'lá-lá', na focail a rá i gcogar nó páirt a ghlacadh i gcurfá simplí.

## Raonta amhránaíochta


Agus an amhránaíocht á múineadh, ní mór don mhúinteoir a mheabhrú go gcaithfear aird agus aire a thabhairt do cháilíocht an toraidh. Braitheann sé seo go mór ar fheasacht an mhúinteora ar raon an amhráin, ar raon gutha na bpáistí agus ar a raon gutha féin.

Tagraíonn 'tessitura' a dhéanamh ar an raon amhránaíochta is mó a mbíonn páiste nó duine fásta compordach leis (mar shampla, b'fhéidir go mbeadh tessitura ard nó íseal ag amhránaí) nó, mar an gcéanna, chun cur síos ar réim amhráin inar féidir formhór na nótaí a fháil. Go minic braitheann cumas páistí ar chanadh i dtiúin ar dheacracht an amhráin a bhíonn á chanadh acu agus cé acu an bhfuil raon an amhráin sin laistigh den raon gutha lena bhfuil siad féin compordach nó nach bhfuil. Ba chóir don mhúinteoir amhráin a roghnú a oirfidh do raon gutha na bpáistí, agus iarracht a dhéanamh dea-thon a bhaint amach, fiú le páistí óga.


## *Raon gutha*

Nuair a bhíonn páistí i ranganna naíonán (páistí ceithre bliana agus cúig bliana d'aois), bíonn cúig nó sé cinn de nótaí sa raon gutha acu de ghnáth (fíor 1). Is beag duine acu a mbeadh ar a c(h)umas amhrán a chanadh a chuimseodh ochtach. Ba chóir go roghnófaí gléasanna a oireann do na páistí seachas cinn a oireann don mhúinteoir nó do thionlacaí.


Má chaitear go cúramach leis bainfidh raon gutha an ghnáthpháiste ochtach amach faoi aois a seacht nó a hocht (fíor 2), agus faoi dheireadh rang 6, ba chóir go mbainfeadh formhór na bpáistí raon gutha amach a chuimseoidh thart ar ochtach go leith (fíor 3).



fíor 1



fíor 2




fíor 3



Is bealach an-mhaith iad gníomhamhráin chun tuiscint do bhuille agus tuiscint do rithim a fhorbairt.

Is féidir rainn chainte a úsáid chun luas tapa agus luas mall a thaispeáint

*Bualla bá báisín,*

*Bualla bá báisín,*

*Timpeall, is timpeall is*

*Timpeall go sásta.*

## Amhránaíocht leis an bhfócas ar na gnéithe ceoil

### Buille

'Buille' an focal a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an mothúchán 'cuisle' i gceol, is é sin an 'bualadh' bunúsach atá ann. Cé go mbíonn tuiscint mhaith do rithim ag formhór na bpáistí bíonn sé deacair orthu an buille a choinneáil cothrom de ghnáth.

Úsáid rithimeach an ghutha ar bhealach ar leith is ea cantaireacht agus tá sé gaolta leis an gcaint agus leis an gcanadh araon. Déanann bunóca go spontáineach í, ag athrá siollaí fánacha mar 'dó-dó-da-da' nó 'mam-a mam-a mam-a' arís agus arís. De réir mar a shealbhaíonn siad an chaint glacann páistí páirt i rainn choitianta, agus is minic dóibh tosú ag cantaireacht na bhfocal a dhéanann rím le chéile. Is cabhair é seo chun feasacht ar bhunbhuille ceoil a fhorbairt i bpáiste óg.

Is iomaí bealach inar féidir rainn pháistí agus cluichí clóis scoile agus cluichí sráide a úsáid; bainfidh páistí níos sine taitneamh as bheith ag obair le cantaireachtaí atá oiriúnach dá n-aois, nó le véarsa córúil nó as bheith ag cruthú a bhfoirmeacha féin trí 'rap', mar shampla.

Ba chóir go mbeadh na cinn seo a leanas ar na gníomhaíochtaí chun an buille a fhorbairt:

- cantaireacht a dhéanamh go rithimeach
- bualadh bos, máirseáil, cniogadh, bualadh na gceathrúna, luascadh lámh nó bogadh leis an mbuille, agus na focail á gcantaireacht ag an am céanna
- gothaí a úsáid.

Nuair a bhíonn tuiscint do bhuille sealbhaithe i gceart d'fhéadfaí cnagadh simplí a chur leis chun

- an buille a choinneáil
- tondath a chur leis
- na focail a léiriú
- spéis agus éagsúlacht a chur leis.

Uirlisí oiriúnacha iad clabhaí, drumaí, bloic adhmaid agus ciombail chun an buille a choinneáil. Bíonn clingmaidí, triantáin, cloigíní, maracas agus tambóiríní an-áisiúil nuair a bhíonn maisíochtaí fuaime á lorg. Ba chóir na páistí a spreagadh chun uirlis a roghnú agus chun an t-am a choinneáil fad a bheidís ag cantaireacht.

### Luas

Is féidir le páistí luas tapa, luas mall agus luas a bhíonn ag athrú a léiriú trí ghluaiseacht: mar shampla, d'fhéadfadh an múinteoir píosa rithime le luas áirithe a bhualadh de bhosa nó a sheinm. Ba chóir na páistí a spreagadh leis an mbuille a choinneáil ar bhealaí éagsúla, mar shampla

- bualadh bos, smeachadh méar, greadadh, cniogadh, máirseáil leis an mbuille, srl.
- bheith ag obair i ngrúpa i gciorcal: buaileann páistí atá in aice a chéile bosa a chéile
- bheith ag obair ina mbeirteanna: bealaí nua chun an buille a choinneáil a aimsiú
- ag máirseáil, ag déanamh leiprí nó ag rince leis an mbuille.

Is féidir cnaguirlisí a úsáid chun luas rann cainte áirithe a léiriú freisin. Ar na huirlisí a mholtar chuige sin tá maracas, clingmhaide, triantán agus bloc adhmaid.

## Rithim

Sraith fhuaimeanna a bhíonn fada, gearr nó ar comhfhad (le sosanna inti nó gan sosanna inti) is ea rithim. B'fhéidir go gcuideodh na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an múinteoir agus leis na páistí feasacht, cruinneas agus tuiscint ar phatrúin rithime a fhorbairt:

- míreanna na rithime a bhualadh de bhosa mar mhacalla (ag déanamh aithrise ar bhualadh bos rithimeach an mhúinteora)
- rithim na bhfocal a bhualadh de bhosa nó a chniogadh
- máirseáil leis an mbuille agus an rithim a bhualadh de bhosa
- ag obair in dhá ghrúpa: cniogann grúpa amháin an buille fad a chniogann an grúpa eile an rithim
- ag obair ina mbeirteanna: an rithim a chniogadh ar ghuaillí an chomhghleacaí
- ag obair ina mbeirteanna: an rithim a chniogadh ar ghuaillí an chomhghleacaí fad a chniogann sé/sí ar an gcoim
- cniogann an múinteoir an rithim agus stopann: taispeánann páistí an focal ar ar stad an múinteoir.

Is féidir bunchoincheapa na dinimice, an aicinn agus an mhírithe a iniúchadh trí aithris a dhéanamh mar mhacalla ar phatrúin rithimeacha; ba cheart go ndéanfadh na páistí uainíocht ar a chéile i ról an treoraí.

Mar chéim i dtreo na cumadóireachta, d'fhéadfadh na páistí freagairt ar phatrún áirithe ar bhealach a bheadh i gcodarsnacht leo.

## Séis

Bíonn sé furasta go leor gnéithe rithimeacha amhráin a mhúineadh ach bíonn sé i bhfad níos deacra, go minic, an tséis a fhoghlaim. Tá sé geall a bheith do-dhéanta botúin séise a cheartú—rud a fhágann gur gá bheith an-aireach faoin gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí an fonn i dtosach báire.

Beidh roinnt de na cleachtais seo a leanas ina gcabhair do pháistí chun séis a fhoghlaim i gceart:

- Pointí tosaithe an-mhaithe iad amhráin a bhfuil freagraí nó macallaí ina gcuid dhílis díobh (m.sh. 'Cé Chuirfidh Tú Liom?'), toisc gur féidir leis na páistí páirt a ghlacadh trí mhíreanna a chanadh go neamhspleách agus gan mórán dua.
- Nuair a bhíonn véarsa agus curfá ag amhrán, d'fhéadfadh an múinteoir an curfá a mhúineadh i dtosach agus ansin d'fhéadfadh na páistí an curfá a chanadh agus an múinteoir na véarsaí a chanadh in uainíocht ar a chéile.
- D'fhéadfadh na páistí aithris a dhéanamh go díreach (amhránaíocht mhacalla) ar mhíreanna séiseacha an amhráin, ar na míreanna deacra go háirithe.
- Canann an múinteoir mír le 'lá-lá', déanann í a chrónán, í a fheadaíl, í a chanadh i sólfá tonach nó í a sheinm ar uirlis, agus bíonn ar na páistí í a aithint, trí fhocail nó trí nodaireacht.
- Is féidir na páistí a spreagadh chun na gnéithe céanna nó gnéithe éagsúla den tséis a lorg san amhrán (míreanna a dhéantar arís, míreanna atá i gcodarsnacht lena chéile, srl.) agus ansin iad a chanadh.

- Is féidir na páistí a spreagadh chun teacht ar ranna san amhrán ina ngluaiseann an tséis de chéimeanna, de léimeanna nó de nótaí athdhéanta, agus ansin iad seo a thaispeáint leis na lámhchomharthaí cuí fad a bhíonn siad ag canadh.
- Déanann an múinteoir cuid den amhrán a chrónán agus stopann: bíonn ar na páistí ansin an áit ar stop sé/sí a aithint.

**Cáilíochtaí lánléiritheacha**

Agus cáilíochtaí lánléiritheacha na hamhránaíochta á bhforbairt, is féidir leis an múinteoir leas a bhaint as roinnt de ghnéithe an chláir éisteachta trí

- amhráin a bhfuil a stíleanna i gcodarsnacht lena chéile a chur i gcomparáid lena chéile agus taifeadtaí nó amhránaíocht an tseomra ranga a úsáid chuige sin. Mar shampla, d'fhéadfaí fonn máirseála agus suantraí a chur i gcomparáid ó thaobh luais, dinimice (glórach nó bog), mothuithe, cáilíochta toin de, agus na háite a bhfuil an buaicphointe.
- iarraidh ar na páistí cinneadh a dhéanamh ar conas ba chóir na hamhráin a léiriú
- iarraidh ar na páistí cur síos a dhéanamh ar a dtarlaíonn do fhonn nuair a chantar é ar bhealach nach n-oireann do na focail nó don chiall.

## Scileanna éifeachtacha amhránaíochta

Is ceart don mhúinteoir **nóta tosaithe** lena bhfuil na páistí compordach a thabhairt dóibh i gcónaí agus iad a spreagadh le hé a chrónán; is fearr go bhfaigheann an múinteoir an nóta ar uirlis thuinairde agus go dtugann sé/sí don rang é ina g(h)uth féin. Is ceart an nóta tosaithe seo a thabhairt don rang gach uair a léirítear an t-amhrán.

Modh éifeachtach chun an gléas a shocrú agus chun a dheimhniú go dtosóidh na páistí ar an nóta ceart is ea an t-amhrán a **thionscnamh** le ceol uirlise, mír dheireanach an amhráin nó ostinato gearr bunaithe ar chordaí an amhráin a úsáid, mar shampla.

D'fhéadfaí an **luas** a thabhairt tríd an luas ceart a chomhaireamh do na páistí ar na buillí cearta, nó d'fhéadfaí é a thaispeáint go briathartha, mar shampla 'An bhfuil sibh ullamh?' a chanadh leis an mbuille agus ar nóta tosaigh an amhráin. Cuir i gcás, don fhonn 'A Shaighdiúirín, a Chroí' taispeántar an buille, ansin déantar trí bhuille a chomhaireamh toisc go dtosaíonn an fonn seo ar an gceathrú buille sa bharra.

Más féidir leis an múinteoir uirlis a sheinm d'fhéadfadh sé/sí í a úsáid i dtús báire chun a c(h)uid amhránaíochta féin a **thionlacan** agus, níos faide anonn, chun amhránaíocht na bpaistí a thionlacan. Ba chóir go mbeadh na gléasanna a roghnófaí don tseinm oiriúnach do ghuth na bpáistí seachas don cheol clóbhuailte nó do chnuasach cordaí a mheasfadh an múinteoir a bheith furasta. Bíonn méarchláir leictreonacha a bhfuil feidhm gléasaistrithe orthu ag mórán scoileanna. Trí chnaipe a bhrú is féidir tuinairde amhráin a ardú nó a ísliú, rud a ligean don mhúinteoir teacht go héasca ar ghléas a bhíonn oiriúnach do na páistí agus dá gcuid amhránaíochta. Chomh luath agus a bhíonn an ceol foghlamtha

ag na páistí tig leis an múinteoir fliúit Shasanach nó uirlis eile a úsáid chun forshéis nó páirt armónach don amhránaíocht a chur ar fáil.


Nuair a bhíonn **pianó** ar fáil, ní mór a mheabhrú go bhfuil sé riachtanach é a thiúnadh go rialta, go háirithe má bhogtar go minic é ó sheomra ranga go seomra ranga nó go dtí an seomra ilfhóinteach agus ar ais. Ba chóir gan an iomarca úsáide a bhaint as an bpianó nó é a sheinm ag leibhéal a mhúchfadh amhránaíocht na bpáistí. Ba chóir don mhúinteoir éisteacht le hamhránaíocht na bpáistí i gcónaí agus iad a spreagadh chun éisteacht leo féin agus leis an rang.

## Stiúradh

Is féidir léiriú féinmhuiníneach a spreagadh agus a ghríosú le gothaí stiúrtha simplí áititheacha. I dtús báire, b'fhéidir nach mbeadh mórán béime ach ar na grúpaí amhránaithe a thosú in éineacht lena chéile agus ar an amhrán a thabhairt chun deiridh le gotha soiléir. Ina dhiaidh sin d'fhéadfadh go n-oibreodh an múinteoir leis na páistí ar bhuille cothrom a choinneáil i rith an amhráin.

Ba chóir don mhúinteoir iarracht a dhéanamh gan an iomarca úsáide a bhaint as a (h)aghaidh, as a c(h)eann nó as a c(h)osa féin. Go hidéalach, ba chóir nach mbeadh i gceist ach gothaí lámh agus ba chóir go spreagfaí na páistí le buille an mhúinteora a leanúint an t-am ar fad. De ghnáth úsáidtear an deasóg chun an buille a thabhairt agus an chiotóg chun cur le cáilíocht an léirithe. Ba chóir don mhúinteoir iarracht a dhéanamh go mbeadh na comharthaí go léir ag teacht lena chéile.


## Stiúradh i luas 2 bhuille





Is féidir feabhas mór a chur ar an gcomhordú trí stiuradh a chleachtadh os comhair scátháin.

Ba chóir a mheabhrú go gciallaíonn buille anuas buille láidir, agus gur bhuille lag nó 'as' é buille aníos.

## Stiúradh i luas 3 bhuille




## Stiúradh i luas 4 bhuille




Is féidir leis an stiúrthóir an méid fuaime atá ag teastáil a thaispeáint sa stiúradh: ba chóir gluaiseachtaí móra a úsáid le haghaidh fuaimeanna glóracha agus gluaiseachtaí beaga le haghaidh fuaimeanna boga.

## Cur le cáilíocht an ghutha

Ba chóir go ndéanfaí gníomhaíochtaí nó teicníochtaí chun cur leis an amhránaíocht nó leis an tseinm a chleachtadh go rialta agus ba chóir go mbeidís gairid agus taitneamhach. Ní mór don mhúinteoir a mheabhrú gur cleachtaí iad seo ar mhaithe leis an léiriú a fheabhsú agus nach críoch iontu féin iad.

### *Staidiúir*

Tá sé riachtanach seasamh nó suí ar bhealach ar féidir leis na scamhóga oibriú gan mhíchompord gan chúngú. Is gá go mbíonn an múinteoir agus na páistí araon réidh agus ullamh chun gnímh, ach ar a gcompord agus ar a suaimhneas freisin. Is féidir go minic nach dea-thoradh in aon chor a bhíonn ar a rá le páistí, 'Seasaigí (nó suígí) suas go díreach'; is féidir nach mbíonn de thoradh air ach iad a dhéanamh righin míchompordach. Spreagadh níos áisiúla is ea é a rá, 'Seasaigí (nó suígí) suas go hard,' toisc go gcinntíonn sé seo go mbeidh staidiúir níos suaimhní acu ach go mbeidh siad díreach chomh hullamh céanna.



### *Cruth an bhéil*

Caithfidh an béal bheith ar oscailt chun an amhránaíocht a bheith go maith, níos mó ná mar is gá don chaint. Sa léiriú, is féidir le fuaimniú áibhéalach cuidiú chun an urlabhra a shoiléiriú agus chun cur le teilgean agus le fuaim an ghutha.

### *Rialú an análaithe*

Ba chóir gurbh iad aidhmeanna dea-rialú análaithe a fhorbairt ná na tréithe análaithe seo a leanas a shealbhú:

- cumas na scamhóga a líonadh go hiomlán
- cumas anáil mhaith a fháil go tapa
- cumas scaoileadh na hanála a rialú.

Ní maith an rud in aon chor é san amhránaíocht iarracht a dhéanamh anáil níos mó a fháil trí na guaillí a ardú, toisc go dteannann sé seo an muineál agus matáin na teanga. Tá análú domhain riachtanach chun na scamhóga a líonadh sa chliabh ar nós balúin: síos agus amach.

Ba chóir go spreagfaí na páistí le cleachtaí a dhéanamh ar go leor aeir a thógáil isteach chun a nguth amhránaíochta a choinneáil ar siúl

- trí ion-análú, agus ansin fuaim amhránaíochta, 'á' nó 'nó', a choinneáil ar siúl
- trí chodanna den aibítir a rá le haon anáil amháin.


Déanfaidh na cleachtaí sin a bhfeasacht ar thábhacht an análaithe san amhránaíocht a fhorbairt.

Is beag an mhaith é do pháistí óga, áfach, cleachtaí análaithe a dhéanamh ar leithligh. Tá sé níos úsáidí don mhúinteoir deimhin a dhéanamh de go n-éiríonn páistí cleachtach ar anáil dhomhain a thógáil sula gcanann siad, gan é a scaoileadh go róthapa, agus iad a spreagadh le canadh le míreanna an cheoil, is é sin, análacha a thógáil ag pointí ciallmhara.


## Cleachtaí gutha simplí

Cé gur le córamhránaíocht fhoirmiúil a shamhlaítear cleachtaí gutha de ghnáth, bíonn sé áisiúil don mhúinteoir agus do na páistí araon an guth a bheochan roimh amhránaíocht, go háirithe má bhíonn taifeadadh á úsáid mar acmhainn. Cuimsítear roinnt rialacha ginearálta sna moltaí seo a leanas:


- Cleachtaí crónáin: míreanna ceoil a chuimsíonn fuaimeanna leathana gutaí, ar nós 'ma' nó 'má,' is fearr




- Ba chóir go dtosófaí ar an gcrónán ag tuinairde atá ard ach compordach, agus ansin oibriú anuas, mar shampla an chéad mhír de 'Aoibhneas don Domhan' a chrónán nó a chanadh de réir 'má'.



- Ba chóir nótaí arda a chanadh go bog. Ba chóir go spreagfaí páistí leis an nguth cinn amháin (.i. ton milis feagach athshondach) a úsáid agus le diúltú ar fad do ghuth garbh scréachach grágach.




- Is iad fuaimeanna ghutaí na hIodáilise na fuaimeanna gutaí is coitianta a fhaightear san amhránaíocht. Is mar seo a fhuaimnítear iad sa Ghaeilge:

  Á ar nós *tá*


  É ar nós *mé*

  Í as nós *mír*

  Ó ar nós *fód*


  Ú ar nós *úll*.

- Ba chóir áibhéal a dhéanamh ar thondath na ngutaí, chun go mbeidís go léir glinn agus glan. D'fhéadfadh gur chabhair é an cleachtadh seo a leanas:




Ardaítear an airde de réir a chéile, tosaítear ar D an chéad uair eile agus úsáidtear dhá ghuta eile.

- Ba chóir go mbeadh na consain glan freisin, ach gan bheith sáiteach, agus go bhfuaimneofaí iad go glinn agus go tapa. D'fhéadfadh an cleachtadh seo a leanas, ina n-úsáidtear rabhlóg choitianta, dúshlán na bpáistí a thabhairt, ach tá sé taitneamhach mar sin féin. Is féidir leis an múinteoir rabhlóga eile nó nathanna cainte as teangacha eile a úsáid in áit na rabhlóige a thugtar anseo thíos.




## Rap an choirp

Cosa ar an talamh ceann díreach ar aghaidh

Crom na glúine beagán ar a laghad!

Roll na cromáin, dírigh an droim

Cliabhrach suas, in ionad síos!

Guaillí siar siar arís

Ceann san aer is ná bí duairc!

Lámha síos le do thaobh

Coinnigh ar do chasóg iad!

Seo an chaoi a seasann tú

Chun canadh amach go hard is go binn!

Aistriúchán bunaithe ar 'Posture Rap' le Kenneth H. Philips

# Eiseamláir 14


## Amhrán a mhúineadh ranganna 1 go dtí 6

Is cuma má chinneann an múinteoir ar amhrán a mhúineadh tríd an gcluas nó trí mheascán de theagasc tríd an gcluas agus theagasc trí nodaireacht. Bunaítear an sampla seo a leanas ar amhrán agus úsáidtear é chun roinnt de na pointí teagaisc a rianaíodh sna leathanaigh roimhe seo a léiriú. Tá an cur chuige solúbtha agus is féidir é a chur in oiriúint d'amhráin éagsúla nó do stíleanna éagsúla teagaisc. Léirítear mar is féidir fonn amháin a chur i láthair ar roinnt bealaí fad a dhírítear aird na bpáistí ar ghné éagsúil gach babhta. Cé gur ceacht amhránaíochta é seo, leagtar an bhéim den chuid is mó ar éisteacht agus ar fhreagairt, chun taithí a thabhairt do na páistí ar an amhrán. Bheadh tacar eile de phointí teagaisc ag teastáil dá mbeadh an t-amhrán á ullmhú le haghaidh léirithe. Rud eile nach mór a mheabhrú ná gur ceart éagsúlacht a shaothrú i gceachtanna amhránaíochta trí amhráin aithnidiúla a chanadh ag tús nó ag deireadh an tseisiúin, nó trí chuid d'amhrán eile a fhoghlaim.

### A Shaighdiúirín, a Chroí



*Déantar an t-amhrán seo a stiúradh in am 4 bhuille agus tosaíonn sé ar an gceathrú buille sa bharra:*




## Pointí teagaisc

- Is féidir leis an múinteoir an nóta D, an nóta tosaithe a thugtar sa cheol, a fháil ar fheadóg stáin D (gach poll dúnta), ar fheadóg thuinairde, ar mhéarchlár nó ar uirlis eile thuinairde.
- Deir an múinteoir leis na páistí go bhfuil sé/sí chun amhrán ina n-insítear scéal a chanadh (nó a sheinm ar théipthaifeadán), agus go n-iarrfaidh sé/sí orthu an scéal a insint ag an deireadh.
- Canann an múinteoir an t-amhrán (nó seinneann sé/sí taifeadadh de) agus é/í ag féachaint ar na páistí i rith an ama agus i gcumarsáid leo.
- Ansin b'fhéidir go n-iarrfadh sé/sí ar na páistí scéal an amhráin a insint.
- Sula gcanann sé/sí an chéad véarsa arís, b'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na páistí éisteacht chun a fháil amach cad tá á iarraidh ag an saighdiúir sa chéad véarsa.
- Ag an gcéad chanadh eile b'fhéidir go ndéanfadh an múinteoir an fonn a chrónán, ag stopadh ag deireadh gach míre (.i. ag na focail 'drum', 'orm', 'ann' agus 'drum'), chun iarraidh ar na páistí faire amach d'aon mhír atá cosúil nó éagsúil lena chéile (tá míreanna 1, 2 agus 4 cosúil lena chéile).
- D'fhéadfadh an múinteoir na páistí a spreagadh leis an mbuille a choinneáil trí chniogadh go bog le pinn luaidhe i rith an chéad chanta eile.
- Sa chéad chanadh eile beidh na páistí ullamh chun páirt a ghlacadh sa líne athdhéanta 'A shaighdiúirín, a chroí, will you marry marry me,' cé go bhféadfadh nár mhór iad a ghríosú chuige sin.
- Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh an múinteoir cóip de na focail a thaispeáint, trí í a iad ar scáileán nó ar chairt bhalla, agus dhéanfadh sé/sí na páistí a spreagadh leis an gcéad véarsa a chanadh in éineacht leis/léi féin.
- Le cabhair an mhúinteora, d'fhéadfadh na páistí uirlis nó dhá uirlis a mbeadh tondathanna i gcodarsnacht lena chéile acu (tambór agus bloc adhmaid déthonach, mar shampla) a roghnú chun an chéad chanadh eile a thionlacan.
- B'fhéidir go molfadh an múinteoir go gcoimeádfadh an tambór an buille agus go seinnfí patrún athdhéanta (nó ostinato) leis an mbloc adhmaid sa chéad chanadh eile.
- D'fhéadfaí grúpaí beaga nó páistí aonair a roghnú chun an t-amhrán a léiriú, le tionlacan agus gan tionlacan.
- Déanann an rang ar fad léiriú deiridh an amhráin.


## Páirtamhránaíocht a fhorbairt

Cuireann páirtamhránaíocht shimplí dath, doimhneacht agus an-chuid sástachta le gnáthamhránaíocht an tseomra ranga. Ach ní bhraitheann páirtamhránaíocht ar shaineolas amhránaithe ar leith a roghnaítear d'aon ghnó chun go n-éireoidh léi. Tarlaíonn an-chuid de na gníomhaíochtaí a luaitear thíos mar leathnú spontáineach agus loighiciúil ar an amhránaíocht aonghuthach (.i. gach páiste ag canadh na páirte céanna); mar sin, má choimeádtar na gnéithe ceoil i gcuimhne, is féidir go mbeadh páirtamhránaíocht shimplí inshroichte agus is féidir leas a bhaint aisti.


Sa churaclam ceoil, déantar an pháirtamhránaíocht a thionscnamh trí roinnt feistí a chur i láthair sa snáithe Léiriú—feistí a éiríonn níos deacra de réir a chéile. Ostinati (patrúin a athdhéantar arís is arís eile), dordáin, rothlaim, amhráin le páirtí agus páirtamhráin iad seo.

### Ostinato

Bíonn gníomhaíochtaí ar siúl ag gach leibhéal ar fud an churaclaim cheoil ina gcuimsítear deiseanna chun ostinati a úsáid. Fiú sna ranganna naíonán, ullmhófar an páiste d'obair dhépháirteach níos faide anonn tríd an mbuille a choinneáil le bualadh bos nó le máirseáil. Téann an páiste ar aghaidh ó bheith ag coinneáil buille cothrom chuig feasacht a fháil ar an bpatrún rithime, agus ina dhiaidh sin chuig patrún rithime athléirithe nó ostinato. Bíonn an éifeacht is mó ag ostinato nuair a bhíonn sé i gcodarsnacht leis an gcuid eile den rithim nó den tséis. Mar shampla, más é seo rithim amhráin



is féidir patrún atá i gcodarsnacht léi a sholáthar mar ostinato, cosúil leis seo



### Dordáin

Bíonn nótaí nó cordaí fada marthanacha an-áisiúil i bhforbairt na páirtamhránaíochta freisin. Is féidir le múinteoirí an coincheap a thionscnamh le páistí ag céim an-luath trí lámhchomharthaí a úsáid. Mar shampla, d'fhéadfadh an múinteoir leath amháin den rang a stiúradh chun *mi* a chanadh, fad a bheadh an leath eile ag canadh *lah, soh, mi.*

*Grúpa 1:*

*m - - - l - - - s - - - m - - - d - - - m*

*Grúpa 2:*

*m - - - - - - - - - - - - - - - - - - - -*

Mar an gcéanna, is féidir foinn pheinteatonacha a thionlacan le nótaí nó le cordaí marthanacha a bhunaítear ar phatrúin séise san fhonn. I dtosach báire d'fhéadfaí iad seo a sheinm ar bharra clingíní amháin nó ar dhá cheann chun go gcuirfí ar chumas na bpáistí mothú ar armóin a bhrath.

Níos faide anonn d'fhéadfadh an múinteoir an dara páirt a mhúineadh go díreach nó d'fhéadfadh sé/sí dúshlán sa bhreis a thabhairt do na páistí trí cheisteanna a chur ar nós 'Cé a oibreoidh amach an fonn rúnda atá á sheinm ar na barraí clingíní?' agus 'Cé a chanfaidh an fonn rúnda?'

Ó thús báire amach ní ceart ligean do na páistí a gcluasa a dhúnadh mar, sa pháirtamhránaíocht, ní mór do na hamhránaithe éisteacht leis na guthanna eile chun iad a chumasc le chéile go binn.

## Rothlaim a mhúineadh

Is féidir úsáid a bhaint as na céimeanna teagaisc seo a leanas chun rothlaim a mhúineadh ar bhealach stuchtúrtha:

- Múineann an múinteoir an rothlam tríd an gcluas i dtosach (féach 'Amhrán a mhúineadh tríd an gcluas' ar lch 72). Is fearr roinnt seisiún a chaitheamh air seo chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an fonn sealbhaithe i gceart.
- Nuair a bhíonn an fonn sealbhaithe ag na páistí tagann an múinteoir isteach go bog mar an dara guth. Cuidíonn sé seo leis na páistí teacht isteach ar an armóin.
- Tosaíonn an múinteoir an rothlam agus tugann sé comhartha do na páistí nuair is ceart dóibh teacht isteach.
- Roinntear an rang ina dhá leath.
- Canann an dá ghrúpa agus cuireann an múinteoir an tríú guth leo.
- Roinntear an rang ina thrí ghrúpa.
- Nuair a bhíonn an méid seo go léir sealbhaithe ag an rang, is féidir leis na páistí triail a bhaint as ina mbeirteanna nó ina dtriúir.

Ba chóir na páistí a spreagadh chun rothlaim a léiriú go han-bhog, nó fiú trí chrónán a dhéanamh, chun gurbh fhéidir leo éisteacht leis an gcaoi a bhfuil na páirteanna go léir fite fuaite ina chéile. Tá sé tábhachtach nach ndéantar comórtais béicíola agus luais de léirithe rothlam. Ba chóir go ndéanfadh an múinteoir deimhin de go gcríochnófaí na míreanna le chéile trí chomhartha stoptha a thabhairt do na páistí ag pointe áirithe nó ag deireadh míre, chun go n-éistfidís leis na páirteanna eile.

Is féidir léiriú rothlaim a leathnú trí sheinm uirlise a chumasc leis an líne ghutha. D'fhéadfaí triail a bhaint as rothlaim a mbeadh miontonúlacht acu freisin.

## Amhráin le páirtí agus páirtamhráin

Ba chóir go leanfaí cur chuige comhchosúil leis na moltaí thuas chun amhráin le páirtí nó páirtamhráin a mhúineadh. Arís, ba chóir go mbeadh na páistí in ann gach ceann de na hamhráin le páirtí a chanadh go muiníneach sula dtabharfaí aghaidh ar iad a chanadh le chéile. Nuair a bhíonn an dara páirt agus í neamhaithnidiúil á cur le fonn, os cionn líne na séise nó faoina bun, d'fhéadfadh amhráin nó foinn a bhfuil aithne mhaith ag na páistí orthu cheana féin (mar shampla rainn pháistí nó carúil Nollag) bonn docht daingean a chur ar fáil ar féidir an pháirt nua a chur leis.

## Léirithe poiblí

I rith na bliana scoile ar fad cuireann tionóil scoile deiseanna iontacha ar fáil le haghaidh raonta de theagmhálacha le ceol ar bhonn leathfhoirmiúil. Ina measc seo bíonn deiseanna do pháistí a gcuid oibre féin nó obair daoine eile a léiriú, nó bheith ar bhaill an lucht éisteachta. Má bhíonn deis ag na hoirfidigh mothú don ócáid agus don lucht éisteachta a fhorbairt cuirfidh na himeachtaí seo go mór le saol cultúrtha na scoile, fiú más féidir leo bheith difriúil lena chéile ó thaobh faid, stíle nó ábhair.

Cuireann ceolchoirm, geamaireacht, ceolchluiche nó oíche ealaíne fóram speisialta poiblí ar fáil do léiriú an cheoil. Amhail gníomhaíochtaí eile ceoil, ba chóir go n-eascródh an léiriú seo go nádúrtha as clár an ranga sa cheol agus sa drámaíocht, agus a mhalairt go cruinn. Ba chóir gur thaithí thaitneamhach é an léiriú do chách a mbeadh baint acu leis.

I mórán scoileanna, is féidir go mbeidh saineolas ar léirithe cór, bannaí ceoil nó ceoil ar fáil go furasta i measc na dtuismitheoirí nó sa phobal féin, agus ba chóir deiseanna a thapú chun tallanna a spreagadh agus chun tacú le tionscnaimh.



Is féidir cur le gníomhaíochtaí an tseomra ranga trí léirithe scoile



Cór Náisiúnta na bPáistí ag canadh sa Cheoláras Náisiúnta




Grúpa ceoil ag seinm ar an bhfliúit Shasanach ag Córfhéile na Scoileanna

## Cóir agus bannaí ceoil

Taithí an-tairbheach do pháistí is ea rannpháirtíocht a ghlacadh i gcór scoile, i ngrúpa ceoil, i mbanna ceoil nó i gceolfhoireann. Ba chóir go gcuirfeadh cuimsiú na páirtíochta seo sa churaclam le ceol an tseomra ranga agus nach nglacfadh sí a ionad. Ba chóir go dtacódh an príomhoide agus foireann iomlán na scoile go díograiseach leis an obair seo.

Is iomaí tosca ar a mbraitheann sé cá háit, cathain agus cad é a sheinneann nó a chanann grúpa. I mórán cásanna, bíonn ról liotúirgeach ag cóir agus ag ionstramaithe scoile ar ocáidí speisialta. Tá an chomhsheasmhacht riachtanach, áfach, agus ní mór monatóireacht leantach agus deiseanna rialta léirithe a bheith ag ceoltóirí óga má tá an rath le bheith orthu. Stór amhrán ina bhfuil éagsúlacht maidir le stíl, le luas, le ré, le teanga, le mothú, le raon, le líon na bpáirteanna, le castacht, agus le héilimh theicniúla is fearr a cheapfaidh samhlaíocht na n-oirfideach agus na n-éisteoirí.

## Sárú deacrachtaí san amhránaíocht

Ba chóir gur chuid dhílis de shaol an tseomra ranga i rith na bliana scoile an amhránaíocht, ach uaireanta, de thoradh easpa cleachtaidh i rith tréimhse saoire, tagann meath ar cháilíocht ghuth na bpáistí. Is féidir déanamh ceoil ghutha a athnuachan i rith seachtainí tosaigh téarma, áfach, trí chleachtaí rialta fuinniúla taitneamhacha amhránaíochta.

Uaireanta, tiocfaidh múinteoir ar pháistí aonair a bhfuil deacrachtaí san amhránaíocht acu. Déantar tagairt dá leithéidí, ar uairibh, mar pháistí atá 'tonbhodhar', ach i ndáiríre is annamh a bhíonn páistí faoi oll-tonbhodhaire. De ghnáth, is é táirgeadh an ghutha an fhadhb agus ní deacrachtaí éisteachta a bhíonn i gceist. Is iomaí aicme de dheacrachtaí san amhránaíocht atá ann; b'fhéidir go mbeadh na moltaí seo a leanas cabhrach do mhúinteoirí a bheadh ag iarraidh fadhbanna páistí aonair a fhuascailt:

### Obair le daoine aonair

- Ba chóir an páiste a spreagadh le tabhairt faoi raon de fhreagraí gutha a bheadh thar a g(h)náthshaothrú féin. D'fhéadfaí cluichí gutha a úsáid chuige sin—rudaí ar nós aithris ar ainmhithe nó ar éin, ar bhlas cainte eachtrannach, ar ghuthanna carachtar i gcartúin, nó aithris ar thormán innill nó ar bhonnáin a bheadh i gceist.
- Ba chóir an páiste a spreagadh lena raon tuinairde a leathnú trí bhogadh ar aghaidh de chéimeanna boga réidhe amach ón mbunraon a bheadh ar a c(h)umas. Is féidir leis na páistí é seo a thriail ina mbeirteanna chomh maith: ag bogadh síos nó suas ar a seal ó thuinairde a shocraítear.
- Maidir le cásanna ina mbíonn an tuinairde ró-íseal, is féidir go bhfaighidh múinteoirí fireann amach gur cruinne a bhfreagraíonn páistí aonair do raon cuaiche an mhúinteora ná dá ghnáthraon teanóir-doird.
- Is féidir leis an múinteoir cuidiú leis an bpáiste a fháil amach gur crith í an fhuaim (in uirlisí agus i nguth) agus is féidir crónán a dhéanamh chun go bhfaighidh sé/sí amach go gcreathann beola, cordaí gutha, poill sróine agus cuas an chléibh nuair a dhéantar fuaim.

### Obair le grúpaí nó leis an rang ar fad

- Is féidir go mbeadh tuinairde ró-íseal nó tuinairde ró-ard ag roinnt páistí agus iad ag iarraidh aithris a dhéanamh ar na fuaimeanna a dhéantar ar uirlis, ar nós pianó nó giotáir. Seans go bhfuasclófaí an fhadhb seo trí na páistí a spreagadh le haithris a dhéanamh ar ghuth an mhúinteora.
- D'fhéadfaí an rang a athghrúpáil don cheacht amhránaíochta chun go mbeadh na hamhránaithe is laige os comhair na n-amhránaithe maithe. Níor mhór an t-atheagrú seo a dhéanamh go híogair ionas nach mbraithfeadh aon pháiste é/í féin bheith uireasach ó thaobh an cheoil de. Dá mbraithfeadh shárófaí cuspóir na hathghrúpála.

Mar ghníomhaíocht ranga d'fhéadfadh gach páiste a f(h)uaim féin a chrónán agus ansin éisteacht leis na páistí eile go dtí go mbeadh dordán gach duine eile mar an gcéanna.

# Litearthacht sa cheol: cur chuige

Ar fud an churaclaim is féidir le páistí taitneamh a bhaint as raon leathan d'eispéiris sna snáitheanna *Éisteacht agus freagairt, Léiriú* agus *Cumadóireacht* gan bacadh le léamh ná le scríobh an cheoil. Mar sin féin, cuireann eolas ar bhunghnéithe litearthacht an cheoil raon mór d'fhaisnéis, de scileanna agus de thuiscint níos doimhne ar fáil. I measc na mbuntáistí don pháiste a bhaineann le litearthacht sa cheol tá an cumas

- ceol nua a iniúchadh go neamhspleách
- a c(h)eol féin a thaifeadadh lena fháil ar ais nó lena leasú níos déanaí
- a c(h)eol féin a roinnt ar dhaoine eile agus a fhionnadh mar a léirmhíníonn agus a léiríonn daoine eile é
- mar a chruthaigh cumadóir eile ceol agus mar a d'aimsigh sé/sí roinnt maisíochtaí a thuiscint
- smaoineamh i bhfuaim, rud a chuireann leis an gceoltóireacht
- dúil chun an ceol a fhoghlaim amach anseo a fhorbairt.

Ba chóir go dtiocfadh an-chuid taithí, gan nodaireacht, ar éisteacht agus ar fhreagairt, ar léiriú, agus ar chumadóireacht roimh léamh agus roimh scríobh an cheoil agus ina ndiaidh. Ba chóir go bhfaigheadh páistí ag gach leibhéal taithí shaibhir thaitneamhach ar cheol ar fud shnáitheanna an churaclaim agus, le cabhair ón múinteoir, ba chóir go dtiocfaidís ar chártaí, ar phóstaeir nó ar leabhair le nodaireacht iontu. Dá thoradh sin, beidh fonn ar na páistí féin ceol a dhéanamh agus beidh a fhios acu gur féidir ceol a thaifeadadh ar bhealaí éagsúla.

Braithfidh rath na litearthachta ceoil sa seomra ranga ar phleanáil fhadtéarmach, ar chomhordú agus ar iarobair—gníomhaíochtaí ar chóir ról lárnach a bheith ag polasaí na scoile iontu. Rianaítear roinnt teicníochtaí áisiúla sna leathanaigh seo a leanas a d'fhéadfaí a úsáid chun litearthacht sa cheol a mhúineadh ar bhealach comhtháite ceolmhar. Is féidir le múinteoirí roghnú as a measc seo agus as modhanna eile chun cur chuige a oirfidh dá riachtanais a fhorbairt. Cuimsíonn siad idir léiriú coincheap ceoil i bpictiúir (nodaireacht ghrafach) agus chur síos ar roinnt uirlisí a chuireann ar chumas an pháiste tuiscint a fháil ar choincheapa na rithime agus na tuinairde. Is iad seo na bunchlocha a threoróidh an páiste, de réir a chéile, chun ceol a léamh le tuiscint, le féinmhuinín agus le líofacht ón gcliath chúig líne ina hiomláine.

## Nodaireacht ghrafach

Is breá le páistí de gach aois pictiúir dá gcuid smaointe agus dá gcuid aireagán a tharraingt. Ar mhórán bealaí bíonn dlúthcheangal idir coincheap na nodaireachta grafaí agus forbairt a dhéanamh ar chóras siombailí pearsanta an pháiste sna hamharcealaíona. Tacaíonn tionscnamh na nodaireachta grafaí i ranganna naíonáin le forbairt chumas an pháiste rudaí a chomhoiriúnú, a rangú, a chur in ord agus a chomhaireamh; ina theannta sin, ullmhaíonn sé an páiste don nodaireacht chomhghnásach nó chaighdeánach níos faide anonn.


An t-am is fearr chun nodaireacht cheoil a thionscnamh ná nuair a léiríonn an páiste mian a p(h)íosaí ceoil nó a b(h)ailiúchán fuaimeanna féin a thaifeadadh ar mhaithe le bheith in ann iad a fháil ar ais ar ócáid eile. Is í an chéad chéim sa léiriú pictiúrtha ná pictiúir shimplí a úsáid chun fuaimeanna nó amhráin a chur in iúl, mar shampla pictiúr d'uan a úsáid chun 'Bá, bá, a chaora dhubh' a léiriú nó d'fhéileacán chun 'Féileacáin' a léiriú.

Sa dara céim, léirítear coincheapa simplí i bpictiúir nó i siombailí. Is féidir leis an múinteoir an saghas pictiúir nó crutha is fearr a léireodh fuaim áirithe a phlé leis na páistí. Cothaíonn an múinteoir muinín na bpáistí as a gcumas taifeadta féin agus déanann sé/sí forbairt orthu trí ghlacadh lena dtuairimí. De réir mar a athraítear foinsí na bhfuaimeanna, mar shampla ó fhuaim ghutha go cnagadh coirp, go huirlisí séiseacha nó go huirlisí neamhthiúnta, aithneoidh na páistí gur gá a siombailí bunaidh a mhodhnú, agus is ar an mbealach seo is féidir leis an múinteoir cuidiú leis na páistí a rialacha taifeadta féin a fhorbairt. Ba chóir, i gcónaí, go ndéanfadh na páistí fuaim a chanadh nó a sheinm nó go n-éistfidís léi sula ndéanfaidís aon mhachnamh uirthi i bhfoirm shiombaile. Is féidir cur le tuiscint na bpáistí ar an bpróiseas taifeadta le cabhair gníomhaíochtaí simplí; chuimseodh na gníomhaíochta seo rudaí mar amhránaíocht mhacalla, mar bhualadh bos macalla, mar fhreagairt rithimeach nó shéiseach ar mhíreanna áirithe a thobchumadh, nó mar ghníomhaíochtaí gluaiseachta: mar shampla, thacódh ceol máirseála le coincheap an bhuille chothroim, agus spreagfadh greadadh cos do bhuille glórach na páistí chun machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun an taithí sin a thaifeadadh.


Cluiche chun an fonn a roghnú



'Réiltín, réiltín'



'Bá, bá, a chaora dhubh'




'Féileacán'


Déanann an múinteoir dhá fhonn a chrónán agus roghnaíonn na páistí na pictiúir chuí.

# Eiseamláir 15


## Coincheapa a léiriú





ard agus íseal





patrún d'fhuaimeanna arda agus d'fhuaimeanna ísle, nó fonn simplí





fuaimeanna gutha



uirlisí éagsúla



ag uainíocht ar a chéile



buillí a thaispeáint san aer




buille cothrom



buillí glóracha agus buillí boga



buillí agus buillí ciúine (sosanna)



buillí agus leathbhuillí (patrúin rithime)

Rithim a nótáil

- siollaí rithime
- slatnodaireacht
- luachanna caighdeánacha nótaí

## Nodaireacht chaighdeánach

Ní gá go nglacfaidh an nodaireacht chaighdeánach ionad na nodaireachta grafaí, ach is amhlaidh a thionscnófar í chun cur leis an bhfoirm ghrafach. Is é an tslí is fusa chun tabhairt faoin nodaireacht chaighdeánach ná féinmhuinín i dtaifeadadh dhá cheann de phríomhghnéithe an cheoil—rithim agus tuinairde—a shealbhú neamhspleách ar a chéile sula dtabharfar faoina n-ionramháil le chéile.

Cé nach gcuirtear nodaireacht fhoirmiúil chaighdeánach i láthair páistí de ghnáth go dtí go mbíonn trí nó ceithre bliana caite acu sa bhunscoil, is féidir ullmhú chun coincheapa ceoil a fhorbairt níos faide anonn trí amhráin shimplí a roghnú go cúramach. Mar shampla, is féidir amhráin choitianta a úsáid i ranganna sinsearacha chun béim a leagan ar ghnéithe mar phatrúin rithime, chruth na séiseanna, chomhdhéanamh, luas agus gléaschomharthaí. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh páistí sinsearacha dul i dtaithí foirmeacha ceoil nach bhféadfaidís a 'anailísiú' go dtí go mbeadh an dara leibhéal nó an tríú leibhéal bainte amach acu. Ag gach céim, mar sin, cloiseann paistí fuaim agus faigheann siad taithí uirthi sula dtéann siad ar aghaidh chun tuiscint níos comhfhiosaí a shealbhú ar an gcoincheap ceoil trí ainmniú nó trí nótáil.

### Rithim a nótáil

Den dá phríomhghné ceoil sin (rithim agus tuinairde) is í rithim an ceann ar fusa a scileanna a shealbhú. Ó ranganna naíonán ar aghaidh bíonn mórán deiseanna ag teastáil ó pháistí ar an mbuille sa cheol a mhothú agus bíonn luail riachtanach chun gur féidir leo an coincheap sin a thuiscint. Ní mór don pháiste bheith in ann an buille a mhothú agus bheith in ann gluaiseacht in am leis sula n-éireoidh leis/léi nodaireacht rithime a léamh. Amhail an nodaireacht ghrafach, is féidir an buille a léiriú ar roinnt bealaí sna céimeanna luatha sula dtaispeánfar mar shlat aonair é. Is féidir leathbhuillí agus buillí tostacha a thabhairt isteach láithreach bonn nach mór, gan aon deacracht don pháiste. Is féidir an-chuid breachnuithe a chruthú leis na trí ghnéithe rithime seo (buille iomlán, leathbhuille agus sos buille iomláin); is féidir go leor cluichí ceoil a bhunú orthu chomh maith.

#### *Siollaí rithime*

Tá córas na siollaí (mar shampla *ta, ti ti*) an-chabhrach chun rithim a mhúineadh. Ligeann sé do pháistí patrún rithime a chantaireacht go cruinn—rud a bheadh dodhéanta dá n-úsáidfidís luachainmneacha nótaí, mar atá 'croisín', 'camán', agus 'minim'. Ní ainmneacha iad na siollaí ach léiriúcháin de ré. Fuaimnítear iad, agus de ghnáth ní scríobhtar mar fhocail iad. Is é an tslatnodaireacht an léiriúchán scríofa orthu.

*Slatnodaireacht*

Cineál luathscríbhneoireachta é an tslatnodaireacht a éascaíonn agus a chuireann dlús le ceol a scríobh gan páipéar scóir. Murab ionann agus roinnt foirmeacha luathscríbhneoireachta, is féidir í a úsáid chun an-chuid rithimí casta a nótáil. Is éasca do pháistí í a fhoghlaim agus is furasta a leithéid de nodaireacht a chlaochlú go cliathnodaireacht ag céim níos faide anonn.

A thúisce agus a bhíonn taithí ar na hainmneacha rithime ag na páistí is féidir iad a dhaingniú ar shlí cheolmhar trí chluichí agus trí ghníomhaíochtaí, nó is féidir iad a chónascadh le séiseanna coitianta (gnéithe rithimeacha a aithint), nó is féidir na patrúin a úsáid mar thionlacan le foinn choitianta (ostinato rithimeach). Is fearr iad a léiriú mar spléach-chártaí le slatnodaireacht shimplí i dtosach agus níos faide anonn le baill dhubha mar nótaí ('na bróga ar na slata').

## Luachanna nótaí

Taispeánann an tábla seo thíos na luachanna éagsúla nótaí a d'fhéadfadh bheith i gclár bunscoile don litearthacht sa cheol. Cé gur féidir go mbeidh taithí ag múinteoirí ar ainmneacha nótaí mar 'chroisín' agus 'mhinim', de bharr taithí a bheith acu ar uirlis (m.sh. pianó nó veidhlín a fhoghlaim), is fusa a gheobhaidh páistí tuiscint ar luachanna nótaí nó ar ré ach siollaí rithime a úsáid sna céimeanna tosaigh. Is féidir leagan níos iomláine den tábla seo a fháil san *Aguisín*.

| Luach an nóta | Ainm an nóta | Siolla rithime | Cliathnodaireacht | Slatnodaireacht |
|---|---|---|---|---|
| buille amháin | *croisín* | *ta* | ♩ | \| |
| leathbhuille | *camán* | *ti ti-ti (dhá shiolla)* | ♪ (♫) | ↾ (⊓) |
| sos buille amháin | *sos croisín* | *(gotha)* | 𝄽 | Z |
| dhá bhuille | *minim* | *ta-aa* | 𝅗𝅥 | 𝅗𝅥 |
| ceithre bhuille | *leathlán* | *ta-aa-aa-aa* | 𝅝 | 𝅝 |
| trí bhuille | *minim poncaithe* | *ta-aa-aa* | 𝅗𝅥. | 𝅗𝅥. |
| buille go leith | *croisín poncaithe* | *ta-i* | ♩. | \|. |
| buille go leith agus leathbhuille | *croisín poncaithe, camán* | *ta-i ti* | ♩. ♪ | \|. ↾ |
| buille amháin agus leathbhuille | *croisín, camán* | *ta ti* | ♩ ♪ | \| ↾ |

*Ba chóir nodaireacht rithime a fhoghlaim i gcomhthéacs amhrán agus séiseanna coitianta i gcónaí.*


## Nodaireacht rithime a fhoghlaim trí chluichí

- **Bualadh bos mar mhacalla**

  Is féidir úsáid a bhaint as bualadh bos mar mhacalla chun patrúin cheoil a dhaingniú agus chun cinn nua a ullmhú. Toisc gur gníomhaíocht ghairid í, is féidir í a chur isteach i lá gnóthach scoile gan dua, is féidir í a úsáid mar mhalairt ar obair le peann is pár, nó is féidir í a úsáid mar ghníomhaíocht bheochana do cheacht ceoil níos faide. Chomh maith le tuiscint do bhuille agus do rithim a fhorbairt trí na páistí a spreagadh le freagairt ar an toirt, is féidir leis an múinteoir í a úsáid chun deiseanna tobchumtha a chur ar fáil. Is féidir iarraidh ar pháistí aonair an rang a threorú le patrúin áirithe, mír fhreagartha a thobchumadh nó ostinato simplí (patrúin a athdhéantar arís is arís eile) d'fhonn coitianta a mholadh.


- **Léirmhínigh é**

  Baineann páistí taitneamh as nuair a thugtar a ndúshlán patrúin rithime a oibriú amach. Is féidir leis an múinteoir roinnt patrún a chur i láthair páistí in amanna 2/4, 3/4 nó 4/4, ag brath ar a n-aois, ar a n-inmhe, agus ar thaithí an ranga, agus is féidir leis/léi a iarraidh orthu a fháil amach cé acu am atá á sheinm nó á chniogadh aige/aici. Is féidir leis na páistí freagairt, mar shampla, trí 'Is é an dara barra é' a rá agus trí aithris a dhéanamh ar an bpatrún ceart.




- **Deachtú rithime**


  Gníomhaíocht thaitneamhach is ea deachtú rithime, agus ní chuireann sé aon strus ar na páistí í a láimhseáil. Amhail na gníomhaíochtaí eile, is féidir iad a thionscnamh ag leibhéal deacrachta a oireann don rang agus is féidir iad a leathnú de réir a chéile i rith na scoilbhliana. Baineann páistí aonair taitneamh as an deachtú a thabhairt freisin, agus is féidir leis an rang ar fad freagraí cearta a chleachtadh agus a dhaingniú.




# Eiseamláir 16

## Seicheamh chun comhpháirt nua a mhúineadh


Dul ó bhuille iomlán atá ar eolas ag na páistí go dtí leathbhuillí nach bhfuil ar eolas acu:





Is féidir an dara comhpháirt nua, sos buille iomláin, a thionscnamh ar an mbealach céanna:




Is féidir na trí chomhpháirt a chomhnascadh ansin:




Is féidir patrúin eile a thionscnamh ar an mbealach céanna, in am 2/4, 3/4, 4/4 nó 6/8, ag brath ar thaithí na bpáistí ar rithim, de thoradh bheith ag éisteacht agus ag léiriú, agus ag brath ar a n-aois agus ar a leibhéal inmhe.



## Nodaireacht thuinairde

- sólfá tonach
- lámhchomharthaí
- ainmneacha dearbh-airde
- cliath mhéar

## Tuinairde a nótáil

Amhail nodaireacht rithime, tiocfaidh taithí neamhfhoirmiúil ar an amhránaíocht, ar éisteacht le ceol agus ar fhreagairt dó roimh nodaireacht thuinairde agus shéise. Beidh na páistí tar éis taitneamh a bhaint as bealaí a lorg chun séis a thaifeadadh trí nodaireacht ghrafach a úsáid. Eascróidh an gá le foirm chaighdeánach nodaireachta tuinairde as an ngá míreanna agus séiseanna a thaifeadadh go cruinn chun go bhféadfaidh daoine eile iad a léamh. Is féidir leas a bhaint as foinn dhá nóta agus as foinn trí nóta a foghlaimíodh i ranganna naíonán chun cur le tionscnamh na litearthachta sa cheol. Toisc go mbeidh eolas ag na páistí ar chruth na bhfonn seo, beidh an gaol idir fhoirmeacha scríofa na nótaí soiléir dóibh. Mar shampla, beifear tar éis fonn ar nós '*Suas Síos*' a chanadh, gluaiseacht leis nó é a 'tharraingt' san aer sula gcláraítear i nodaireacht é.

### *Sólfá tonach*

Uirlis thairbheach agus ilchumasach é sólfá tonach i sealbhú litearthachta sa cheol. I gcóras an tsólfá thonaigh, is é doh sna gléasanna móra agus lah sna gléasanna beaga an ton baile nó an lár tonach, is cuma cén gléas é. Seasann ainmneacha an tsólfá—*doh, re, mi, fah, soh, lah, ti, doh*—do na hocht nóta i mórscála. Is iad na buntáistí a bhaineann leis seo chun scileanna litearthachta ceoil agus cumas ceol a léamh ar a fheiceáil a mhúineadh ná gur féidir *soh-mi*, mar shampla, a chur i bhfeidhm ar aon phointe ar an gcliath tar éis é a fhoghlaim i ngléas amháin. Dé réir mar a mhéadaítear ar a c(h)umas amharcléitheoireachta gluaiseann an páiste go féinmhuiníneach ó bheith in ann dhá líne a léamh go dtí na cúig cinn ar fad atá sa chliathnodaireacht a léamh. De ghnáth scríobhtar ainmneacha sólfá sa luathscríbhneoireacht mar litreacha beaga: *d, r, m, f, s, l, t, d'*.

### *Lámhchomharthaí*


Is cabhair áisiuil iad lámhchomharthaí freisin i múineadh litearthachta ceoil agus i múineadh idirchéimeanna, go háirithe; cuireann siad leis an tuiscint ar idirchéim go cinéistéiseach. Cuireann siad samhail spásúlach i láthair den ghaol ard-íseal atá idir na nótaí a bhíonn á gcanadh. (Féach an t*Aguisín*.)

### *Ainmneacha dearbh-airde*

De ghnáth, nuair a bhíonn uirlis shéiseach á foghlaim bíonn ócaid ann le hainmneacha dearbh-airde a chur i láthair. Is iad seo na hainmneacha tuinairde seasta a thugtar ar nótaí. Mar shampla, léirítear mórscála C mar C D E F G A B C. De ghnáth, déantar ainmneacha dearbhairde a thionscnamh nuair a bhíonn an páiste in ann sólfá tonach a úsáid go féinmhuiníneach ar chliath chúig líne, agus nuair a thuigeann sé/sí coincheap an *doh* inaistrithe. Agus amhránaíocht le hainmneacha dearbh airde á déanamh ba cheart, i gcónaí, leas a bhaint as uirlis thiúnta, mar shampla gabhlóg thiúnta, feadóga tuinairde, fliúit Shasanach den scoth, pianó, nó méarchlár. Cuireann sé seo go mór le forbairt tuiscint ar ghléas agus le léamh ceoil, mar baintear leas as fuaim an nóta agus as a shiombail araon chun a ainm a dhaingniú. Uaireanta úsáidtear ainmneacha litreacha mar ainmneacha dearbh-airde agus scríobhtar iad le ceannlitreacha.

### *Méarchliath*


Uirlis éifeachtach is ea an mhéarchliath chun tuiscint ar an gcliath chúig líne a léiriú ar bhealach tadhlach. Seasann gach méar do líne amháin den chliath. Leathnaíonn an múinteoir nó an páiste méara láimhe amháin, an bhos ar an taobh istigh, agus díríonn sé/sí méar ar na nótaí atá i gceist leis an lámh eile. Ansin is féidir leis an bpáiste an ceol a léamh nó a chanadh ar a m(h)éarchliath féin agus sólfá tonach nó ainmneacha litreacha á n-úsáid aige/aici. Amhail lámhchomharthaí, tá bua ar leith ag an méarchliath chun idirchéimeanna, go háirithe, a mhúineadh mar daingnítear an tuiscint ar idirchéim go cinéistéiseach.




# Eiseamláir 17


## Céimeanna nodaireachta tuinairde

1. Taispeánann focail foinn dhá nóta cruth na séise





2. Léirítear an fonn coitianta ar dhá líne, le ball dubh ag seasamh do gach nóta.





3. Ansin, míníonn an múinteoir go dtugtar *soh (s)* ar an nóta uachtarach agus *mi (m)* ar an nóta íochtarach. Féadfaidh na baill dhubha ionad *soh* agus *mi* a thaispeáint.





4. Cuirtear na nótaí i láthair gan aon leid a thabhairt.




5. Fiú ag an gcéim luath seo, bíonn sé tábhachtach go dtuigeann na páistí gur féidir *soh* agus *mi* a bhogadh agus gur féidir iad a thaispeáint ag tuinairde níos airde nó níos ísle. Riail fhurasta le cur de ghlanmheabhair is ea í seo:

'Nuair a bhíonn *soh* ar líne, bíonn *mi* ar líne. Nuair a bhíonn *soh* ar spás, bíonn *mi* ar spás.'


Céim an-tábhachtach i dtreo shealbhú na muiníne is gá chun ceol a léamh i ngléasanna éagsúla amach anseo is ea an riail shimplí seo a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.





6. Úsáidtear fonn coitianta eile chun nóta nua, *lah*, a léiriú agus léitear agus cantar patrúin shéiseacha ag leibhéil éagsúla tuinairde.




7 Cuirtear an chéad nóta nua eile, doh, i láthair agus bíonn líne eile ag teastáil chuige.





8. Ar an mbealach céanna, tugtar isteach an cúigiú nóta, *re*, rud a shlánaíonn an scála pheinteatonach (a chiallaíonn 'cúig nóta').




9. Faoi dheireadh, tugtar isteach an chliath chúig líne. Is féidir luachanna rithime a chur leis chomh maith.



10. Taispeánann eochair na tribile cá bhfuil G, agus is féidir nótaí eile (ainmneacha dearbh-airde) agus gléaschomharthaí simplí eile a fhoghlaim.




11. De réir mar a fhoghlaimítear na nótaí atá fágtha sa scála diatonach (*fah* agus *ti*), is féidir gléaschomharthaí simplí a iniúchadh.


G mór


D mór


F mór

Tá dlúthcheangal ag gach céim den litearthacht cheoil leis an gclár amhránaíochta.

## Ceol peinteatonach

D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag an gceol peinteatonach i bhforbairt litearthachta sa cheol. Díorthaítear an téarma 'peinteatonach' ón bhfocal Gréigise *pente*, cúig, chun cur síos a dhéanamh ar scála nach bhfuil ann ach cúig nóta (ar nós eochracha dubha an phianó nó nótaí eile a bhfuil an coibhneas céanna acu i leith a chéile). D'fhéadfaí smaoineamh ar scála peinteatonach freisin mar mhórscála ar bith a bhfuil a cheathrú nóta agus a sheachtú nóta ar lár. Coimeádtar an gléaschomhartha mór fós: mar shampla, más é C mór an gléaschomhartha ag amhrán agus nach bhfuil aon F-anna nó B-anna sa cheol, ansin is féidir a rá go bhfuil an tséis i C peinteatonach.

Ciallaíonn peinteatonach 'cúig nóta'.

### Is iad nótaí an scála pheinteatonaigh 'doh' :

- lah
- soh
- mi
- re
- doh

Faightear ceol peinteatonach ar fud an domhain ó chluichí amhránaíochta páistí agus ó amhráin tíre chultúr éagsúil go saothair chumadóirí. Moltar go hard é a úsáid i gcéimeanna luatha na hoiliúna agus na forbartha ceoil, toisc nach bhfuil aon leath-thon ann. I ngeall ar an easpa leath-thon seo bíonn sé i bhfad níos fusa an t-iontonú a fheabhsú, toisc go bhfuil sé bunaithe ar 'phríomhthoin', an chéad, an dara, an tríú, an cúigiú agus an séú céim de mhórscála (*d, r, m, s, l*).


Toisc go bhfuil an scála saor ó chlonscairt ní mhaireann díchordaí ach meandar agus ní bhíonn siad míthaitneamhach. Is féidir, áfach, nach mbeadh cuid ar bith den eolas teicniúil seo ag an bpáiste agus fós féin go mbeadh sé/sí in ann úsáid a bhaint as an scála mar bhonn le haghaidh tobchumtha, chun amhráin a mhaisiú agus, níos faide anonn, chun séiseanna a scríobh.

Ar deireadh, forbróidh an páiste a oileadh ar cheol peinteatonach sna céimeanna luatha, gan tacaíocht ó phianó, cluas mhaith cheolmhar ghéarchúiseach.

Tá samplaí de cheol peinteatonach ar fáil in an-chuid amhrán tíre ar fud an domhain.

# Eiseamláir 18

## Tá Dhá Ghabhairín Bhuí Agam



## Cloisteáil inmheánach

Gné an-tábhachtach d'fhorbairt sa cheol is ea an cumas fuaim a inmheánú. Nuair a thosaíonn an páiste ar fhuaimeanna a inmheánú, daingnítear idir a s(h)eilbh ar choincheapa ceoil agus a c(h)umas ar smaointeoireacht go neamhspleách ar cheol. Tarlaíonn sé go nádúrtha gur féidir dréacht ceoil a chloisteáil sa cheann istigh má bhíonn an duine tar éis éisteacht leis an gceol sách minic. Bíonn teagasc rianúil réamhbheartaithe de dhíth ar pháiste, áfach, chun an cumas a fhorbairt feáchaint ar nodaireacht nó ar uirlisí marbha ciúine agus ansin smaointeoireacht a dhéanamh i bhfuaim.

Is féidir an cumas seo a shealbhú

- tríd an meabhair ghearrthéarmach a fhorbairt
- tríd an meabhair fhadthéarmach a fhorbairt
- tríd an nguth a úsáid.

Chun cuidiú leis an bhforbairt seo is féidir leas a bhaint as na moltaí seo a leanas, ina n-úsáidtear gnéithe rithimeacha agus gnéithe séiseacha:


- aithris a dhéanamh ar an múinteoir ag canadh míreanna gearra nár chuala an páiste cheana
- cuimhneamh ar mhíreanna a foglaimíodh roimhe sin: mar shampla, déanann an múinteoir fonn a chrónán gan na focail agus déanann na páistí iarracht é a aithint
- míreanna fada laistigh d'amhrán a chanadh go ciúin (sa cheann): mar shampla, ar leid ón mhúinteoir stopann na páistí de 'Istigh sa Zú ...' a chanadh ach leanann siad den fhonn ina gceann, ag teacht isteach arís dóibh, le chéile agus i dtiúin, ag pointe áirithe: '... Léim anois.'
- tobchumadh ó mhíreanna a thugtar
- cuimhneamh ar phíosaí a thobchumtar agus ar phíosaí cumadóireachta lena nótáil níos faide anonn.

# Eiseamláir 19

## Nóta nua a thionscnamh

Is féidir an cur chuige a léirítear san eiseamláir seo a leanas a chur in oiriúint d'aois agus d'inmhe na bpáistí agus de réir na taithí a bhí acu roimhe seo. Sa chás seo, is iad na hamhrán a roghnaíodh chun úsáid an nóta *re* a thionscnamh ná amhrán Gaelach, 'Ailiú Éanaí,' agus fonn traidisiúnta Meireacánach, 'Here Comes a Bluebird':

### 'Ailiú Éanaí'




### 'Here Comes a Bluebird'



Níl sa chéad mhír agus sa tríú mír de 'Here Comes a Bluebird' ach na nótaí *s, m, l,*—nótaí a bhfuil eolas maith ag na páistí orthu—agus críochnaíonn an dara mír agus an ceathrú mír le *d-m-d*, atá ar eolas ag na páistí freisin. Chomh maith leis seo tá patrúin bunaithe ar *l, s, m,* in 'Ailiú Éanaí'. D'fhéadfaí an nóta nua a thabhairt isteach mar seo:

## Céim 1: An t-amhrán a chur de ghlanmheabhair

Ba chóir don mhúinteoir an t-amhrán a chur de ghlanmheabhair gan tagairt a dhéanamh don nodaireacht, ach na páistí a choinneáil gnóthach le gníomhartha agus le gluaiseachtaí, de réir mar is cuí.

## Céim 2: Dul siar ar phatrúin shéiseacha

Ba chóir dul siar ar na patrúin shéiseacha *s-l-s-m* agus *d-m-d* leis na páistí, ag úsáid lámhchomharthaí. D'fhéadfaí léamh ó chliath thrí líne nó chúig líne a chur san áireamh, ag brath ar chéim forbartha na bpáistí i litearthacht an cheoil. Tugtar faoi deara nach ndéantar tagairt do ghléaschomharthaí, .i. do ghéir ná do mhaoil.

## Céim 3: Éisteacht go haireach leis an gceol


Ba chóir don mhúinteoir iarraidh ar na páistí an chéad mhír agus an tríú mír a chanadh i sólfá, lámhchomharthaí a thaispeáint, agus an dara mír agus an ceathrú mír a chrónán. Ansin d'fhéadfadh sé/sí iarraidh orthu na míreanna 'day, day, day' a iniúchadh agus a fháil amach gur *doh-mi-doh* an patrún. Ba chóir go spreagfaí na páistí le canadh ón *doh* deiridh agus an chéad nóta sa mhír dheiridh (*mi*) a fháil amach. Ansin ba chóir an mhír dheiridh iomlán a chanadh, agus fuaim chrónáin á húsáid in ionad an nóta anaithnid.

## Céim 4: An nóta nua a fháil amach

Ag an bpointe seo d'fhéadfadh an múinteoir an cheist a chur, an bhfuil an nóta nua níos airde nó níos ísle ná *doh*? ná *mi*? Má éiríonn leis na páistí a aireachtáil tríd an éisteacht go bhfuil an nóta nua níos airde ná *doh* agus níos ísle ná *mi*, d'fhéadfadh an múinteoir siolla sólfá an nóta, *re*, agus a lámhchomhartha a thabhairt.

## Céim 5: An nóta nua a aithint

Má chuireann an múinteoir na míreanna den amhrán atá ar eolas ar an gclár dubh ansin, ar chliath thrí líne nó ar chliath chúig líne, is féidir leis na páistí, tar éis dóibh ionad *re* a bhrath le lámhchomharthaí, a ionad ar an gcliath a fháil amach go furasta




agus is féidir leo an riail a chur in iúl a deir

Nuair a bhíonn *doh* ar líne, bíonn *mi* ar líne, agus bíonn *re* ar an spás eatarthu.

Nuair a bhíonn *doh* ar spás, bíonn *mi* ar spás, agus bíonn *re* ar an líne eatarthu.

A thúisce agus a bheidh *re* foghlamtha, is féidir é a chleachtadh i gcomhthéacs roinnt amhrán tíre agus patrún séiseach eile, mar shampla, 'Ailiú Éanaí'.

# Léiriú: seinm uirlisí



### Uirlisí a roghnú

- cáilíocht
- éagsúlacht tondatha
- éagsúlacht sna teicníochtaí seanma
- líon na n-uirlisí
- insroichteacht

Baineann gach páiste an-chuid taitnimh agus sástachta as uirlisí a sheinm. Cuireann seinm uirlisí go mór le foghlaim an cheoil toisc go bhfeiceann, go gcloiseann agus go mothaíonn an páiste na coibhneasa atá idir rithim agus tuinairde. Baintear aidhmeanna na snáitheanna comhghaolmhara *Éisteacht agus freagairt, Léiriú* agus *Cumadóireacht* amach mar dírítear aird an pháiste ar éisteacht go haireach agus go criticiúil lena c(h)uid tobchumtha agus a c(h)uid cumadóireachta féin (agus píosaí cumadóireachta le daoine eile) chomh maith le díriú ar iad a sheinm faoi mar a shamhlaigh an cumadóir.

## Cnaguirlisí a sheinm

Is féidir cnaguirlisí a úsáid ag gach leibhéal ranga agus ar go leor bealaí, mar shampla chun

- buille, rithim nó tuinairde a léiriú
- buille, rithim nó tuinairde a thobchumadh
- mír nua a chur le léiriú
- mír chodarsnach a chur le léiriú
- cúlra a chruthú d'fhilíocht nó do phrós.

Tá dhá phríomhaicme de chnaguirlisí ann: uirlisí tiúnta agus uirlisí neamhthiúnta. Bíonn tuinairde sheasta, ach neamhshainithe, ag uirlisí neamhthiúnta, mar shampla ag croitheadóir nó ag ciombal. Bíonn tuinairde sheasta shainiúil ag cnaguirlis tiúnta, ag glockenspiel nó ag xíleafón, mar shampla, agus is féidir leo séis a chruthú.

Agus uirlisí á roghnú, ba chóir na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

### Cáilíocht uirlisí

Chuirfeadh an bhuaine agus an cháilíocht toin a bheadh ag líon beag d'uirlisí den scoth eispéiris cheoil níos fiúntaí agus níos taitneamhaí ar fáil do pháistí ná mar a chuirfeadh líon i bhfad níos mó d'uirlisí lagmheasartha.

### Éagsúlacht ó thaobh tondatha agus ó thaobh teicníochtaí seanma de

Ba chóir go mbeadh éagsúlacht ó thaobh tondatha agus ó thaobh teicníochtaí seanma de sa raon uirlisí a roghnófaí: mar shampla, dhéanfadh triantán, ciombail agus druma freastal ar na bunriachtanais ó thaobh tondatha agus ó thaobh teicníochtaí éagsúla de. Os a choinne sin, dá mbeadh foireann triantán de mhéideanna éagsúla á ceannach níor mhór go mbeadh na triantáin ar aon tiús chun go bhféadfaí iad a sheinm i ngrúpa ceoil.

### Líon na n-uirlisí

Is féidir cur leis an rogha bunaidh le huirlisí a dhéanfadh na páistí féin. Le himeacht aimsire, ba chóir go gcuirfí foireann uirlisí den scoth ar fáil don rang.

*'... D'éirigh liom triail a bhaint as an bpíb mhór. B'ionann é agus bheith ag iarraidh ochtapas a shéideadh.'*

James Galway

## Uirlisí séiseacha

- barraí clingíní
- glockenspiel
- xíleafón
- miotalafón
- feadóg stáin
- fliúit Shasanach
- méarchlár
- giotár
- pianó

*Ba chóir don pháiste an tséis a chanadh, an rithim a bhualadh de bhosa, gluaiseacht leis an gceol agus an ceol a chloisteáil nó a mhothú go hinmheánach roimh sheinm.*

### Insroichteacht

Bíonn spásanna taispeána úsáideach chun eispéiris fhiúntacha a spreagadh agus, nuair a dhéantar monatóireacht cheart orthu, soláthraíonn siad deiseanna chun gníomhaíochtaí dea-rialaithe a chur ar fáil do pháistí aonair nó do bheirteanna.

### Uirlisí a láimhsiú

D'fhéadfaí bunrialacha do na páistí ar nós na gcinn seo a leanas a chomhaontú roimh ré:

- meas ar na huirlisí
- teorainn leis an líon ceoltóirí in aghaidh gach uirlise ag an am céanna (duine nó beirt de ghnáth)
- seinm bhog (gan seinm ghlórach a úsáid ach go hannamh)
- guaim le linn seanma.

## Uirlis shéiseach a fhoghlaim

Tugann uirlisí séiseacha deiseanna do pháistí ceol le raon leathan nótaí agus tondathanna a iniúchadh agus a sheinm. Is féidir an coibhneas idir nótaí éagsúla agus coincheap na séise a shealbhú go tapa trí bheith ag breathnú ar uirlisí agus á láimhseáil. Foghlaimíonn páistí ceann de bhunphrionsabal fuaime go han-luath: gineann uirlisí móra fuaimeanna níos ísle, agus cruthaíonn uirlisí beaga fuaimeanna níos airde. Is féidir go bhfoghlaimíonn páistí ainmneacha litreach na nótaí nó a n-ainmneacha dearbhairde go nádúrtha trí bheith ag obair le huirlisí le barraí (glockenspiel, mar shampla) nó le fliúiteanna Sasanacha. Diaidh ar ndiaidh, de réir mar a thagann páistí in inmhe, is féidir leo taitneamh a bhaint as na dúshláin a thugann páirteanna uirlise ag leibhéil éagsúla deacrachta.

### Rudaí le cur san áireamh agus uirlis don seomra ranga á roghnú

- Cáilíocht na huirlise, tiúnadh, ton agus buaine san áireamh
- Simplíocht ó thaobh teicníochta de

### Saincheisteanna teagaisc

Má shocraíonn scoil ar uirlisí séiseacha a thionscnamh, an fhliúit Shasanach nó an fheadóg stáin, mar shampla, ba chóir go ndéanfaí leanúnachas teagaisc ar fud na scoile a phlé mar chuid den phleanáil. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh béim an chur chuige teagaisc agus foghlama ar bheith ceolmhar seachas bheith meicniúil: is é sin, ba chóir don pháiste an tséis a chanadh, an rithim a bhualadh de bhosa, gluaiseacht leis an gceol agus an ceol a chloisteáil nó a mhothú go hinmheánach roimh é a sheinm. Ba chóir go ndéanfadh an múinteoir gach iarracht na scileanna, na coincheapa agus an tuiscint, a bheadh sealbhaithe cheana féin i ngnéithe eile an churaclaim cheoil, a chomhtháthú leis an gclár uirlise: is é sin, ba chóir gur amhráin a foghlaimíodh i ranganna sóisearacha, agus séiseanna ar éisteadh leo sa snáithe *Éisteacht agus freagairt*, a bheadh sa mhór chuid de stór ceoil uirlise, sna céimeanna tosaigh go háirithe.

## An fhliúit Shasanach

Uirlis den chéad scoth don seomra ranga is ea an fhliúit Shasanach. Bíonn tuinairde shármhaith ag an bhfliúit Shasanach phlaisteach nua-aimseartha, ach fós féin bíonn sí an-urrúnta. Cumascann sí go maith le guthanna páistí, agus le huirlisí eile. Bíonn sí cuibheasach éasca í a fhoghlaim, agus is féidir le rang iomlán í a fhoghlaim le chéile. Tá ceann de na réimsí ceoil is saibhre agus is éagsúla dá bhfuil ag aon uirlis ag an bhfliúit Shasanach; síneann sé anonn ón Meánaois, tríd an Athbheochan agus an ré bharócach go dtí an ceol comhaimseartha. Níl a sárú le fáil mar réamhullmhú do sheinm uirlisí eile. Úsáidtear méarú na fliúite Sasanaí le gaothuirlisí eile, mar an bhfliúit agus an chláirinéid; de thoradh na tuisceana do thuinairde agus do litearthacht cheoil a shealbhóidh an páiste trí chlár céimnithe ar an bhfliúit Shasanach a leanúint, is fusa agus is féinmhuiníní a dhéanfaidh sé/sí uirlis ar bith eile a fhoghlaim ina dhiaidh sin.

Modh an-mhaith is ea seinm ar an bhfliúit Shasanach chun léiriú aonréid agus léiriú i ngrúpaí ceoil a thionscnamh le rang. Tar éis roinnt bheag ceachtanna, fiú, beidh máistreacht ag an bpáiste ar go leor nótaí chun foinn tíre shimplí a sheinm agus chun páirt a ghlacadh mar bhall de ghrúpa i ndéanamh ceoil ar bhealach taitneamhach. Bíonn na chéad nótaí a fhoghlaimítear ar an bhfliúit Shasanach—de ghnáth na chéad chúig nóta de scála G—ag tuinairde atá an-oiriúnach chun páirteanna amhráin na bpáistí a thionlacan agus chun patrúin shimplí ostinato a chur ar fáil.



Cuireann an fhliúit Shasanach deiseanna ar fáil do pháistí taithí a fháil ar an taitneamh a bhaintear as bheith ag seinm i ngrúpa ceoil

### *Fliúit Shasanach a cheannach lena húsáid sa seomra ranga*

Moltar go gceannóidh gach páiste sa rang fliúit Shasanach den déanamh céanna, toisc go gcuirfidh sé seo leis an tondath agus leis an gcomhsheasmhacht toin nuair a bheidh ceol á dhéanamh ag grúpa. Is fearr an fhliúit Shasanach a bhfuil trí alt uirthi, toisc gur féidir le páistí a bhfuil lámha beaga acu an t-alt íochtarach a thiontú chuig ionad oiriúnach. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh a (h)uirlis féin ag gach páiste—ar bhonn sláinteachais agus chun cleachtadh ar an uirlis a éascú. Is fiú beagán airgid sa bhreis a chaitheamh agus uirlis de chuid déantóra creidiúnaigh a cheannach; beidh sé níos saoire i ndeireadh an lae mar beidh an uirlis níos fearr agus níos iontaofa.

### *Seinnteoirí ar ciotóga iad*


Moltar do sheinnteoir ar ciotóg é/í seinm sa chaoi thraidisiúnta, is é sin leis an gciotóg ag barr na huirlise agus leis an deasóg ag a bun. Mura ndéanfadh sé/sí é sin, bheadh sé deacair ar an bpáiste na 'leathphoill' ar an uirlis a chlúdach, mar dearadh don seinnteoir deasógach iad. Chomh maith leis sin, bheadh fadhbanna ag an bpáiste nuair a rachadh sé/sí ar aghaidh chun an teanórfhliúit Shasanach a sheinm. Is féidir uirlisí a cheannach a rinneadh go speisialta do chiotóga, ach bíonn siad daor agus ní bhíonn fáil orthu go forleathan.

### *Aire a thabhairt don fhliúit Shasanach*


Ba chóir go múinfí do pháistí ón tús meas a bheith acu ar a n-uirlis, í a théamh go bog roimh sheinm (téann sé seo i bhfeidhm ar an tiúnadh), agus í a thriomú agus a ghlanadh tar éis úsáide. Agus an uirlis á seinm, beirtear greim bog uirthi leis na beola: ní gá greim fiacla a bhreith ar an mbarr.

### *Cur chuige nó leabhar teagaisc a roghnú*


D'fhéadfadh an múinteoir na leabhair theagaisc éagsúla (téacsanna múinteoireachta) dá bhfuil ar fáil a iniúchadh agus an leabhar teagaisc ab fhearr, dar leis, a d'oirfeadh dá rang a roghnú; ba cheart rudaí ar nós glinne, leanúnachais, an rogha amhrán agus luach ar airgead a chur san áireamh. Ós rud é go mbeidh an clár litearthachta comhtháite leis an amhránaíocht agus leis an obair uirlise ón tús, b'fhéidir gur mhian leis an múinteoir gnéithe simplí rithimeacha agus séiseacha a iniúchadh leis an bhfliúit Shasanach sula dtionscnódh sé/sí cur chuige ní ba fhoirmiúla nó ní ba chéimnithe. Mar shampla, d'fhéadfadh an múinteoir patrúin rithimeacha a iniúchadh ar nóta amháin, B, abair, an nóta is fusa le seinm:



nó ar dhá nóta:




nó ar thrí nóta, mar shampla B, A, G (*m, r, d* i sólfá tonach), ag seinm fonn simplí coitianta agus ag tobchumadh fonn nua:



Nuair a úsáidtear nodaireacht, is ceart i gcónaí na páistí a spreagadh chun an rithim a bhualadh de bhosa agus an tséis a chanadh i sólfá nó le focail sula seinntear iad. Cuidíonn sé seo leis na páistí chun an fhuaim a chloisteáil go hinmheánach agus cuireann sé leis an léiriú a bheith níos ceolmhaire.

Ba chóir go mbeadh a c(h)óip féin den cheol ag gach páiste, chun an cleachtadh a éascú agus chun taithí a thabhairt ar cheol clóbhuailte. Sáraíonn roinnt scoileanna an costas tosaigh a bhaineann leis an gcleachtas seo trí chóipeanna den cheol a chur ar fáil don staidéar áirithe ach iad a choimeád ansin lena n-úsáid le ranganna eile ina dhiaidh sin.

## An fheadóg stáin


Uirlis an-choitianta is ea an fheadóg stáin in an-chuid scoileanna. Is í an uirlis is saoire í dá bhfuil ann. I lámha saineolaí is féidir an-bhinneas agus ton lánléiritheach a bhaint aisti, ach, os a choinne sin, éireoidh go geal le páistí í a úsáid chun an ceol is ansa leo, idir amhráin tíre, charúil Nollag agus phíosaí clasaiceacha simplí, a athchruthú.

I dteannta leis an gcliathnodaireacht is é an sólfá tonach an modh is mó a chleachtann seinnteoirí na feadóige stáin chun ceol a léamh. Is í an fheadóg stáin i ngléas D an ceann is iomchuí lena húsáid sa bhunscoil, mar oireann an gléas seo lena chomhcheangal leis an gceacht amhránaíochta. Tá an fheadóg stáin i ngléas D soláimhsithe i lámha páistí freisin.

Bíonn raon d'fheadóga stáin éagsúla ar fáil i siopaí ceoil, cuid acu déanta as prás, cuid acu as nicile. Bíonn an fheadóg nicil beagán níos daoire. Bíonn snas níos buaine uirthi, agus maíonn roinnt seinnteoirí gur fearr an ton a bhíonn aici. Agus rang á mhúineadh, is fiú deimhin a dhéanamh de go n-úsáideann gach páiste feadóg den déanamh céanna chun go mbeidh an ton comhoiriúnach.

Ba chóir go ndéanfadh an múinteoir deimhin de go bhfuil an bhéalóg daingnithe i gceart roimh sheinm. Bíonn tionchar aige seo ar thiúnadh na huirlise. Chomh maith leis sin, ba chóir an uirlis a théamh, sa lámh nó trí shéideadh go mín tríthi.

De ghnáth is é an raon *doh* go *soh* ard a bhíonn oiriúnach do sheinm ranga:



Ar ndóigh, is féidir nótaí atá níos airde ná seo a chruthú, ach bíonn éagsúlachtaí móra idir sheinnteoirí aonair agus idir uirlisí aonair sna nótaí arda (nótaí a bhaintear amach trí shéideadh go dian), agus bíonn fadhbanna le díoscáin agus le tuinairde neamhchruinn.

Is féidir seachtráin (nótaí géaraithe nó maolaithe) a dhéanamh ar an bhfeadóig stáin, de ghnáth trí pholl a leathdhúnadh. Níl siad seo oiriúnach do sheinm grúpa, áfach, toisc go mbeidh tríocha iarracht éagsúil ar an 'leathdhúnadh' ag tríocha páiste éagsúil! Sa mhéid sin, is féidir nach bhfuil an uirlis chomh hildánach leis an bhfliúit Shasanach.

Amhail seinm na fliúite Sasanaí, má mhúintear an fheadóg stáin do na páistí trí nodaireacht, is ceart iad a spreagadh leis an rithim a bhualadh de bhosa agus an tséis a chanadh i sólfá nó le focail roimh sheinm. Cuidíonn sé seo leo chun an fhuaim a chloisteáil go hinmheánach agus cuirfidh sé leis an léiriú a bheith níos ceolmhaire.



Is nasc praiticiúil inshroichte le raon ollmhór de cheol Gaelach í an fheadóg stáin.

# Cumadóireacht

*'Is iad fuaim agus ciúnas ábhar an cheoil. Iad seo a chomhtháthú, sin an chumadóireacht.'*

*John Cage*

Cuid dhílis den phróiseas foghlama is ea an chumadóireacht. Baineann sí den chuid is mó le forbairt a dhéanamh ar chruthaitheacht na bpáistí laistigh de fhráma a gcuid smaointeoireachta sa cheol. De réir mar a chumann siad éiríonn siad níos feasaí ar na fuaimeanna a bhíonn á ndéanamh acu féin agus ar na fuaimeanna a dhéanann daoine eile chomh maith. Sa mhéid seo, spreagann an próiseas cumadóireachta na páistí chun foghlama a mbíonn idir chomhoibriú agus chomhar riachtanach chuici. Nuair a bhíonn páistí gafa le dréacht ceoil a chruthú do chuspóir áirithe, bíonn siad ag gabháil d'eagrú, de chinnteoireacht agus de réiteach fadhbanna, agus dá thoradh sin bíonn gníomhaíocht i bhfad níos leithne ná déanamh patrún rithimeach nó patrún séiseach ar siúl acu.

Bíonn an-chuid taithí ar cheol ag formhór na bpáistí sula dtagann siad ar scoil in aon chor. Bíonn raon mór ceoil mórthimpeall orthu gach lá; bíonn siad ag éisteacht le ceol cúlra, le móibílí nó le bréagáin cheolmhara, le hamhráin a chantar dóibh, le cláir do pháistí ar an teilifís nó ar an raidió (chomh maith le bheith ag éisteacht le gligíní agus le poirt aitheantais, le ceol pobail, le ceol traidisiúnta, le ceol clasaiceach agus le físeáin) agus le taifeadtaí éagsúla ceoil ar chaiséid nó ar dhlúthdhioscaí. Beidh taithí ag an-chuid páistí ar sheinm ar uirlisí simplí, ar nós xíleafóin, croitheadóirí nó drumaí, ag cruthú a gceoil féin agus ag sealbhú spéise pearsanta dóibh féin i gceol.

Imríonn páistí go nádúrtha le gnéithe rithimeacha séiseacha agus iniúchann siad iad go nádúrtha tríd an amhránaíocht agus trí uirlisí simplí a úsáid, ag athrú an luais agus na dinimice gan smaoineamh air. Sa seomra ranga, tógtar ar an bhfonn iniúchta seo i ngach snáithe den churaclam agus ag gach leibhéal ranga. Sa snáithe *Éisteacht agus freagairt* tugtar deiseanna struchtúrtha don pháiste chun fuaim a iniúchadh; sa snáithe *Léiriú* tugtar deiseanna dó/di amhráin shimplí a chanadh agus uirlisí a sheinm; agus sa snáithe *Cumadóireacht* faigheann sé/sí deiseanna chun tobchumadh, plé, measúnú agus taifeadadh a dhéanamh.



Meán an-mhaith do pháistí chun tástáil a dhéanamh le hidéanna ceoil ar bhealach atá neamh-mheánach agus spontáineach is ea tobchumadh.

## Cén fáth an chumadóireacht?

- chun amhrán nó scéal a thionlacan
- chun gnéithe ceoil a iniúchadh
- chun tástáil a dhéanamh le fuaim
- chun pearsa, meon nó suíomh a léiriú
- chun cur síos a dhéanamh ar eachtraí
- chun coincheap teibí a chur in iúl

## Cumadóireacht le raon de chuspóirí

Sa churaclam leagtar amach raon forchéimnitheach de chuspóirí i ngníomhaíochtaí cumadóireachta, ach ní mór a aithint gur forbairt bhíseach seachas forbairt líneach a bheidh san achar seo; b'fhéidir nach mbeadh sé indéanta an fhorbairt a tharlódh i ngach uile ghníomhaíocht a thuar nó, fiú, nach mbeadh sí follasach i rith na gníomhaíochta fiú. Ar an raon cuspóirí le haghaidh cumadóireachta sa cheol áirítear

- rann páistí, cantaireacht, amhrán nó cluiche a thionlacan
- scéal nó dán a thionlacan, ag cruthú maisíochtaí fuaime simplí
- gnéithe ceoil ar nós buille, rithime, séise, dinimice, luais, comhdhéanaimh, tondatha agus uigeachta a iniúchadh
- ostinato (patrún athdhéanta) rithimeach nó séiseach a chruthú chun amhrán nó cantaireacht a thionlacan
- tástáil a dhéanamh le fuaim (ceol teagmhasach)
- pearsa a léiriú, m.sh. 'drochdhuine' nó 'sióg mhaith'
- meon a léiriú, m.sh. ceol 'brónach', ceol 'sona'
- sraith eachtraí a léiriú, m.sh. fear an aráin sinséir ag éalú ón tseanbheainín, ón seanfhear, ón mbuachaill, ón gcailín, ón gcat, srl.
- atmaisféar a chur in iúl, m.sh. an spás amuigh, an sorcas
- coincheap teibí a chur in iúl, m.sh. ruaille buaille, ríméad, dúiseacht
- líne nó sliocht as téacs filíochta nó próis a léiriú, m.sh.

  'Sruthán beag mé, sruthán beag mé
  Ó thaobh an chnoic a thagaim;
  Is bím ag léimneach is ag rith
  Is am ar bith ní stadaim.'

De réir a chéile, agus de réir mar a fhaigheann siad taithí sa bhreis ar theicníochtaí agus ar stíleanna éagsúla, bainfidh páistí cur chuige atá uathúil aonaránach amach dóibh féin sa chumadóireacht. Chuige sin, áfach, beidh treoir agus tacaíocht de dhíth orthu ag gach leibhéal ranga, go háirithe sna céimeanna luatha.

## Gníomhaíochtaí cumadóireachta a eagrú

De ghnáth cuirtear tús le tréimhse oibre cumadóireachta le gníomhaíocht beochana, mar shampla le cluiche simplí rithime, le tobchumadh gutha nó le comhrá amhránaíochta. De réir mar a théann an tobchumadh ar aghaidh beidh cabhair an mhúinteora de dhíth ar na páistí chun struchtúr agus cruth a chur ar a gcuid oibre. Is í an tslí is fusa chun struchtúr a thabhairt isteach ná socrú ar leideanna soiléire tosaithe agus stoptha, agus ba chóir go spreagfaí na páistí chun freagartha do na leideanna sin. Cé go mbeidh réimse mór d'ábhair dhéanta fuaime thart ar na páistí, d'fhéadfadh go mba ghá don mhúinteoir teorainn a chur leis an rogha fuaimeanna a bheadh ar fáil dóibh sna céimeanna luatha; mura ndéanfaidh sé/sí sin, b'fhéidir go mbeidh easpa soiléireachta agus crutha ar a gcuid cumadóireachta. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh

*Is rud é a dhéantar lom láithreach an tobchumadh ceoil, ach is féidir go gcuimseodh cumadóireacht níos mó tástála, machnaimh agus smaointeoireachta.*

*Bíonn múinteoir freagrach as cuidiú le páistí ag gach leibhéal cumais chun cruth agus treo a chur ar a gcuid cumadóireachta.*

nach dtiocfaidh ach rírá as tríocha páiste bheith ag tobchumadh san aon am amháin sa seomra ranga! Tá sé tábhachtach go n-éistfidh na páistí go grinn lena bhfuaimeanna de réir mar a dhéanann siad iad, agus go malartóidh agus go modhnóidh siad iad de réir mar is gá. Dá bharr sin, beidh am agus spás ag teastáil ó na páistí, ina n-aonair nó ina ngrúpaí beaga, chun a gcuid fionnachtana a dhéanamh. Má cheaptar roinnt bunrialacha i gcomhar leis na páistí, éascófar eagar réidh a bhunú agus déanfar deimhin de go mbeidh taithí foghlama den scoth ag gach aon duine. D'fhéadfaí na rudaí seo a leanas a chuimsiú

- leideanna tosaithe agus leideanna stoptha
- láimhsiú na n-uirlisí
- leibhéil fuaime
- an méid ama a chaithfí le gach gníomhaíocht
- gluaiseacht go dtí achar an cheoil agus ar ais uaidh
- an líon is mó páistí a cheadófaí in achar an cheoil san aon am amháin.

Ba chóir don mhúinteoir aird na bpáistí a dhíriú ar úsáid éifeachtach a bhaint as líon beag smaointe seachas an iomarca spreagtha a thabhairt dóibh le raon rómhór d'ábhair dhéanta ceoil. Baineann sé seo le páistí ag gach céim agus de gach leibhéal cumais. D'ainneoin gur féidir cuma mhúinteoir lárnach a bheith air seo, is é a mhalairt atá i gceist: bíonn fócas cúng ag teastáil ó pháistí chun a gcumas smaointeoireachta éisréimní a mhúscailt.

Is féidir socrú ar theorainneacha ar bhonn na dtosca seo

- na huirlisí a bheidh ar fáil
- na gnéithe ceoil
- raon de chuspóirí ceoil.

Is féidir iad a chónascadh agus a eagrú ina n-aonair, ina ngrúpaí nó mar rang iomlán.

## Uirlisí a bheidh ar fáil

Ina measc seo áirítear úsáid fuaimeanna gutha, cnagadh coirp, uirlisí a rinneadh sa bhaile nó fuaimeanna a 'dtagtar' orthu, cnaguirlisí tiúnta agus cnaguirlisí neamhthiúnta, uirlisí séiseacha simplí agus aon uirlis eile a bheidh ar fáil don scoil—pianó, giotár, méarchlár nó cairdín—chomh maith leis an raon de theicníochtaí seanma is féidir a úsáid.

## Gnéithe ceoil

Cuimsítear na gnéithe ceoil sin a luaitear sa churaclam (buille, ré, luas, tuinairde, dinimic, comhdhéanamh, tondath, uigeacht agus stíl) chomh maith le haon rud sa bhreis ar mhian leis an múinteoir béim a chur air. Is féidir iad a ionramháil ceann ar cheann, mar shampla 'An féidir leat patrún rithime a dhéanamh mar fhreagra ar an gceann seo?' nó is féidir iad a ionramháil i dteaglamaí, mar shampla 'An féidir leat séis a dhéanamh a thosóidh go glórach agus a chríochnóidh go bog?' Sa chaoi seo is féidir na teorainneacha a bhíonn le hobair na bpáistí a leathnú de réir a chéile.

Sna leathanaigh seo a leanas tugtar roinnt eiseamlairí de shaghsanna cur chuige a d'fhéadfaí a úsáid sa chumadóireacht.

# Eiseamláir 20

## Scéal, amhrán nó cluiche a thionlacan

Is féidir an ceacht seo a chur in oiriúint do pháistí d'aoiseanna éagsúla, ag brath ar a dtaithí roimhe seo. Cé go gcuireann úsáid an scéil 'Na Leipreacháin agus an Gréasaí' in iúl gur páistí óga atá i gceist, beidh scéal atá chomh coitianta céanna leis, ach é níos casta, ag teastáil ó pháistí atá níos sine chun a gcéad iarrachtaí cumadóireachta a bhunú air.

Is le maisíochtaí fuaime chun scéal, amhrán nó cluiche a thionlacan agus leis na bealaí inar féidir iad seo a chur isteach sa reacaireacht a bheidh na páistí ag plé den chuid is mó sna céimeanna luatha. Díreofar an tionlacan ar ghnéithe soiléire an scéil nó an téacs, nó ar bhuaicphointe follasach, mar shampla '... Shéid sé agus shéid sé agus shéid sé an teach!' Níos faide anonn déanfar na fuaimeanna a roghnófar a thaifeadadh le siombailí chun gur féidir le daoine eile iad a léirmhíniú.

### Céim 1: An suíomh a leagan amach

Léann an múinteoir an scéal do na páistí agus comhoibríonn siad lena chéile chun an príomhthéama, na príomheachtraí nó na príomhphearsana a aithint:

- na leipreacháin
- an gréasaí agus a bhean
- an leathar á ghearradh amach
- na leipreacháin ag casúireacht agus ag fuáil
- iad ag bailiú leo agus an obair déanta.

### Céim 2: Uirlisí a roghnú

Spreagann an múinteoir na páistí le smaoineamh ar fhoinsí déanta fuaime (cnagadh coirp, fuaimeanna gutha agus uirlisí an tseomra ranga) a d'fhéadfaí a úsáid chun gnéithe den scéal a léiriú.

### Céim 3: Gnéithe a aithint

Is féidir gnéithe comhchoitianta na bhfuaimeanna a phlé:

- an gréasaí ag obair
- bean an ghréasaí ag obair
- na leipreacháin ag obair
- fuaimeanna troma casúireachta
- fuaimeanna éadroma casúireachta.

### Céim 4: Pearsana a léiriú

Is féidir leis na páistí comhoibriú lena chéile ina ngrúpaí chun pearsana áirithe a léiriú. Tar éis dóibh na fuaimeanna iomchuí a roghnú, b'fhéidir gur mhian leis na páistí iad a mhodhnú chun iad a dhéanamh níos léirithí:

- an díomá atá ar an ngréasaí nuair a fhaigheann sé amach a laghad leathair atá fágtha (is féidir fonn an ghréasaí a sheinm go bog, é ag dul in éag de réir a chéile)
- an t-iontas nuair a fhaigheann sé bróga agus iad déanta cheana féin (fonn an ghréasaí ag luas siúil, ansin ag stopadh go tobann i lár an fhoinn)
- an scleondar agus iad ag fanacht lena fheiceáil cé a bhí ag obair dóibh faoi choim (foinn nó patrúin ón ngréasaí agus óna bhean, agus fuaimeanna éadroma casúireachta na leipreachán á leanúint).

### Céim 5: An scéal a insint i bhfuaim

Ag deireadh ba chóir an scéal a thaifeadadh agus ba chóir go n-éistfeadh na páistí leis chun go bhféadfaidís machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar a bpíosa cumadóireachta sula ndéanfaidís é a athoibriú de réir mar ba ghá.

# Eiseamláir 21

## Dán a thionlacan

Amhail an ceacht roimhe seo, is féidir an cur chuige seo a chur in oiriúint do pháistí d'aoiseanna éagsúla, ag brath ar a dtaithí roimhe seo.

Is féidir gur fearr a d'oirfeadh an dán 'The Leaves' do pháistí óga, ach bhainfeadh páistí níos sine taitneamh as 'Chuala Mé an Ghaoth' (le Colm Mac Lochlainn) agus d'fhéadfaidís a gcuid cumadóireachta a bhunú air.

### Céim 1: An dán a léamh

Tar éis dó/di dán a roghnú lena chur i láthair an ranga, ba chóir don mhúinteoir é a léamh do na páistí agus an t-ábhar, na samhlaoidí agus an meon a chuirfeadh an dán in iúl a phlé leo.

D'fhéadfaí cóipeanna den dán a thabhairt do na páistí nó d'fhéadfaí é a chur ar chairt nó a theilgean ar scáileán. Ba chóir aon fhocal nó nath cainte neamhchoitianta a mhíniú.

### Céim 2: Fuaimeanna a roghnú

Ba chóir go roghnófaí fuaimeanna as foinsí éagsúla chun línte éagsúla a léiriú—níor ghá gach líne a roghnú, mar seans go mbeadh fonn ar na páistí díriú go speisialta ar mhír ar leith nó ar dhá mhír ar leith a thaitneodh leo. Níor mhór do na páistí fuaimeanna a roghnú a mhúsclódh samhlaoidí den fhómhar agus d'aimsir fhuar, mar shampla rudaí nó uirlisí miotail á mbualadh le buailteoirí crua.

**The Leaves**

*The leaves had a wonderful frolic,*
*They danced to the wind's loud song,*
*They whirled, and they floated, and scampered,*
*They circled and flew along.*
*The moon saw the little leaves dancing,*
*Each looked like a small brown bird.*
*The man in the moon smiled and listened,*
*And this is the song he heard.*
*The North Wind is calling, is calling,*
*And we must whirl round and round,*
*And then when our dancing is ended*
*We'll make a warm quilt for the ground.*

*Ní fios cé a chum*

**Chuala mé an Ghaoth**

*Chuala mé an ghaoth*
*Ag bualadh na bhfuinneog,*
*Ag canadh ar na doirse,*
*Ag séideadh na nduilleog.*

*Chuala mé an ghaoth*
*Ag luascadh an chrainn,*
*Ag leagan na slinnte*
*Anuas ón díon.*

*Chuala mé an ghaoth,*
*An oíche go léir,*
*Ag séideadh na fearthainne*
*Tríd an aer.*

*Colm Mac Lochlainn*

### Céim 3: Léiriú agus taifeadadh

Léirítear an dán ansin agus déantar é a thaifeadadh leis an tionlacan gutha agus uirlise. Is féidir an tionlacan agus an dán féin a thaifeadadh ceann ar cheann, chomh maith, agus na trí leagan a chur i gcomparáid lena chéile.

Cuirfidh an tionlacan le feasacht ar chiall focal agus nathanna cainte áirithe sa dán. Cuirfidh sé seo, ar a sheal, le tuiscint níos doimhne ar an dán féin agus cuirfear i láthair ar bhealach níos lánléirithí é dá bharr sin; déanfaidh sé seo go léir obair sna hamharcealaíona agus i dteanga a chomhlánú.

# Eiseamláir 22

## Gnéithe ceoil a úsáid

Is féidir meán an-áisiúil le haghaidh tobchumtha agus le haghaidh cumadóireachta a chur ar fáil trí na gnéithe ceoil a iniúchadh. Sa sampla a thugtar thíos déantar trí ghné a iniúchadh: dinimic (glórach/bog), luas (tapa/mall) agus comhdhéanamh simplí, cé gur féidir leis an múinteoir é seo a leathnú trí ghnéithe eile a chur leis—tondath agus uigeacht, mar shampla. Tá na hábhair a úsáidtear sa chás seo ar fáil go forleathan, agus, arís, is féidir go mbeartódh an múinteoir iad a mhalartú, ag brath ar chásanna aonair. Díríonn an ghníomhaíocht chomh maith ar thábhacht na héisteachta mar chuid den phróiseas cruthaitheach i ndéanamh ceoil.

### Céim 1: Tobchumadh le hábhair

Tugtar giota páipéir do gach páiste agus iarrtar air/uirthi tástáil (nó tobchumadh) leis an ábhar seo chun fuaim a dhéanamh.


*Beidh am agus spás ag teastáil ó pháistí nuair a bheidh siad ag tobchumadh agus is féidir go mbeidh níos mó ná seisiún amháin ag teastáil lena fháil amach cad é is fearr a n-éiríonn leis.*

### Céim 2: Éisteacht le fuaimeanna agus iad a léiriú

Éisteann an páiste leis an bhfuaim a ghintear, agus leis an bhfuaim a ghineann na páistí atá ina suí gar dó/di, de réir mar a léiríonn siad ar a seal.

### Céim 3: Na gnéithe ceoil a iniúchadh

I dtosach, athraíonn gach páiste luas a f(h)uaime féin agus éisteann sé/sí ar a s(h)eal le fuaimeanna na bpáistí eile. Ina dhiaidh sin, athraíonn gach páiste dinimic a f(h)uaime féin agus éisteann sé/sí leis na fuaimeanna eile.





### Céim 4: Comhdhéanamh a iniúchadh

Míníonn an múinteoir mar is féidir fuaimeanna éagsúla a eagrú, mar shampla fuaim Eoin (A), fuaim Shinéad (B), ansin fuaim Eoin arís (A), chun an patrún ABA a dhéanamh. Oibríonn na páistí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí, i gcomhar lena chéile, agus le cabhair an mhúinteora de réir mar is gá, chun píosa cumadóireachta níos faide a dhéanamh trína bhfuaimeanna a eagrú.

### Céim 5: Plé agus taifeadadh

Roghnaíonn gach páiste an leagan is fearr leis/léi féin, taifeadann sé/sí ar téip é agus cumann sé/sí nodaireacht ghrafach shimplí chun é a fháil ar ais ag céim níos faide anonn. Is féidir teideal a thabhairt air freisin,

m.sh.



Is féidir leis na páistí a bpíosaí a léiriú don rang ar a seal chomh maith. Is féidir céimeanna comhchosúil leo seo a leanúint agus leas a bhaint as fuaimeanna éagsúla coirp, as rudaí ar nós miotail fuíll, adhmaid, corda nó cnaguirlisí a cheannaítear. Is féidir go gcuirfeadh na píosaí cumadóireachta smaoineamh, maisíocht fuaime mar thionlacan do scéal nó an scéal féin in iúl.

# Eiseamláir 23

## Cumadóireacht le gnéithe rithimeacha

Tá nasc nádúrtha ann idir na gnéithe rithimeacha agus an obair sa snáithaonad 'Litearthacht', cé nach gá don pháiste sna céimeanna luatha ach an patrún a chum sé/sí féin a léiriú de ghlanmheabhair. Ag céim níos faide anonn, agus ag brath ar riachtanais fhorbarthacha an pháiste, is féidir na gnéithe rithimeacha sainiúla a aithint agus a nótáil.

Moltar tobchumadh gutha mar chuid den snáithaonad 'Tobchumadh' sa churaclam do rang 1 agus 2, ach is féidir é a chuimsiú go rathúil i ngníomhaíochtaí tobchumtha gach ranga, mar ghníomhaíocht beochana nó mar cheacht níos fairsinge. Is féidir téamaí le haghaidh tobchumtha ghutha a roghnú as líon an-mhór foinsí: mar shampla, ainmneacha páistí sa rang, logainmneacha áitiúla, sliabhraonta, ainmhithe, comhluachtaí déanta gluaisteán nó an bia is fearr le daoine.

### Céim 1: Téama agus cuisle a roghnú

A thúisce agus a bhíonn socrú déanta faoin téama, leagann an múinteoir buille cothrom síos a gcuirtear na fuaimeanna gutha leis. Comhdhéanamh ceithre bhuille an ceann is fusa chun tógáil air i dtosach báire, ach ba chóir breachnuithe le trí bhuille nó le cúig bhuille a iniúchadh freisin. Sa sampla seo, tá an téama bunaithe ar ainmneacha bailte móra.


### Céim 2: Línte a thobchumadh

D'fhéadfadh an múinteoir daoine aonair a roghnú chun páirt áirithe a léiriú nó d'fhéadfaí páirt a thabhairt do ghrúpa páistí. D'fhéadfaí gach líne a bhreachnú trí shosanna a chur leo, tríd an dinimic (glórach agus bog) nó raon an ghutha (guthanna arda agus ísle) a athrú, nó trí fhocail aonair a chomhcheangal lena chéile.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Grúpa 1 | Bré | Bré | Bré | Bré |
| Grúpa 2 | Baile Munna | (sos) | Baile Munna | (sos) |
| Grúpa 3 | (sos) | Muineachán | (sos) | Muineachán |
| Grúpa 4 | Eochaill | Eochaill | Eochaill | Eochaill |

### Céim 3: Plé agus taifeadadh


Tar éis dóibh gach líne a thobchumadh ar roinnt bealaí, socraíonn na páistí ar an leagan is fearr leo, agus déantar é seo a thaifeadadh, ag baint úsáide as téiptaifeadán ranga nó as gléas oiriúnach eile. Éisteann na páistí leis an taifeadadh agus pléann siad roinnt leasuithe a d'fhéadfaí a chur air, de réir mar is gá. Ar ócáid eile, d'fhéadfadh an múinteoir an taifeadadh a athsheinm chun go bhféadfaí na gnéithe rithimeacha a aithint. D'fhéadfaí leagan nótáilte den tobchumadh thuas a thaifeadadh mar




## Leathnú


Is féidir an ghníomhaíocht thuas a leathnú ar roinnt bealaí; i dtosach báire d'fhéadfaí na páistí a spreagadh chun gach líne den rithim sa tobchumadh gutha a aistriú go cnaguirlis dhifriúil, agus sa dara háit d'fhéadfaí na focail aonair a úsáid mar phatrúin le haghaidh oibre malartaí sa chumadóireacht.


Mar shampla, d'fhéadfadh go n-atheagródh páistí aonair na patrúin rithimeacha ar leith chun patrúin nua a chruthú, á léiriú ar uirlis a roghnódh an páiste féin:




Is féidir na patrúin a chónascadh ar bhealaí éagsúla:



# Eiseamláir 24

## Cumadóireacht le gnéithe séiseacha

Amhail na gnéithe rithimeacha, is ceart i gcónaí tosú ar shéiseanna a chumadh ó chomhdhéanamh ar leith. Ní hamháin go dtugann sé seo pointe dearfach tosaithe, ach déanann sé deimhin de gur fusa breathnóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

### Comhráite canta

Ag gach leibhéal ranga sa churaclam moltar comhráite canta mar mhodh áisiúil chun tús a chur le cumadóireacht shéiseach. Is féidir iad seo a bhunú ar phatrúin shimplí shéiseacha, ina mbíonn dhá nóta nó trí cinn, agus is féidir iad a léiriú le roinnt mhaith breachnuithe. Mar shampla, b'fhéidir go gcanfadh an múinteoir ceist ar nós, 'An maith leat na barraí clingíní a sheinm?' agus í bunaithe ar na nótaí l, s, m, agus chanfadh an páiste freagra uirthi, ag úsáid na nótaí céanna. Is féidir gné den litearthacht a chuimsiú trí lámhchomharthaí a úsáid:

Canann an múinteoir

***l l***

***s s*** ***s***

***m***

Déanann an páiste aithris air/uirthi le lámhchomharthaí

Canann an múinteoir patrúin dhifriúla

***l*** ***l l***

***s*** ***s s*** ***s***


***m***

Déanann an páiste aithris air/uirthi nó tugann sé/sí freagra nua

Is féidir le páistí aonair ansin an rang nó an grúpa a threorú ar a seal, gach duine acu ag cumadh a c(h)uid patrún féin.

### Patrúin choitianta rithimeacha a chónascadh le séis

Is féidir gnéithe rithimeacha a ndearnadh iniúchadh orthu ag céim níos luaithe a chur leis na patrúin shéiseacha. Mar shampla, is féidir na focalphatrúin ó thobchumthaí gutha a chur le grúpaí nótaí nó le scálaí simplí a bhfuil cluasaithne ag na páistí orthu cheana féin.




### Foinn pheinteatonacha

Is féidir úsáid a bhaint as nótaí an scála pheinteatonaigh, d, r, m, s, l, chun séiseanna a chruthú atá ceolmhar agus éasca a sheinm nó a chanadh. Is breá le páistí bheith ag tástáil leis na nótaí seo ar mhéarchlár, ag úsáid na n-eochracha dubha. Is féidir píosaí tionlacain simplí, agus dordáin iontu, a chur leo go furasta agus go héifeachtach, agus is féidir na píosaí cumadóireachta a d'eascródh as seo a nótáil i sólfá.

## ‘Saoramhránaíocht’

Cé go bhfuil sé níos deacra comhráite saoramhránaíochta a nótáil, cuireann siad modh níos éifeachtaí ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar shéis, ar dhinimic, ar mheon agus ar chomhdhéanamh. Is naisc iad le struchtúir cheoldráma ar nós dísréid, áiria agus reacaireachta. Chomh maith leis sin, is féidir iad a chomhtháthú le hachair eile den churaclaim, mar shampla ‘ag dul isteach sa phearsa’ mar chuid d’aonad staire. Is féidir teacht ar shampla de seo sa Ghorta Mór (feic Treoirlínte don Mhúinteoir: Stair), áit ar féidir beirt tiarnaí talún, duine acu cásmhar agus an duine eile neamhfhreagrach, a chur i gcodarsnacht lena chéile.

Ceisteanna nach mór do pháistí a fhreagairt agus iad ag cumadh séiseanna do na pearsana seo is ea iad seo thíos:

- Cén saghas guthanna a bheidh acu—ard nó íseal?
- An gcanfaidh siad araon an fonn céanna?
- An gcanfaidh siad araon ar an mbealach céanna nó an mbeidh duine amháin acu glórach garbh agus an duine eile níos boige agus níos séimhe?
- An gcanfaidh siad go tapa nó go mall?
- Cé mhéad líne ba chóir dóibh a chanadh?
- Conas a bheidh an t-amhrán leagtha amach?
- An mbeidh mír ann a athdhéantar?
- An gcanfaidh siad aon líne ag an am céanna?

Beidh an-chuid roghanna agus an-chuid cinnteoireachta le déanamh faoin gceol i dtionscadail den chineál seo agus, mar sin, is féidir go mbeidh go leor seisiún ag teastáil le haghaidh cumadóireachta. Ba chóir go ndéanfaí an próiseas fionnachtana agus cinnteoireachta a thaifeadadh in aon slí ar féidir leis na páistí a láimhsiú, agus idir fhocail na séise, nótaí an fhoinn agus phatrún na rithime, chomh maith lena gcuid smaointe féin faoin tasc, á nótáil acu. D’fhéadfadh gur ghá go leor athdhréachta a dhéanamh i rith an phróisis seo agus d’fhéadfaí é sin a chuimsiú mar chuid de thionscadal léirithe fadaithe. Ba chóir go gcoimeádfaí taifeadadh ar gach céim den phróiseas i mbailiúchán chun athbhreithniú a dhéanamh air ina dhiaidh sin. Chuirfeadh úsáid gléis taifeadta mar théipthaifeadán nó fhístaifeadán gné bhreise leis na céimeanna dréachta agus athbhreithnithe.

## Cumadóireacht a phlé agus a thaifeadadh

*Am áisiúil chun próiseas na cumadóireachta a phlé nuair a bhíonn a c(h)éad dréacht críochnaithe ag an bpáiste.*

Gné thábhachtach de phróiseas na cumadóireachta is ea plé agus machnamh a dhéanamh ar a rinneadh sa cheacht cumadóireachta. Fad a bhíonn an múinteoir ag éascú agus ag cothú aireagáin agus fhionnachtain an pháiste, beidh sé/sí á spreagadh chomh maith chun athbhreithniú a dhéanamh ar a phíosa cumadóireachta lena chinntiú gur chuir sé/sí i gcrích a raibh faoi/fúithi a dhéanamh. Ar an mbealach céanna, ba chóir go dtuigfeadh an páiste gur chuid dhílis den phróiseas cumadóireachta agus léirithe í an t-athbhreithniú, agus go mbíonn gach oirfeadach agus gach cumadóir sa 'saol mór' ag athbhreithniú agus ag leasú a c(h)uid oibre féin de shíor. Is féidir an próiseas a phlé agus meastóireacht a dhéanamh air ag amanna éagsúla i rith an phróisis féin, ach am an-áisiúil is ea é nuair a bhíonn a c(h)éad dréacht críochnaithe ag an bpáiste. B'fhéidir go n-eascródh smaointeoireacht ardleibhéil, idir bhriathartha agus neamhbhriathartha, as bheith ag éisteacht go hoibiachtúil lena phíosa cumadóireachta taifeadta féin. Cuirfidh imoibriú dírbhreathnú an mhúinteora agus fhéinmheastóireacht an pháiste san achar seo go mór le tuiscint an mhúinteora ar fhorás agus ar fhorbairt an pháiste mar cheoltóir. Anuas air sin, beidh plé sa snáithe *Éisteacht agus freagairt*, áit a gceadaítear don pháiste a c(h)uid tosaíochtaí féin agus na fáthanna leo a chur in iúl, mar shampla den fhéinmheastóireacht sa chumadóireacht, ag céim níos faide anonn.



## Nótáil

Ní gné riachtanach den chumadóireacht í an nodaireacht—bíodh sí caighdeánach nó cumtha; d'fhéadfadh, afách, gur chabhair sa phróiseas smaointeoireachta agus pleanála é dá scríobhfadh páistí a smaointe ceoil nó dá ndéanfaidís iad a thaifeadadh. Sna céimeanna luatha, nuair a thosaíonn páistí ag cumadh ceoil, ní bhraithfidh siad aon ghá lena scríobh síos. Níos faide anonn, áfach, agus iad ag iarraidh cuimhneamh air, tuigfidh siad an gá atá le córas meabhrúcháin a chumadh ar féidir le daoine eile é a thuiscint. Má spreagtar na páistí lena gcuid smaointe ceoil a chur i láthair le siombailí nó le pictiúir phearsanta, agus, ina dhiaidh sin, iad a léirmhíniú do dhaoine eile, tuigfidh siad go bhfuil brí agus cuspóir le

nodaireacht sa cheol. Beidh níos mó ábharthachta do na páistí ag na scileanna a forbraíodh sa snáithe 'Litearthacht' freisin. Chomh maith leis sin, is féidir obair san achar seo a chomhtháthú go rathúil le hobair sa mhatamaitic (picteagraim, cruthanna déthoiseacha), sna hamharcealaíona (líníocht, scéimre pearsanta a fhorbairt) agus níos déanaí sa tíreolaíocht (eochair léarscáile a thuiscint).

## Páirtíocht cumadóirí gairmiúla

Is féidir an pháirtíocht a bhíonn ag cumadóirí agus ag ceoltóirí gairmiúla le scoileanna trí scéimeanna éagsúla bheith ina spreagthach suntasach chun scileanna cumadóireachta agus scileanna léirithe a chomhtháthú le spreagadh cruthaitheach. D'fhéadfadh sé saol cumadóra óig a athrú ar fad deis a bheith aige/aici ceoltóir nó grúpa ceoil gairmiúil a chloisteáil ag seinm a c(h)eoil féin nó ag seinm ceoil ó fhoinsí eile; is mór ar fad an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag canadh nó ag seinm i dteannta ceoltóirí dá leithéid sin ar oirfideach óg. Gineann a leithéidí sin d'ócaidí an-spéis go deo i measc páistí, i measc tuismitheoirí agus i measc múinteoirí.

Cumadóireacht

*Ba chóir go bhforbródh gach páiste cumas feidhmithe go ceolmhar sna traidisiúin scríofa agus neamhscríofa—trí bheith ag éisteacht agus ag freagairt, ag léiriú, ag léamh, ag scríobh, ag tobchumadh agus ag cumadh.*



Ag tobchumadh le *hanklungs*

# Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Is féidir úsáid a bhaint as cláir ríomhaire chun

- éisteacht le fuaimeanna uirlisí
- éisteacht le dréachtaí ceoil
- pictiúir d'uirlisí ceoil a fheiceáil
- uirlisí a fheiceáil á seinm

*Ní bhíonn aon ghá ag múinteoir le cumas ríomhchláraithe chun ceacht éisteachta ilmheánach a chruthú nuair a bhíonn 'léarscáileanna éisteachta' á n-úsáid aige/aici.*

Is féidir úsáid theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide sa seomra ranga bheith an-spreagúil. Is mór ar fad an acmhainn iad ábhair ilmheán, go háirithe, i staidéar ar an gceol. Gan ach ríomhaire ilmheán agus péire cluasán acu, is féidir le páistí agus iad ag obair ina n-aonair, ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga éisteacht le ceol, ceol a iniúchadh agus foghlaim faoi, scileanna a chleachtadh, ábhair a thaighde agus smaointe a roinnt ar dhaoine eile lasmuigh den seomra ranga.

## Bogearraí le haghaidh éisteachta

Cuireann córais ilmheán ar chumas páiste pictiúir den chéad scoth d'uirlisí aonair a fheiceáil, agus éisteacht leis na huirlisí sin á seinm. Is féidir leis na páistí éisteacht le sleachta de phíosaí áirithe nó le léirithe iomlána. Chomh maith leis sin, iatar 'léarscáil éisteachta' réamhullmhaithe le pacáistí bogearraí áirithe, agus is féidir leo seo cabhrú leis na páistí a threorú tríd an dréacht éisteachta. Cuireann cláir eile ar chumas an mhúinteora foirmeacha a leagan amach ar chairteacha ar bhealach gur féidir teachtaireachtaí scríofa cuí a d'oirfeadh d'aon dlúthdhiosca a bheadh á úsáid a chur orthu. Is féidir leis an múinteoir áis amhairc a d'oirfeadh do cheacht éisteachta ar bith a dhearadh leis na cláir seo. Ós rud é gurb é/í an múinteoir a scríobhann é, is féidir téacs a dhearadh d'aon aois nó d'aon leibhéal ranga, agus is féidir na ceachtanna a chur in oiriúint do riachtanais shainiúla an mhúinteora.

Bíonn teachtaireachtaí téacs sioncrónacha, go háirithe, an-áisiúil. Sioncrónaítear na teachtaireachtaí téacs seo le pointí roghnaithe sa taifeadadh. Ní bhíonn aon ghá ag múinteoir le cumas ríomhchláraithe chun ceacht éisteachta ilmheánach a cheapadh leis an saghas seo clár. Nuair a bhíonn anailís ar an gceol déanta, is féidir an chairt agus an téacs a chur le chéile sa mhéid ama a thógann sé leathanach saothair a dhéanamh. Ceann de na buntáistí is mó atá ag an gcóras seo ná an cumas athsheanma atá ann trínar féidir mír ar leith ar an dlúthdhiosca a aimsiú go beacht am ar bith. Chomh maith leis sin, is féidir léarscáileanna éisteachta réamhdhéanta a úsáid mar eolaire do cheol a d'fhéadfadh bheith doshroichte murach sin.

### *Córais teilgthe*

Is féidir na pictiúir agus an t-eolas ar chórais ilmheánacha a roinnt ar ghrúpaí móra páistí trí chóras teilgthe a úsáid. Cuireann sé seo ar chumas na bpáistí go léir ábhar scáileán an ríomhaire a fheiceáil ar scáileán níos mó agus níos soiléire. I roinnt cásanna, is féidir gnáth-theilifíseán a úsáid i ngáthsholas seomra mar chóras éifeachtach teilgthe.

### Is féidir an t-idirlíon a úsáid i gcomhair

- tionscadail cheoil scoile
- naisc a bhunú idir scoileanna
- amhráin agus leathanaigh cheoil a thraschóipeáil

## An t-idirlíon

Láthair theagmhála ollmhór phoiblí is ea an gréasán domhanda, gréasán a bhfuil acmhainní gan chuimse ann. Is iomaí bunscoil a bhunaíonn a láthair ghréasáin féin chun eolas faoin scoil a chur i láthair, eolas mar pholasaí na scoile, imeachtaí atá le teacht, obair pháistí agus ghníomhaíochtaí curaclaim. D'fhéadfadh clár cinn bheith an-áisiúil i múineadh an cheoil ar roinnt cúiseanna. D'fhéadfadh gur mhian le scoil scoileanna eile a chur ar an eolas faoi imeachtaí ceoil nó léirithe sa scoil, teagmháil a dhéanamh le scoileanna eile agus le heagraíochtaí eile ceoil, agus aiseolas a fháil uathu. Tá go leor de na méarchláir nua-aimseartha comhoiriúnach don MIDI (comhéadan digiteach uirlise ceoil). Trí na méarchláir seo a nascadh le ríomhaire scoile beidh ar chumas an pháiste a chuid ceoil a chur i dtaisce mar chomhad ríomhaire. Is féidir ceol ar líne a léiríonn páistí a chur ar fáil trí fhearas MIDI a úsáid. I ngeall ar a laghad, is meáin an-éifeachtach iad comhaid MIDI chun eolas a bhaineann le ceol a tharchur ar an idirlíon.

## Cláir nodaireachta

Tá fáil go forleathan ar roinnt mhaith cláir nodaireachta ar féidir le páistí iad a úsáid sa bhunscoil. Bíonn mórán eile acu á leasú agus á nuashonrú i gcónaí agus is féidir iad a fháil ag láithreáin ghréasáin na ndáileoirí. Ligeann na cláir seo do na páistí a gceol féin—idir chanadh agus sheinm—a thaifeadadh i nodaireacht chaighdeánach nó i nodaireacht ghrafach. Is féidir an leagan clóbhuailte a shábháil ansin chun é a dháileadh, a léiriú, a athbhreithniú nó a athchóiriú amach anseo.

# Ag grinnbhreathnú ar obair páistí

*Ba chóir go mbeadh aon phlé ar obair na bpáistí dearfach.*

Is féidir forbairt an pháiste sa cheol a bhreathnú go grinn in an-chuid de na suímh teagaisc a mholtar sa churaclam. Cuirfidh dírbhreathnú an mhúinteora, tascanna a dhearann an múinteoir agus úsáid bailiúchán ar chumas an mhúinteora monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí agus ar a thuisceanaí ar tugadh faoi ghníomhaíochtaí éagsúla. Déantar cur síos ar na huirlisí seo i ráiteas measúnaithe an churaclaim.

Agus é/í ag gabháil den ghnáth-theagasc, is féidir go bhfeicfidh an múinteoir obair chomhtháite na bpáistí ar fud na dtrí shnáithe, nó i snáitheanna ar leith. Braithfidh sé seo ar na torthaí foghlama a bhíonn ceaptha ag an múinteoir le haghaidh an cheachta, laistigh den scéim oibre. Mar shampla, agus uirlis cheoil á múineadh aige/aici, d'fhéadfadh gurbh é príomhchuspóir an mhúinteora go mbeidh na páistí in ann roinnt fonn simplí a chanadh agus a sheinm agus patrúin shéiseacha a thobchumadh ag deireadh sraith ceachtanna. Laistigh de cheacht amháin, áfach, b'fhéidir gur mhian leis an múinteoir breathnú ar chumas an pháiste: greim ceart a bhreith ar an uirlis, éisteacht le treoracha agus iad a leanúint, aire a dhíriú ar thasc áirithe, oibriú i gcomhar le páirtí, agus leanúint ar aghaidh nuair a éiríonn cás áirithe an-dúshlánach.

Beidh gnéithe eile den obair sa cheol nach mbeidh chomh mór sin faoi stiúir an mhúinteora agus b'fhéidir go mbeidh níos mó neamhspleáchais, tionscnaimh agus cruthaitheachta á n-éileamh ar an bpáiste. Sna cásanna seo seans nárbh fhurasta na torthaí foghlama a thomhas agus, dá bharr seo, go mbeidh ar an múinteoir tacar eile de cheisteanna a chur chun éifeacht a c(h)uid teagaisc a mheas. Beidh ar an múinteoir bheith an-íogair nuair a bheidh obair chruthaitheach na bpáistí á plé go hoscailte sa rang. Beidh a mbród pearsanta féin ag na páistí as ar chruthaigh siad agus, cé gur chóir iad a spreagadh le hobair a chéile a phlé, ba chóir é a dhéanamh go dearfach agus go flaithiúil.

Téann an saghas sin breathnóireachta i gcion ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama go díreach; tugann sé achair ina bhfuil fadhbanna ag na páistí nó ina bhfuil ag éirí go maith leo chun suntais, agus cuireann sé eolas suimitheach cabhrach ar fáil mar aon le treoirlínte don phleanáil le haghaidh an am atá le teacht.

Agus é/í ag breathnú ar obair na bpáistí i ngach ceann de na trí shnáithe, tabharfaidh an múinteoir forbairt na ngnéithe comhtháite ceoil faoi deara freisin, de réir mar a bhíonn siad ag forás.

## Éisteacht agus freagairt

I rith ceachta ina ndíreofaí ar an snáithe *Éisteacht agus freagairt* an chuid is mó den am, b'fhéidir go gcuirfeadh an múinteoir na ceisteanna seo a leanas i dtaobh duine amháin nó níos mó de na páistí:

- An dtaitníonn an ceol leis an bpáiste?



- An bhfuil sé/sí ag díriú dáiríre ar fhoinse na héisteachta nó an bhfuil spreagthaigh eile ag cur isteach air/uirthi? Má tá fadhb ag an bpáiste díriú ar an tasc an amhlaidh atá locht ar cháilíocht fuaime an léirithe nó an taifeadta, go bhfuil easpa i gcumas cumarsáide an oirfidigh, nach bhfuil an ceol féin ábhartach don pháiste, nó an bhfuil deacracht éigin eile ann?
- An bhfuil cuspóir an dréachta éisteachta (nó an léirithe) soiléir don pháiste?
- Conas a ghluaiseann an páiste leis an gceol? Má spreagtar an páiste chun gluaiseacht leis an gceol an bhfuil na gluaiseachtaí sin nádúrtha nó faoi bhac? An féidir leis an bpáiste gluaiseacht in am le buille an cheoil? An féidir leis an bpáiste a c(h)osa agus a lámha a chomhordú, agus an buille agus an rithim a thaispeáint? An féidir leis an bpáiste cruth an fhoinn a thaispeáint, é ag bogadh ó ard go híseal, mar shampla? An dtaispeánann an páiste aon léirthuiscint ar mhíreanna nó do ranna lánléiritheacha?
- Conas a thaifeadann nó a léiríonn an páiste a f(h)reagrairt don cheol?
- An bhfuil aon tionchar ag an taithí éisteachta ar obair in achair eile an churaclaim cheoil (nascadh) nó in aon ábhair léinn eile (comhtháthú)?

## Léiriú

I rith ceachta ina ndíreofaí ar an snáithe *Léiriú* an chuid is mó den am, b'fhéidir go gcuirfidh an múinteoir na ceisteanna seo a leanas i dtaobh duine amháin nó níos mó de na páistí:

- An nglacann an páiste páirt sa ghníomhaíocht léirithe le flosc chun oibre? Más beag an spéis a léiríonn an páiste sa cheol, an i ngeall ar an tslí a gcuirtear an ceol i láthair é, an i ngeall ar úrnuacht nó seanchaiteacht na taithí é, an amhlaidh atá an leibhéal deacrachta mí-oiriúnach, nó an amhlaidh nach bhfuil an ceol ábhartach don pháiste?




- Conas a dhéileálann an páiste leis na gnéithe ceoil? An bhfuil sé/sí in ann buille cothrom a choinneáil? rithim chruinn a choinneáil? an tuinairde cheart a choinneáil? cuimhneamh ar na focail agus é/í ag canadh? an dinimic nó an luas a athrú?
- An athraíonn cáilíocht amhránaíocht nó sheinm an pháiste má bhíonn sé/sí ag léiriú leis/léi féin nó le daoine eile?
- An féidir leis an bpáiste déileáil leis na héilimh theicniúla agus leis na héilimh chomhordaithe a bhaineann le cnaguirlis nó uirlis shéiseach a sheinm? An bhfuil luas an ranga ró-thapa nó rómhall? An bhfuil an páiste ag dul chun cinn ag ráta cuí dá (h)aois? Má tá an páiste ag foghlaim uirlise lasmuigh den scoil, an bhfuil dúshlán a d(h)óthain dó/di sa ghníomhaíocht ranga?
- An oibríonn an páiste go maith le daoine eile? An éisteann an páiste go haireach le treoracha agus an bhfreagraíonn sé/sí go hiomchuí do leideanna an stiúrthóra?

## Cumadóireacht

Ós rud é gur obair ghrúpa an-chuid de na tascanna cumadóireachta, beidh ar an múinteoir dul go dtí gach grúpa ar a seal agus breathnú ar na páistí a fhad is a bhíonn siad ag obair. Soiléireofar cion gach páiste don ghrúpa sa chaoi sin.

Ar uairibh, is féidir gur gá an leagan amach laistigh de ghrúpa a chothromú, agus gur gá don mhúinteoir chinntiú go dtugtar tasc suntasach do gach páiste. Nuair a bhíonn gach grúpa tar éis an píosa saothair a chum siad a léiriú don rang, is féidir gur gá na páistí a spreagadh chun obair a chéile a phlé. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh gach páiste tuairisc ghearr measúnaithe a scríobh ag cur siós ar an gcion den obair a rinne sé/sí féin mar aon le tuairim ar cháilíocht cheol an ghrúpa. Is féidir leis an tasc seo léargas tairbheach a thabhairt don mhúinteoir ar phróiseas na cumadóireachta.

Seo thíos roinnt ceisteanna a d'fhéadfadh an múinteoir a chur air/uirthi féin nó ar an rang tar éis bheith ag éisteacht leis an toradh i gceacht cumadóireachta.

- An raibh cuspóir ar leith leis an bpíosa—scéal a thionlacan, cur síos ar rud éigin, siamsa a dhéanamh, daoine a scanrú, daoine a spreagadh? Ar bhain sé an cuspóir seo amach?
- An raibh an dréacht rófhada, ró-ghearr nó díreach i gceart?
- An raibh an chuma air go raibh na hoirfidigh ag seinm gan aird, nó arbh fhéidir eagar ginearálta a thabhairt faoi deara?
- An raibh fuaimeanna i gcodarsnacht lena chéile sa cheol nó an raibh an chuma chéanna air tríd síos? An raibh aon athdhéanamh sa dréacht? An é seo a bhí i gceist ag na páistí?
- An raibh roinnt mhaith uirlisí in úsáid sa cheol nó ceann nó dhó? Ar úsáideadh teicníochtaí speisialta, mar shampla sleamhnú trasna cúpla nóta, preabadh de roinnt nótaí nó malartú go tapa idir dhá nóta nó níos mó?
- An féidir leis na páistí a ndréacht féin a léiriú arís agus an fhuaim a choinneáil mar an gcéanna go bunúsach?
- An féidir leis na páistí a mhíniú mar a bheartaigh agus mar a d'eagraigh siad a ndréacht?
- Cad é a mhothaíonn na páistí féin faoin dréacht ceoil a chum siad?
- Cad é freagra a bpáirtithe sa rang don cheol?

*Baineann páistí an-taitneamh as fuaimeanna a thobchumadh agus a eagrú*



Roinn 6

# Aguisín

# Uirlisí ceoil atá oiriúnach do bhunscoileanna

## Uirlisí a dhéantar sa bhaile agus foinsí fuaime a dtagtar orthu

*Páipéar*
páipéar líníochta
páipéar síoda
páipéar siúcra
páirín
gloinepháipéar
cláir éimir
málaí páipéir
ubhchartáin
páipéar nuachtáin
cairtpháipéar rocach
cairtchlár teann
páipéar gréiscdhíonach
sorcóirí tuáillí páipéir
sorcóirí rolla leithris
cellophane

*Miotal*
gabhdáin scragaill
scragall airgid
tráidirí bácála, stáin chácaí
cannaí
seilfeanna oighinn
sáspain iarainn theilgthe
sceanra
feadánra copair
uirlisí
fáiscíní páipéir
lingeáin
buicéid
leicneáin
claibíní buidéil
tairní, scriúnna, boltaí
bréagáin
teannaire rothair

*Plaisteach*
spúnóga
pinn ghráinbhioracha
babhlaí
potaí planda
tonnadóirí
ráille cuirtín
gabhdáin bhia
cupáin
buidéil dí
rialóirí
potaí iógairt
bréagáin
málaí iompair
cíora agus scuaba
cnaipí agus spóil snátha
cipíní itheacháin

*Rubar*
tiúbanna boinn
balúin
bandaí rubair

*Adhmad*
pinn luaidhe
cipíní itheacháin
cláir mhionghearrtha
cipíní líreacáin
boscaí
rialóirí
spúnóga adhmaid
babhlaí
gearrthóga
cosa scuaibe

*Rudaí nádúrtha*
craobhóga
buaircíní
púróga
duilleoga triomaithe
piseanna, pónairí, rís triomaithe
gaineamh
faighneoga síolta
blaoscanna gallchnónna
sliogáin mhara
ribí féir

*Gloine, criadóireacht*
prócaí cré bláthanna
buidéil ghloine
mirlíní
gloiní óil

*Fabraicí agus snáithíní*
veilbhit
raifia
tafata
flocas cadáis
corda

## Cnaguirlisí tiúnta

| | |
|---|---|
| barraí clingíní | gach nóta |
| glockenspiels | gach nóta |
| miotalfóin | gach nóta |
| xíleafóin (soprán, alt, dord) | gach nóta |

## Cnaguirlisí neamhthiúnta

ceoláin (m.sh. ceoláin bhó de mhéideanna éagsúla)

clabhaí (péirí de mhéideanna éagsúla)

ciombail (ciombal mór amháin ar sheastán san áireamh)

drumaí (bongo, tambóir, tabla)

ganganna

ceoláin Indiacha

clingmhaidí (clingchloig)

maracas (adhmad agus plaisteach)

sreangdhrumaí (cruthanna agus méideanna éagsúla)

tambóiríní (cruthanna agus méideanna éagsúla)

triantáin (ar aon tiús lena chéile ach de mhéideanna éagsúla)

bloic adhmaid (bloc tiúilipe, bloic adhmaid dháthonacha)

## Uirlisí séiseacha

feadóg stáin in D le haghaidh úsáid ranga (ach d'fhéadfadh scoileanna raon a bhailiú le haghaidh úsáid aonair na bpáistí)

rogha d'fheadóga stáin eile le haghaidh iniúchta fuaime agus le haghaidh cumadóireachta, m.sh. in G, F nó C


fliúit Shasanach fhorshéiseach le haghaidh úsáid ranga

teanóirfhliúiteanna Sasanacha, fliúiteanna Sasanacha sopráinín agus altfhliúiteanna Sasanacha d'obair le grúpaí ceoil

méarchláir


sintéiseoirí

# Conas greim a choinneáil ar roinnt cnaguirlisí agus iad a sheinm




## An triantán

Le lámh amháin, coimeádtar greim ar an triantán agus é ar bogarnach ar chorda nó ar iall leathair atá ceangailte dá chúinne uachtarach. Beirtear ar an mbuailteoir leis an lámh eile agus is féidir an uirlis a bhualadh ar an taobh amuigh nó ar an taobh den bhonn. Ba chóir na buillí a bheith mín lingeach, faoi mar a bheadh liathróid á preabadh. D'fhéadfaí an buailteoir a bhualadh go tapa laistigh in aghaidh an bhoinn agus thaobh na huirlise chun fuaim thríligh nó thremolo a ghiniúint.




## Ciombail agus ciombail mhéire

Go traidisiúnta seinntear na ciombail trína hiallacha leathair a choinneáil, ceann i ngach lámh agus na ciombail a bhualadh ar a chéile. Is féidir ligean don fhuaim tonnchrith nó is féidir í a mhúchadh trí na ciombail a bhrú i gcoinne an choirp. Is mó a d'oirfeadh sé do pháistí óga ciombal amháin a chur ar bogarnach óna iall agus é a bhualadh le buailteoirí difriúla chun fuaimeanna éagsúla a ghiniúint. Chun fuaim mhín a ghiniúint is féidir ciombal amháin a bhualadh go bog ar fhaobhar cinn eile. Mionchiombail iad ciombail mhéire, a choinnitear idir na méara agus a bhuailtear ar a chéile chun ton soiléir ar nós ceoláin a dhéanamh. Is féidir iad a chur ar na méara le lúba leaistice chomh maith.



## Ceoláin Indiacha

Dhá dhiosca práis is ea an uirlis seo, iad ceangailte dá chéile le píosa corda. Ba chóir greim bog a choinneáil ar an gcorda i ngach lámh, agus an ceolán íochtarach a bhualadh leis an gceann uachtarach ar shlí go bpreabann faobhar diosca amháin in aghaidh dhromchla cothrom an chinn eile.




## Ceolán bó

Is féidir greim a bhreith ar an gceolán bó i gcuas láimhe amháin agus é a bhualadh le buailteoir sa lámh eile. Is féidir an ceolán bó a chur ar bogarnach óna lúb uachtarach, agus é a bhualadh ar an taobh amuigh nó ar an taobh istigh.




## Ceoláin mhiotail agogo

Coimeádtar greim ar an uirlis seo ina lár agus buailtear le buailteoir í. Bíonn fuaim shoiléir cheoláin aige, agus bíonn ton difriúil ag an dá cheolán.




## Clingmhaidí agus clingchloig

Bíonn lámh adhmaid ag clingmhaide agus dhá cheolán nó níos mó feistithe den dá cheann. Is féidir é a sheinm trína chroitheadh nó, chun rithim níos géire a dhéanamh, trína chniogadh go gasta in aghaidh na láimhe. Uirlis cosúil le clingmhaide is ea sistrum ach go mbíonn níos mó ceolán air. Bíonn cruth leathchiorclach ar cheoláin chairr shleamhnáin agus is féidir iadsan a sheinm chomh maith trí ghreim a bhreith ar an lámh agus an uirlis a chroitheadh go réidh.




## Cabasa

Is féidir cabasa a sheinm trína chroitheadh. Os a choinne sin, agus is é seo an rud is gnáthaí, seinntear é trí na coirníní a imchasadh in aghaidh an tsorcóra lárnaigh mhiotalaigh chun fuaim dhíoscánach a dhéanamh.




## Bloc adhmaid

Bloc dronuilleach d'adhmad crua is ea an bloc adhmaid aontonach. Coimeádtar greim air le lámh amháin agus buailtear le buailteoir é. É a sheinm le péire bataí drumaí an modh is éifeachtaí.




## Bloc adhmaid déthonach

Mar a thugann an t-ainm le fios, is féidir leis an uirlis seo dhá thon éagsúla a ghiniúint. Beirtear greim ar an lámh agus buailtear an dá thaobh le buailteoir adhmaid.




## Bloc tiúilipe

Cruth tiúilipe ar a bhfuil ceann cuasach a bhíonn ar bhloc tiúilipe. Coimeádtar i lámh amháin é agus seinntear é le maide a choimeádtar sa lámh eile. Is féidir fuaimeanna éagsúla a dhéanamh trí chodanna difriúla den cheann a bhualadh.




## Guiro

Uirlis ubhchruthach ar a bhfuil dromchla rocach is ea guiro. D'fhéadfadh poill mhéire a bheith ann mar chabhair chun greim a choinneáil air. Coimeádtar greim air i lámh amháin agus scríobtar é le maide sa lámh eile, chun fuaim dhíoscáin a chruthú. Déantar guironna as ábhair éagsúla, miotal agus adhmad ina measc. Is minic a bhíonn níos mó ná dromchla fiaclach amháin ar ghuironna miotalacha, agus dá bharr sin is féidir raon níos mó d'fhuaimeanna éagsúla a dhéanamh orthu.




## Agogo adhmaid

Is féidir an t-agogo adhmaid a bhualadh ar nós an bhloic adhmaid dhéthonaigh nó é a scríobadh ar nós an guiro.




## Clabhaí

Bataí d'adhmad crua iad seo. Is féidir iad a bheith éagsúil ó thaobh túis de. Coimeádtar maide amháin i gcuas láimhe amháin agus buailtear leis an maide eile é.




## Castainéid

Is furasta greim a choinneáil ar chastainéid a bhfuil lámh adhmaid orthu agus gineann siad rithim shoiléir. Is féidir leis na páistí an uirlis a choinneáil i lámh amháin agus é a bhualadh ar bhos na láimhe eile. Uaireanta úsáidtear banda de leaistic láidir chun péire caistainéad a cheangal. Coimeádtar na huirlisí idir na méara, agus déantar iad a smeachadh le chéile de luail mhiotóige.




## Maracaí

Coimeádtar maracas sa dá lámh, agus croitear iad chun an toradh atá a theastáil a chruthú. Is leor maraca amháin an duine do pháistí óga. Is féidir maisíochtaí fuaime éagsúla a chruthú trí dhéine nó luas na croitheadóireachta a athrú.




## Tambór

Go bunúsach, is tambóirín gan gligíní é tambór. Is féidir an tambór a bhualadh leis an lámh, ach de ghnáth úsáidtear buailteoir bog feilte chuige. Oireann an tambór go han-mhaith lena úsáid in ionad druma agus tá na cinn mhóra, a chruthaíonn toin níos ísle, go han-mhaith chun buille aiceanta a sheinm.




## Tambóirín

Tá an tambóirín cosúil leis an tambór, ach amháin go mbíonn gligíní timpeall an chinn aige. Is féidir é a sheinm ar roinnt bealaí chun maisíochtaí fuaime difriúla a bhaint amach. Is féidir greim a choinneáil ar a fhaobhar agus é a chroitheadh chun fuaim ghligíneach tremolo a mbíonn déine agus luas athraíoch aici a chruthú. Is féidir greim a choinneáil air le lámh amháin freisin agus é a bhualadh nó a chniogadh leis an lámh eile, agus barra na méar, na hailt agus na bosa a úsáid chun leibhéil dhifriúla láine a chruthú. Tá go leor saghsanna éagsúla de thambóiríní ar fáil—le craiceann nó gan é agus ar chruthanna suimiúla, ar nós an tambóirín leathchiorcligh.




## Drumaí bongo

Drumaí décheannacha iad seo, a sheinntear leis na bosa oscailte, nó le barra na méar, ag brath ar cén mhaisíocht fuaime atá ag teastáil. De ghnáth coimeádtar iad idir na glúine, ach beidh sé níos fusa do pháistí óga iad a chur ar dhromchla bog (tuáille fillte), suí síos os comhair na huirlise amach agus seinm lena lámha. Is féidir drumaí níos daoire a chur ar sheastáin.



## Glockenspiel, xíleafón agus miotalafón


Uirlis is ea an glockenspiel ar a bhfuil eochracha cruach de mhéideanna éagsúla. Bíonn ton soiléir, cosúil le ceolán, aici agus bíonn athshondas maith aici. Bíonn na nótaí in eagar ar nós eagar nótaí an phianó agus buailtear iad le buailteoir nó le dhá bhuailteoir. Tá an xíleafón cosúil leis an nglockenspiel, ach amháin go bhfuil eochracha adhmaid air, agus iad ar bhosca athshondach. Bíonn ré níos giorra ag na nótaí ná mar a bhíonn ag notaí an glockenspiel agus bíonn tondath níos 'tirime' acu. Déantar barraí an mhiotalafóin as cóimhiotal alúmanaim, agus bíonn ré athshondais an-fhada acu.




## Barraí clingíní

Is féidir iad seo a cheannach ceann ar cheann agus bíonn a bhuailteoir féin ag gach ceann acu. Bíonn méideanna éagsúla ag na barraí agus de ghnáth bíonn lipéid lena gcliathainmneacha ar na nótaí; is é an leagan litreach a úsáidtear, m.sh. C, D, E, F, srl.


# Lámhchomharthaí




*doh'*




*ti*




*lah*




*soh*




*fa*



*mi*



*re*



*doh*

# Seicheamh a mholtar i rithim

| Luach an nóta | Ainm an nóta | Siolla rithime | Cliathnodaireacht | Slatnodaireacht | Patrúin rithime |
|---|---|---|---|---|---|
| buille amháin | *croisín* | *ta* | ♩ | \| | \| \| \| \| |
| leathbhuille | *camán* | *ti*<br>*ti-ti* (do dhá cheann) | ♪ (♫) | ᒧ (⊓) | \| \| ⊓ \|<br>⊓ ⊓ \| \| |
| sos buille amháin | *sos croisín* | *(gotha)* | 𝄽 | Z | \| z ⊓ \|<br>\| \| z \| |
| leathbhuille - buille - leathbhuille | *camán-croisín-camán* | *syn-co-pa* | ♪ ♩ ♪ | ᒧ \| ᒧ | ᒧ \| ᒧ \| \|<br>ᒧ \| ᒧ ⊓ \|<br>\| ⊓ ᒧ \| ᒧ |
| dhá bhuille | *minim* | *ta-aa* | 𝅗𝅥 | 𝅗𝅥 | \| ⊓ 𝅗𝅥<br>ᒧ \| ᒧ 𝅗𝅥 |
| trí bhuille | *minim poncaithe* | *ta-aa-aa* | 𝅗𝅥. | 𝅗𝅥. | 𝅗𝅥. z<br>𝅗𝅥. \| |
| ceithre bhuille | *leathlán* | *ta-aa-aa-aa* | 𝅝 | 𝅝 | 𝅝 |
| buille go leith | *croisín poncaithe* | *ta-i* | ♩. | \|. | \|. ᒧ \| \|<br>\|. ᒧ ⊓ z |
| Leathnú na rithime | | | | | |
| ceathrú buille (i gceathaireanna agus i ndónna) | *leathchamán*<br><br>*camán agus dhá leathchamán* | *ti-ri-ti-ri*<br><br>*ti ti-ri*<br><br>*ti-ri ti* | 𝅘𝅥𝅯𝅘𝅥𝅯𝅘𝅥𝅯𝅘𝅥𝅯<br>♪ 𝅘𝅥𝅯𝅘𝅥𝅯<br>𝅘𝅥𝅯𝅘𝅥𝅯♪ | ⊓⊓⊓ (double)<br>⊓ ⊓⊓ (double)<br>⊓⊓ (double) ⊓ | \| \| ⊓⊓⊓ \|<br>\| ⊓ ⊓⊓ \|<br>⊓ ⊓ ⊓⊓ \| |

| Comharthaí | Cliathnodaireacht | Slatnodaireacht | Sampla |
|---|---|---|---|
| 2 bhuille croisín i mbarra | 2/4 | 2 over ♩ | \| ⊓ |
| 3 bhuille croisín i mbarra | 3/4 | 3 over ♩ | \| ⊓ \| |
| 4 bhuille croisín i mbarra | 4/4 | 4 over ♩ | \| z ⊓ \| |
| 6 bhuille camáin i mbarra | 6/8 | 6 over ♪ | ⊓⊓ \| ᒧ |
| 9 bhuille camáin i mbarra | 9/8 | 9 over ♪ | \| ᒧ ⊓⊓ ⊓⊓ |

# Seicheamh a mholtar i séis

| **Tuinairde**<br>(sólfá tonach: leagtar béim ar airde inaistrithe) | **Idirchéimeanna**<br>(i sólfá tonach) | **Patrúin shéiseacha** | **Dearbhairde**<br>(ainmneacha litreach: leagtar béim ar bhuanairde) |
|---|---|---|---|
| *s, m* | *s-m  m-s* (miontréach) | *s-m-s-s-m-m*<br>*m-m-s-s m-s* | |
| *l, s, m*<br>(le lámhchomharthaí amháin) | *l-s  s-l* (déach mór)<br>*l-m  m-l* (ceathrach foirfe) | *s-l-s-m  s-s-l-l-s-s-m*<br>*l-(s*)-m  l-m  l-l-m-m*<br>*m-s-l  m-(s)-l  m-l* | |
| *l, s, m / m, r, d*<br>(lámhchomharthaí agus cliath dhá líne nó thrí líne) | *m-d  d-m* (tréach mór)<br>*m-r  r-m* (déach mór)<br>*r-d  d-r* (déach mór) | *s-m-d  d-m-s*<br>*s-l-s-m d  d-m-s-l-s*<br>*m-r-d  d-r-m*<br>*d-d-r-r-m-r-d* | |
| *l, s, m, r, d*<br>(lámhchomharthaí agus cliath thrí líne) | *s-d  d-s* (cúigeach foirfe)<br>*l-r  r-l* (cúigeach foirfe) | *s-m-d  s-(m)-d  s-d*<br>*d-(m)-s  d-s*<br>*l-s-m-r-d  l-(s)-m-r-d;*<br>*l-(s-m) r  l-r*<br>*d-r-m-s-l  r-(m-s)-l  r-l* | B, A, G<br>E |
| *l, s, m, r, d*<br>(lámhchomharthaí, méarchliath agus cliath chúig líne) | *d-l  l-d* (séach mór) | *d-r-m-s-l  d-(r-m-s)-l*<br>*d-l*<br>*l-s-m-r-d  l-(s-m-r) d*<br>*l-d* | D′, C′<br>(ochtach os cionn C mheánaigh) |
| *l, s, f, m, r, d  s íseal, l íseal,*<br>(léamhchomharthaí, méarchliath agus cliath chúig líne)<br>gléaschomharthaí C, G mór | *d-l,  l,-d* (miontréach)<br>*d-s,  s,-d* (ceathrach foirfe)<br>*m-l,  l,-m* (cúigeach foirfe)<br>*m-s,  s,-m* (séach mór) | *d-l,  l,-d*<br>*m-r-d-l,-d*<br>*d-l,-s,  d-(l,)-s,  d-s,*<br>*m-r-d-l,-s;*<br>*m-(r-d)-l,  m-l,*<br>*l,-(d-r)-m  l,-m*<br>*m- (r-d-l,)-s,  m-s,*<br>*s,- (l-d-r)-m  s,-m* | F, D, C (meánach)<br>F# |
| *d′, t, l, s, f, m, r, d*  (cliath chúig líne)<br>gléaschomharthaí: D agus F mór | *r-s,  s,-r* (cúigeach foirfe)<br>*r-l,  l,-r* (ceathrach foirfe)<br>*s-s,  l- l,* (ochtach foirfe)<br><br>*d′-d* (ochtach foirfe) | *(m)-r-d-l,-s,*<br>*r-(d-l,)-s,  r-s,*<br>*s,- (l,-d)-r  s,-r*<br>*r-(d)-l,  r-l,*<br>*l,-(d)-r  l,-r*<br>*s-m-r-d-l,-s,*<br>*s-(m-r-d-l,)-s,  s-s,*<br>*l-s-m-r-d-l,*<br>*l-(s-m-r-d)-l,  l-l,*<br>*d′-l-s-m-r-d*<br>*d′-(l-s-m-r)-d  d′-d* | E′<br>C#′, B♭ |
| | *d-t* (leath-thon)<br>*f-m* (leath-thon) | *d-t-d  d-t-l-s*<br>*s-f-m-r-d  d-r-m-f-s*<br>*d′-t-l-s-f-m-r-d*<br>*d-r-m-f-s-l-t-d′* | |

*Seasann d′ do doh ard*
*Seasann s, do soh íseal*
*Seasann l, do lah íseal*

**Ní fhuaimnítear an nóta os ard ach cloistear go hinmheánach é.*

# Éisteacht le ceol: cnuasach samplaí

## Ceol na hÉireann

*Dáileann Cló Iar-Chonnachta an-chuid de na taifeadtaí seo thíos*

### *Grúpaí*

- Altan, *Blackwater*
- Na Casaidigh, *Óró na Casaidigh*
- Na Chieftains, *The Chieftains Albums*
- Clannad, *In Concert*
- Dónal Ring Céilí Band, *Come to the Céilí*

### *Oirfidigh aonair*

- Derek Bell (cláirseoir), *Ancient Music for the Irish Harp*
- Mary Bergin (seinnteoir feadóige stáine), *Feadóga Stáin*
- Willie Clancy (píobaire), *The Pipering of Willie Clancy, vol. 1 and 2*
- Martin Hayes (fidléir), *The Lonesome Touch*
- Matt Molloy (fliúiteadóir), *Stony Steps*
- Colm Murphy (seinnteoir bodhráin), *An Bodhrán/The Irish Drum*
- Eilín Ní Bheaglaoich (amhránaí), *A Cloak of Many Colours*
- Sharon Shannon (seinnteoir ar an gcairdín), *Out the Gap, Each Little Thing*

### *Díolamaí de cheol Gaelach*

- Bringing It All Back Home (BBC)
- Ceiliúradh (Cló Iar-Chonnachta)
- River of Sound (RTÉ)
- Seoda Sean-Nóis as Tír Chonaill (oirfidigh éagsúla)
- Trad at Heart (Dara)
- Traditional Music of Clare and Kerry (RTÉ)
- Traditional Music of Galway and Limerick (RTÉ)
- Traditional Music of Ireland (HMV)
- Traditional Music of Ireland, vol. 1 and 2 (Cló Iar-Chonnachta)

*Ceol Gaelach ar nós nua-aimseartha*

Anúna, *Omnis*

Enya, *Shepherd Moon*

Tadhg Mac Dhonnagáin, *Raifteirí san Underground*

Nóirín Ní Riain, *Soundings*

Colm Ó Foghlú, *Echoing*

Mícheál Ó Súilleabháin, *Cry of the Mountain, Between Worlds*

*Taifeadtaí de cheol ceolchoirme le cumadóirí Éireannacha comhaimseartha atá ar fáil ón Contemporary Music Centre*

John Buckley, *Three Lullabies for Deirdre*

Patrick Cassidy, *The Children of Lir*

Shaun Davey, *The Brendan Voyage*

John Gibson, *Reflections in the Water, Imaginaire Irlandais*

Ronan Hardiman, *Lord of the Dance*

Bryan O'Reilly, *The Children of Lir*

Seán Ó Riada, *Mise Éire, Saoirse*

Bill Whelan, *Riverdance, The Seville Suite*

*Díolamaí*

*Contemporary Music from Ireland, vol. 1*

ina bhfuil ceol le Sweeny, Deane, Martin, Barry, O'Leary, Gardner, Kinsella, Boydell, Buckley

*Contemporary Music from Ireland, vol. 2*

ina bhfuil ceol le Guilfoyle, J. Wilson, Hayes, I. Wilson, Bodley, Corcoran, Johnston, Farrell, Doyle

*Irish Fantasy*

ina bhfuil ceol le Ferguson, Esposito, T. C. Kelly, Stanford, Nelson

*Romantic Ireland*

ina bhfuil ceol le Victory, Potter, O'Connor, Larchet, Duff, Ó Riada

Snagcheol

Ronan Guilfoyle, *Septet Music*

## Ceol ó réanna éagsúla

*Tá an-chuid de na teidil seo a leanas ar fáil go forleathan faoi lipéid éagsúla.*

### *An ré bharócach (1600—1750)*

J. S. Bach, 'Air' (as *Orchestral Suite No. 3 in D major*), 'Bandinerie' (as *Orchestral Suite No. 2 in B minor*)

G. F. Handel, *Music for the Royal Fireworks*

A. Vivaldi, *The Four Seasons*

### *An ré chlasaiceach (175—1820)*

L. van Beethoven, *The Pastoral Symphony (Symphony No. 6)* agus *Symphony No. 5* (an chéad ghluaiseacht)

J. Haydn, *The Surprise Symphony (Symphony No. 94 in G,* an chéad ghluaiseacht) agus *The Toy Symphony*

W. A. Mozart, 'Ah, vous dirai-je, maman' (breachnuithe ar 'Twinkle, Twinkle, Little Star') agus *Eine Kleine Nachtmusik*

### *An ré rómánsach (1820—1920)*

F. Mendelssohn, *Hebrides Overture*

C. Saint-Saëns, *Carnival of the Animals*

R. Strauss, *Also Sprach Zarathustra* (gluaiseacht thosaigh)

R. Wagner, *Ride of the Valkyries* (Die Walküre, tús acht III)

### *An ré nua-aimseartha*

B. Britten, *The Young Person's Guide to the Orchestra*

C. Debussy, *The Little Shepherd*

G. Holtz, *The Planets*

I. Stravinsky, *The Soldier's Tale, The Rite of Spring* agus *The Firebird*

H. Villa-Lobos, *Bachianas Brasileiras*, No. 2 agus No. 5

## Stíleanna éagsúla ceoil

### *Samplaí de shaothar oirfideach difriúil*

Amhránaithe tíre*: Simon and Garfunkel, Joni Mitchell, Bob Dylan*

Ceol 'country and western': Patsy Cline, Suzanne Prentice, Hank Williams

Na gormacha: Billie Holliday, B. B. Kin, Bessie Smith, Ella Fitzgerald

Snagcheol: *Greatest Hits* le Louis Armstrong, *What is Jazz?* le Leonard Bernstein

Luasc-cheol: Duke Ellington, Count Basie, Glen Miller

Anamcheol: Otis Redding, Tina Turner, Aretha Franklin

Rock-cheol: Beatles, the Rolling Stones, the Beach Boys

Ceol pobail: U2, Boyzone, the Cranberries, Oasis

### *Ceoldráma*

E. Humperdinck, 'Evening Prayer' (as *Hansel and Gretel*)

W. A. Mozart, 'The Bird Catcher Song' (as *Die Zauberflöte*), *Le Nozze di Figaro*

J. Offenbach, 'Barcarolle' (as *The Tales of Hoffmann*)

G. Puccini, *'Nessun Dorma'* (as *Turandot*), 'The Humming Chorus' (as *Madame Butterfly*)

G. Verdi, 'La Donna è Mobile' (as *Rigoletto*)

### *Seónna ceoil agus mion-cheoldrámaí*

L. Bart, *Oliver!*

W. Gilbert agus A. Sullivan, *HMS Pinafore, The Pirates of Penzance, The Mikado*

A. Lloyd Webber, *The Phantom of the Opera, Joseph and the Amazing Technicolour Dreamcoat, Cats, Aspects of Love*

R. Rogers agus O. Hammerstein, *The Sound of Music, South Pacific*

C. Michel Schönberg, *Les Misérables*

C. Strouse, *Annie*

### *Ceol scannán*

J. Williams, amhráin téama as *ET, Superman, Jaws*

E. Morricone, amhráin téama as *The Mission, Cinema Paradiso*

Dáileann Cló Iar-Chonnachta na teidil seo a leanas:

### *Ceol cultúr eile*

J. agus C. Perri, *El Condor Pasa*

H. agus G. Turkmenler, *Songs and Dances from Turkey*

Adzido, *Under African Skies*

Chinese Classical Folk Music, *The Chinese Flute*

Bushfire-Didgeridoo, *Music of the Australian Aborigines*

## Ceol do chuspóirí éagsúla

### *Ceol ina bhfuil mothú láidir buille*

J. Strauss, *Radetzky March*

Ceol rince na hÉireann (poirt, coir, cornphíopaí éagsúla srl.)

S. Moradi, 'Savar-Bazi' as *The Music of Lovestan, Iran*

P. Simon, *Graceland, Rhythm of the Saints*

Fleetwood Mac, *Tusk*



*Ceol agus scéal ann*

The Beatles, *Ob la di*

Mary Black, *Sonny*

Chris de Burgh, *A Spaceman Came Travelling*

P. Dukas, *The Sorcerer's Apprentice*

G. Kleinsinger, *Tuby the Tuba*

Carole King, *Smackwater Jack*

S. Prokofiev, *Peter and the Wolf*

B. Smetana, *The Moldau (Má Vlast)*

*Ceol a bhfuil teideal léiritheach aige*

L. Anderson, *Typewriter, Sleigh Ride*

H. Blake, *'Walking in the Air'* (ó *The Snowman*)

C. Debussy, *'Golliwog's Cakewalk'* (as *Children's Corner Suite*)

G. Miller, *Chatanooga Choo Choo*

L. Mozart, *Sleigh Ride*

N. Rimsky-Korsakov, *Flight of the Bumble Bee*

M. Mussorgsky, M. Ravel, 'Ballet of the Unhatched Chicks' (as *Pictures at an Exhibition*)

*Ceol ina bhfuil séiseanna coitianta (m.sh. ón bhfógraíocht)*

Goldman, *Children's March* (ina bhfuil deich gcinn de rainn pháistí)

I. Stravinsky, *Greeting Prelude* (ina bhfuil Happy Birthday)

Carly Simon, *Itsy Bitsy Spider*

R. Vaughan Williams, *Fantasia on Greensleeves*

*Ceol bog*

Procul Harum, *A Whiter Shade of Pale*

Enya, *Orinoco Flow*

E. Grieg, *Holbert Suite*

M. Ravel, 'Petit Poucet and Prelude' (as *Mother Goose Suite*)

G. Bizet, 'Berceuse' (as *Jeux d'Enfants*)

Ceol d'ócáid shona

B. Smetana, 'Dance of the Comedians' (as *The Barted Bride*)

A. Dvořák, *Carnival Overture*

G. Bizet, 'Galop' (ó *Jeux d'Enfants*)

### *Ceol spreagúil fuinniúil*

F. Grofé, *Grand Canyon Suite*

L. Van Beethoven, *Cariolan Overture*

S. Rachmaninov, *Isle of the Dead*

### *Máirseálacha, ceol maorga*

E. Elgar, *Pomp and Circumstance Marches Nos. 1—4*

F. Mendelssohn, 'Wedding March' (as *A Midsummer Night's Dream*)

R. Rogers, 'March of the Siamese Children' (as *The King and I*)

G. Verdi, 'Grand March' (as *Aïda*)

W. Walton, *Crown Imperial March*

R. Wagner, Grand March' (as *Tannhäuser*)

### *Ceol diaga*

Cantaireachtaí agus iomainn as Taizé

Carúil Nollag: *Scenes from an Irish Childhood,* taifeadadh le *Cór na nÓg*

G. F. Handel, 'Hallelujah Chorus' (as *Messiah*)

Cantaireacht Ghreagórach: *The Monks of Glenstal Abbey*

Taifeadtaí de chóir as séipéil agus as ardeaglaisí éagsúla

*Tibetan Monks of the Bon Religion*

A. Lloyd Webber, *Requiem*

W. A. Mozart, *Requiem*

# Foinsí faisnéise le haghaidh ábhar ceoil agus gníomhaíochtaí ceoil

An Áirc, Lárionad Cultúir na Leanaí
11a Sráid Eustace
Baile Átha Cliath 2
Uimhir Teileafóin: (01) 6707788
Ríomhphost info@ark.ie
http://www.ark.ie

An tOifigeach Oideachais agus For-rochtana
An Ceoláras Náisiúnta
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
Uimhir Teileafóin: (01) 4751666
Ríomhphost lucy.champion@nch.ie

The Contemporary Music Centre
95 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Uimhir Teileafóin: (01) 6612105
Ríomhphost info@cmc.ie
http://www.cmc.ie

An Lárleabharlann Cheoil
Lárionad ILAC
Sráid Anraí
Baile Átha Cliath 1
Uimhir Teileafóin: (01) 8734333
Ríomhphost cicelib@iol.ie
http://www.ireland.iol.ie/resource/dubcitylib/

Fuaim: An Cumann um Fhorbairt Oideachais sa Cheol ag an mBunleibhéal
Lárionad Oideachais Dhroim Conrach
Baile Átha Cliath 9
Uimhir Teileafóin: (01) 8379799
Ríomhphost: fuaim@esatclear.ie
http://www.esatclear.ie/~fuaim

Córfhéile na Scoileanna
Lárionad Oideachais Dhroim Conrach
Droim Conrach
Baile Átha Cliath 9
Uimhir Teileafóin: (01) 8379799

Cór na nÓg/The National Children's Choir
Colette Hussey
16 Rocwood
Bóthar Bhré
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
Uimhir Teileafóin: (01) 2783283

Cumann Cheol na hÉireann
f.ch. The Walton New School of Music
69 Mórshráid Sheoirse Theas
Baile Átha Cliath 2
Uimhir Teileafóin: (01) 4785368

Cumann Náisiúnta na gCór/Association of Irish Choirs
Sráid Uí Dhraighneáin
Corcaigh.
Uimhir Teileafóin: (021) 312296
Ríomhphost cnc@iol.ie

Lárionad Ceoil Cruinne Éireann
Ollscoil Luimnigh
Luimnigh
Uimhir Teileafóin: (061) 202590
Ríomhphost: paula.dundon@ul.ie
http://www.ul.ie/~iwmc/



Cumann Cheol Tíre na hÉireann
15 Sráid Henrietta
Baile Átha Cliath 1
Uimhir Teileafóin: (01) 8730093
Ríomhphost: npupipes@iol.ie

Cumann Kodály na hÉireann
Bosca Poist 4569
Baile Átha Cliath 9

Lárionaid oideachais
*(Féach an t-eolaire teileafóin le haghaidh Uimhir Teileafóin an lárionaid áitiúil.)*

Comhaltas Ceoltóirí Éireann
32 Cearnóg Belgrave
Baile na Manach
Co. Bhaile Átha Cliath
Uimhir Teileafóin: (01) 2800295

Taisce Cheol Dúchais na hÉireann
63 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
Uimhir Teileafóin: (01) 6619699

An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
Uimhir Teileafóin: (01) 6180200
Ríomhphost: info@artscouncil.ie
http://www.artscouncil.ie

Music Network
Teach an Chóiste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2
Uimhir Teileafóin: (01) 6719429
Ríomhphost: musicnet@indigo.ie

Ceol
'Tá an traidisiún beo'
Margadh na Feirme (Smithfield)
Baile Átha Cliath 7
Uimhir Teileafóin: (01) 8173820
http:/www.ceol.ie

# Foinsí tagartha don churaclam agus do na treoirlínte


| | | |
|---|---|---|
| Addison, R. | *Bright Ideas Music* | Leamington Spa, Scholastic, 1987 |
| Baltzer, S. | 'Enhancing Aural Lessons with Multimedia Programs' in *Music Educator's Journal* | Iml. 83/3, 1996 |
| Bird, W., agus Bennett, E. | *Music all the Time* | Chester, Chester Music, 1988 |
| Bord Curaclaim agus Scrúduithe | *The Arts in Education* | Baile Átha Cliath, Bord Curaclaim agus Scrúduithe, 1985 |
| Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | *Tuarascáil na Comhairle Athbhreithnithe don Churaclam Bunscoile* | Baile Átha Cliath, CNCM, 1990 |
| Choksy, L. | *The Kodály Method* | Englewood Cliffs, Prentice-Hall, 1988 |
| Department of Education and Science | *Music in the National Curriculum* | London, HMSO, 1995 |
| Elliott, D. J. 1995 | *Music Matters: A New Philosophy of Music* | New York, Oxford University Press, |
| Espeland, M. | 'Music in Use: Responsive Music Listening in the Primary School' in *British Journal of Musical Education* | Iml. 4/3, 1987 |
| Farmer, B. | *Springboards: Ideas for Music* | Melbourne, Nelson, 1988 |
| Fontes, P. J., agus Kellaghan, T. *Its Implementation and Effects* | *The New Primary School Curriculum:* | Baile Átha Cliath, Educational Research Centre, 1977 |
| Forrai, K. | *Music in Preschool* | Budapest, Corvina, 1985 |
| Frazee, J. | *Discovering Orff* | New York, Schott, 1987 |
| Glover, J., agus Ward, S. | *Teaching Music in the Primary School* | London, Cassell, 1994 |
| Gray, A. | *The Popular Guide to Classical Music* | New York, Birch Lane, 1993 |
| Herron, D. | *Deaf Ears? A Report on the Provision of Music Education in Irish Schools* | Baile Átha Cliath, An Chomhairle Ealaíon, 1985 |

| | | |
|---|---|---|
| Hinckley, P., agus Hinckley, M. | *Let's Make Music* | London, Novello, 1992 |
| Hong Kong Education Department | *Handbook for Music Teachers in Primary Schools* | Hong Kong, Education Department, 1993 |
| McCarthy, M. | 'Irish Music Education and Irish Identity: A Concept Revisited' in *Oideas* | Iml. 45, 1997 |
| McNicol, R. | *Sound Inventions* | Oxford, Oxford University Press, 1992 |
| Mills, J. | *Music in the Primary School* | Cambridge, Cambridge University Press, 1991 |
| Ministry of Education, New Zealand | *Music Education for Young Children* | Wellington, Learning Media, 1993 |
| Northern Ireland Curriculum Council | *Music: Guidance Materials* | NICC, 1992 |
| O'Connor, N. | *Bringing It All Back Home* | London, BBC Books, 1991 |
| Odam, G., Culp, C., Eisman, L., agus Hoffman, M. | *Silver Burdett Music* | London, Simon and Schuster, 1989 |
| Ó Riada, S. | *Our Musical Heritage* | Baile Átha Cliath, Dolmen Press, 1982 |
| Paynter, J. | *Sound and Structure* | Cambridge, Cambridge University Press, 1992 |
| Purdy, A., Rowe, S., agus McIntyre, S. | *Absolutely Basic Choral Directing* | Auckland, New Zealand Choral Federation, 1995 |
| Roinn Oideachais | *Curaclam na Bunscoile, Cuid I* | Baile Átha Cliath, Roinn Oideachais, 1971 |
| Roinn Oideachais, Aonad Curaclaim | *Tuairisc ar Theagasc an Cheoil sna Bunscoileanna* | Baile Átha Cliath, Roinn Oideachais, 1983 |
| Scottish Office Education Department | *National Guidelines for Expressive Arts: 5—14* | Scottish Office Education Department, 1992 |

| | | |
|---|---|---|
| Spaeth, J. | 'Techniques for Vocal Health' in *Teaching Music, Music Educator's National Conference* | Iml. 4/4, 1997 |
| Stocks, M., agus Maddocks, A. | *Somerset Music Education Programme: Growing with Music* | Harlow, Longman, 1992 |
| Storr, A. | *Music and the Mind* | London, Harper-Collins, 1997 |
| Struthers, D. | *What Primary Teachers Should Know about Music for the National Curriculum* | London, Hodder and Stoughton, 1994 |
| Swanwick, K. | *A Basis for Music Education* | Windsor, NFER, 1979 |
| Swanwick, K. | *Music, Mind and Education* | London, Routledge, 1988 |
| Swanwick, K. | *Intuition, Analysis and Music Education* | London, Routledge, 1994 |
| Taylor, R., agus Andrews, G. | *The Arts in the Primary School* | London, Falmer Press, 1993 |
| Vajda, C. | *The Kodály Way to Music* | London, Boosey and Hawkes, 1981 |
| Wheway, D., agus Thomson, S. | *Explore Music through Art* | Oxford, Oxford University Press, 1993 |
| Wills, P., agus Peter, M. | *Music for All* | London, David Fulton, 1996 |


# Gluais

Glactar go coitianta leis na sainmhínithe laistíos mar shainmhínithe inoibrithe lena n-úsáid le curaclam na bunscoile agus leis na treoirlínte do mhúinteoirí.

| | |
|---|---|
| aiceann | an bhéim ar bhuille nó buillí i mbarra ar leith |
| armóin | dhá fhuaim nó níos mó a sheinntear nó a chantar le chéile |
| buille | an chuisle chothrom leanúnach sa cheol |
| cabasa | cnaguirlis, cruth sorcóireach uirthi agus í clúdaithe le sreanganna de choirníní miotail a chasann gan bac ar a dromchla cuarach chun díoscán a dhéanamh |
| comhartha ama | an comhartha suite ag tús an cheoil a chuireann líon na mbuillí i ngach barra in iúl |
| cliathnodaireacht | nótaí scríofa ar chliath chúig líne |
| cnagadh coirp | úsáid a bhaint as codanna éagsúla an choirp chun fuaimeanna agus rithimí éagsúla a chruthú, m.sh. greadadh bos, satailt srl |
| cnaguirlisí | uirlisí a bhuailtear nó a chroitear, m.sh. tambóirín, triantán; tugtar nóta sonrach ag tuinairde cheolchoirme do chnaguirlisí tiúnta; ní thugtar nóta sonrach do chnaguirlisí neamhthiúnta |
| comhdhéanamh | plean iomlán píosa ceoil, m.sh. AB: dhá roinn i gcodarsnacht |
| cuisle | an 'chuisle' bhunúsach sa cheol |
| diatonach | bunaithe ar na nótaí *d, r, m, f, s, l, t, d'* |
| dinimic | glór nó boige píosa ceoil, m.sh. suantraí—bog *(p)*, máirseáil—glórach *(f)* |
| dordán | nóta nó nótaí fada marthanacha |
| eochair na tribile nó G 𝄞 | an buanchomhartha tuinairde ag tús na cleithe chun an tuinairde bhuan darb ainm G a aithint |
| forshéis | páirt bhreise taobh thuas de líne na séise in eochair na tribile |
| gléaschomhartha | ag tús píosa ceoil taispeánann sé suíomh *doh* |
| idirchéim | an fad idir dhá nóta atá éagsúil ó thaobh tuinairde |
| lámhchomharthaí | gothaí a úsáidtear chun tuinairde i sólfá a chur in iúl |
| luas | luas na cuisle bunúsaí |

| | |
|---|---|
| méadar | an bunchnuasach de bhuillí i ngach barra ceoil, mar a léirítear sa chomhartha ama |
| mionscála | scála bunaithe ar na nótaí *l, t, d, r, m, f, si, l′*, ag tosú ar *lah* in ionad *doh*, agus an seachtú nóta géaraithe *(si)* |
| mír | roinn nádúrtha sa líne shéiseach; cosúil le habairt nó cuid d'abairt |
| mórscála | scála bunaithe ar na nótaí *d, r, m, f, s, l, t, d′* – ainm eile ar an scála diatonach |
| mothúchán | an cineál mothúcháin a chruthaítear trí cheol, m.sh. áthasach, brónach |
| ochtach | an fad idir nótaí den ainm céanna, ocht nóta níos airde nó níos ísle: m.sh. D, E, F, G, A, B, C, D |
| ostinato | patrún ceoil a athdhéantar go leantach—é rithimeach nó séiseach |
| rithim | réanna éagsúla fuaime, fada agus gearr |
| rothlam | séis amháin a ndéantar aithris bheacht uirthi ó thaobh tuinairde agus rithime líon ar bith de bhuillí níos déanaí; de ghnáth bíonn dhá mhír, trí mhír nó ceithre mhír inti agus athdhéantar í líon ar bith uaireanta. |
| scála módúil | scála bunaithe ar na nótaí den mhórscála ach ag tosú agus ag críochnú ar nóta seachas *dóh*; m.sh. *mód ré*: *r, m, f, s, l, t, d′, r′* |
| scála peinteatonach | scála chúig nóta: *d, r, m, s l,* ata in úsáid go foirleathan i gceol tíre. Tig le scálaí peinteatonach tosnú ar nóta ar bith: m.sh. is iad na nótaí *m, s, l, d, r,* atá i scála peinteatonach *mi*. Is féidir scála peinteatonach a sheinm ar nótaí dubha an phianó: m.sh. ag tosú ar F is iad na trí nótaí tosaigh le chéile ná *d, r, m,* agus an chéad dá nóta dubha eile ná *s* agus *l* |
| siollaí rithime | focail nó siollaí a úsáidtear chun ré a léiriú sa rithim |
| sioncóipiú | teagmhais aiceann nach bhfuiltear ag súil leo i gceol méadrach |
| slatnodaireacht | cineál luathscríbhneoireachta a úsáidtear chun rithim a bhreacadh síos go tapa agus go héasca; m.sh. léirítear croisín mar: ǀ agus camán mar: ↾ |

| | |
|---|---|
| **sólfá tonach** | ainmneacha tuinairde inaistrithe: *d, r, m, f, s, l, t, d'* |
| **sos** | easpa fuaime ar feadh achair shonraigh, de réir an chomhartha cheoil, m.sh. |



| | | | |
|---|---|---|---|
| sos<br>leathláin<br>4 bhuille | sos<br>minim<br>2 bhuille | sos<br>croisín<br>1 bhuille | sos<br>camáin<br>leathbhuille |

| | |
|---|---|
| **stíl** | tagraíonn sí do theaglaim de luas, tondath agus dinimic |
| **tondath** | an fhuaim shainiúil thréitheach a thugann uirlisí éagsúla ceoil, m.sh. trumpa, veidhlín |
| **tremoló** | athrá nóta amhaín nó iomlaoid dhá nóta go tapa |
| **tuinairde** | téarma a thagraíonn do cháilíocht airde-ísleachta d'fhuaim cheoil |
| **uigeacht** | tagraíonn sí do theaglamaí fuaimeanna: fuaimeanna singile nó fuaimeanna le chéile |

# Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon

Ullmhaíodh na treoirlínte seo faoi stiúir an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirligh** | Kieran Griffin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Michael O'Reilly | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Baill an choiste** | Eibhlín de Ceannt *(ó 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Evelyn Dunne-Lynch *(go 1995)* | Comhairle Náisúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Sarah Gormley *(ó 1995)* | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Michelle Griffin *(go 1996)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Sr Maria Hyland | Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna |
| | Maureen Lally-O'Donoghue | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Pádraig Mac Sitric | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Mulkerrins | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Emer Nic Aogáin *(go 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Páilín Nic Aogáin | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Kay O'Brien | Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais |
| | Noel Ó Ceallaigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Ruairí Ó Cillín | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Colum Ó Cléirigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Br Pádraig Ó Riain *(go 1995)* | Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna |
| | Gilllian Perdue *(go 1993)* | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Joy Shepherd | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Máire Uí Rinn | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Goretti Uí Thnúhail | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Oifigigh oideachais** | Ríona Ní Mhurchú | |
| | Catherine Walsh | |

# Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Tom Gilmore | |
| **Baill an choiste** | Séadhna de Blán (*ó 1995*) | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Glendenning (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Bunbhrainse |
| | Éamonn MacAonghusa (*go 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*) | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Peadar Ó Maoláin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Síle Ní Núnáin (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Eugene Wall | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| **Comhordaitheoir** | Caoimhe Máirtín (*go 1995*) | |
| **Leas-phríomhfheidhmeannach** | Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*) | |
| **Príomhfheidhmeannach** | Albert Ó Ceallaigh | |

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

# Buíochas


I ngeall ar an gcead a thug siad ábhair dá gcuid a úsáid, gabhann na foilsitheoirí buíochas leo seo thíos:

| *Uinéir cóipchirt* | *Ábhair* | *Leathanach* |
|---|---|---|
| Music Network, Baile Átha Cliath | Grianghraf de David Boyd as Kerry Music Report | 36 |
| An Áirc, Lárionad Cultúir na Leanaí, Baile Átha Cliath | Grianghraf de cheoltóir Síneach ag seinm ar an pipa | 60 |
| An Comhchoiste Réamh-scolaíochta | *Buail do Bhosa*<br>Let's All Sing, Folens | 66 |
| Choral Federation, Auckland, New Zealand | Aistriúchán bunaithe ar *Posture Rap* le Kenneth H. Phillips as Absolutely Basic Choral Directing (Purdy, Rowe and McIntyre) | 83 |
| Cór Náisiúnta na nÓg | Grianghraf de Chór Náisiúnta na nÓg | 88 |
| Córfhéile na Scoileanna | Grianghraf de Chórfhéile na Scoileanna | 89 |
| Colm Mac Lochlainn | *Chuala mé an Ghaoth*<br>Dánta Bunscoile 2, (Rang 5-6), Folens | 116 |
| | Cheirníní le caoinchead Contemporary Music Centre agus na bhfoilsitheoirí | 145 |
| Michael O'Reilly | Líníochtaí breise | |
| | Méarchliath | 99 |
| | Cnaguirlisí | 134 |
| | Lámhchomharthaí | 138 |
| Ríona Ní Mhurchú | Líníochtaí breise sa churaclam | |
| | Leon agus coileáin | 25 |
| | Muc agus bainbh | 25 |
| | Nodaireacht ghrafach | 27, 61, 80 |

Rinne na foilsitheoirí gach dícheall buíochas a ghabháil leis na húinéirí cóipchirt go léir ar baineadh úsáid as a gcuid ábhar. Mar sin, iarrtar ar aon úinéir cóipchirt nár aithníodh ábhar dá gcuid teagmháil a dhéanamh leis na foilsitheoirí.

Gabhann na foilsitheoirí buíochas leis na boird bhainisteoireachta, leis na príomhoidí, leis na múinteoirí agus leis na páistí sna bunscoileanna sin ar fud na tíre a chomhoibrigh leis an tionscadal seo trí chead agus chabhair a thabhairt chun grianghraif a thógáil.

| | |
|---|---|
| Aistritheoir | Micheál Cúc (Curaclam) |
| | Marc Ó Fionnáin (Treoirlínte) |
| Comhordaitheoir | Breandán Ó Coinghéallaigh |
| Eagarthóir | Nóirín Ní Nuadháin |

ISBN 0-7076-6317-2
9 780707 663173

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA